# Freagairt Ghrádaithe ar Riachtanais Speisialta Oideachais i Scoileanna Príomhshrutha

2025



Education

# Clár an Ábhair


Cad é an Fhreagairt Ghrádaithe? 5
An Múnla SPGMMA 8
Coigeartuithe Réasúnta 12
Pleanáil Inrochtaineachta 14
Plean Pearsanta Foghlama 20
Na Céimeanna sa tSoláthar Speisialta Oideachais 22
Measúnú Reachtúil 25
Cognaíocht agus Foghlaim 30
Folláine Shóisialta, Iompraíochta agus Mhothúchánach 55
Urlabhra, Teanga agus Cumarsáid 85
Céadfach 101
Colanda 156
Uathachas 171
Barúlacha an Pháiste a Lorg 201
Soláthar Speisialaithe i Scoileanna Príomshrutha 208
Seirbhís Síceolaíochta 212
Gluais 219

# Réamhrá

Tá **an tÚdarás Oideachais (ÚO)** tiomanta do thacaíocht a thabhairt do scoileanna agus suíomhanna oideachais le cuidiú leo na constaicí foghlama a bhíonn roimh pháistí agus daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a mhaolú. Cuireann na seirbhísí atá á soláthar againn go díreach le feidhmíocht oideachasúil inár scoileanna ar go leor bealaí, agus tá tionchar ag na seirbhísí ar dheiseanna saoil ár bpáistí agus daoine óga agus tá luachanna an ÚO mar bhonn fúthu - oscailteacht, meas, machnamh, freagracht, feabhas agus comhionannas.

Tá fís shoiléir ag ár bhfoirne tiomanta gairmithe: **le cuidiú agus le tacú le achan pháiste a ndícheall a dhéanamh.** Is é an sprioc atá ann seirbhísí oideachais den scoth a chur ar fáil do chách. Is gá go mbíonn **béim** i gcónaí ar na páistí agus na daoine óga a mbíonn tionchar againn ar a saolta achan lá. Tá muid **freagrach** daofa agus dá gcuid tuismitheoirí agus cúramóirí, a scoileanna, agus an pobal i gcoitinne.

*tagraíonn an téarma 'scoileanna' do gach scoil agus suíomh oideachais príomhshrutha.
*tagraíonn an téarma 'tuismitheoirí' do gach tuismitheoir/cúramóir agus caomhnóir

*Tá achan pháiste i dteideal oideachas atá fóirsteanach dá gcuid riachtanas, a chuireann ardchaighdeáin chun cinn agus a ligeann dóibh barr a gcumais a bhaint amach. Trí oideachas ar ardchaighdeán a fháil, ligtear do pháistí barr a gcumais a bhaint amach, a bheith muiníneach, saol sásúil a bheith acu, agus aistriú go dtí an chéad chéim eile dá saol scoile nó ar aghaidh go dtí go mbíonn siad ina ndaoine fásta. Tá na scoileanna ar fad ag feidhmiú i dtimpeallacht bheartais oideachais atá dea-fhorbartha agus cuimsitheach. San áireamh leis seo tá na beartais agus na straitéisí atá taobh thiar de chaighdeáin ardaithe, feabhsú scoile, aghaidh a thabhairt ar thearcghnóthachtáil agus gnóthachtáil íseal, soláthar a dhéanamh do riachtanais bhreise agus riachtanais speisialta oideachais.*

*(Dréachtchód Cleachtais Roinn 3)*

# Réamhrá

Déantar **freagairt ghrádaithe** a leagan amach agus a léiriú sa treoir seo, ar chóir do naíscoileanna, bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna í a leanúint, le freastal ar na riachtanais atá ag cuid de na foghlaimeoirí is leochailí atá againn. Déantar freastal ar riachtanais fhormhór na bpáistí agus na ndaoine óga a bhfuil riachtanais bhreise acu sa **fhreagairt ghrádaithe** atá ar fáil ina scoileanna príomhshrutha.

Leagtar amach inti an contanam foghlama do réimse riachtanas oideachais agus aithnítear samplaí inti de na cineálacha **idirghabhála agus tacaíochta** atá ar fáil sa tsoláthar oideachais uilescoile, le **teagasc agus foghlaim ar ardchaighdeán**, agus sainsoláthar seachtrach ó sheirbhísí an ÚO. Chomh maith leis sin, tugtar achoimre inti ar an dualgas **reachtúil** atá curtha ar an Údarás Oideachais le monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht an tsoláthair speisialta oideachais thar na céimeanna sa Chód Cleachtais de réir na freagartha **grádaithe**.

Tá fís an ÚO tiomanta don **tacaíocht cheart a chur ar fáil san áit cheart ag an am cheart** do gach páiste agus duine óg.

Agus an treoir seo á cur le chéile, smaoiníodh ar na prionsabail agus na próisis atá leagtha amach in **“Cód Cleachtais do Riachtanais Speisialta Oideachais” (2020, dréachtleagan.)** Ba chóir an cháipéis seo a úsáid mar phríomhthagairt le tacú leis an tsoláthar do pháistí agus daoine óga a bhfuil riachtanas speisialta oideachais acu, agus leis sin a fhorbairt.

*Léirítear “freagairt ghrádaithe” sna socruithe atá leagtha amach i Roinn 3, ar cheart do naíscoileanna, bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna í a leanúint le dul i ngleic le deacrachtaí foghlama páiste.*

*(Dréachtchód Cleachtais Roinn 3)*

*Le linn na cáipéise, tá go leor nasc díreach chuig acmhainní agus ábhair fhóinteacha.*

*Nuair a bheas tú cláraithe, cliceáil ar an **deilbhín** seo, ciallaíonn sé go bhfaighidh tú an cháipéis sa roinn nua **Cur i bhFeidhm RSOM agus Tacaíocht CRSO**, ar Thairseach Foghlama SFS an ÚO.*



# Is é atá luaite sa Dréachtchód Cleachtais RSO...

Soláthraítear contanam an tsoláthair oideachais uilescoile agus an tsoláthair speisialta oideachais trí thimthriall leanúnach córasach ina bhfuil **sainaithint, pleanáil, gníomhú, monatóireacht, meastóireacht agus athbhreithniú** ón scoil le cur ar chumas na bpáistí ar fad a bheith ag foghlaim agus ag dul chun cinn, iad siúd a bhfuil RSO acu san áireamh.(Dréachtchód Cleachtais - Roinn 3)

(Dréachtchód Cleachtais - Roinn 3)

Léirítear **freagairt ghrádaithe** in achan chéim de na próisis leanúnacha chórasacha, atá dírithe ar an tsoláthar oideachais speisialta a aithint. Bíonn dea-thionchar aige seo ar pháistí, rud a chiallaíonn go ndéanann na páistí dul chun cinn agus bíonn torthaí níos fearr acu.

(Dréachtchód Cleachtais - Roinn 3)

Tá cur i bhfeidhm coigeartuithe réasúnta i gceist le soláthair speisialta oideachais (gnáthdhifreáil san áireamh), chomh maith le **straitéisí agus cuir chuige bHreise teagaisc agus foghlama**, agus tacaíocht foghlama a bhaineann leas as mapa soláthair oideachais speisialta na scoile.

(Dréachtchód Cleachtais - Roinn 3)

**Tabhair fá deara:** Chomh maith leis an Chód Cleachtais, ba chóir do scoileanna leas a bhaint as treoir ar bith ón ÚO (nó eile) le cuidiú le hiniúchadh, pleanáil, cur i bhfeidhm, agus athbhreithniú ar mhapáil soláthair oideachais speisialta.

# Cad é an Fhreagairt Ghrádaithe?

Faigheann tromlach na ndaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus daltaí faoi mhíchumas a gcuid oideachais i suíomhanna príomhshrutha. An **Fhreagairt Ghrádaithe** is ea an próiseas ba cheart do scoileanna a chur i bhfeidhm agus **riachtanais na bpáistí agus na ndaoine óga á meas acu**, agus an soláthar cuí a dhéanamh. Ba chóir go n-éireoidh an soláthar níos déine de réir mar a théann an páiste/an duine óg trí chéimeanna an Chóid Chleachtais.

Cuirtear **timthriall leanúnach** ar fáil ann le **sainaithint, pleanáil, gníomhúmonatóireacht, meastóireacht agus athbhreithniú** a dhéanamh mar fhreagra ar an dul chun cinn a dhéanann an páiste/an duine óg ó thaobh foghlama de.

Leagtar amach sa fhreagairt ghrádaithe **na céimeanna ba cheart do scoileanna a chur i bhfeidhm** sula ndéanfaidh siad cinneadh ar leibhéal an tsoláthair atá de dhíth le tacú le páiste/duine ó a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aige. Tá **soláthair oideachais uilescoile agus soláthair speisialta oideachais** i gceist leis an chontanam foghlama seo.  Déantar cur síos ann ar achan chéim ba cheart don scoil a ghlacadh sula ndéanfaidh siad cinneadh le comhairle a fháil ó ghníomhaireacht sheachtrach.

Agus pleanáil chúramach i bhfeidhm **('Mapáil Soláthair Speisialta Oideachais')**, thig le cleachtóirí idirghabhálacha éifeachtacha a fhorbairt gan saineolas.



**Cuirfear barúlacha an pháiste/an duine óig san áireamh in achan chéim den phróiseas.**

## Cad é an Fhreagairt Ghrádaithe?

**Tá réimse straitéisí i gceist leis an chur chuige ghrádaithe, agus tá roinnt prionsabal lárnach mar bhonn taca fúthu.**

- Tá gach páiste/duine óg i dteideal teagasc agus foghlaim ar ardchaighdeán
- Thig le gach páiste/duine óg foghlaim agus dul chun cinn a dhéanamh
- Tá an scoil ar fad freagrach as RSO, agus tá achan mhúinteoir ina mhúinteoir RSO
- Ní soláthar RSO é curaclam difreáilte - ba cheart deiseanna foghlama difreáilte a thabhairt do gach foghlaimeoir.
- Ba chóir go mbeadh an soláthar do pháiste/duine óg a bhfuil RSO aige ag teacht lena chuid riachtanais
- Ba cheart taifead rialta a dhéanamh ar RSO an páiste/an duine óig sa 'Plean Pearsanta Foghlama' (PPF). Is é atá i gceist leis an phróiseas PPF ná spriocanna a leagan amach, soláthar a mhapáil agus straitéisí nó gníomhartha a aithint le cuidiú leis an pháiste/an duine óg dul chun cinn a dhéanamh. Déanfaidh an scoil monatóireacht, meastóireacht agus athbhreithniú ar éifeachtacht/tionchar an tsoláthair agus na torthaí a bhaintear amach ar mhaithe le pleanáil don todhchaí.

# Is é atá i dTimthriall an tSoláthair:

**Sainaithint**

Nuair a bhíonn deacrachtaí foghlama ag dalta, déanfaidh an múinteoir a riachtanais a mheas, bunaithe ar bhreathnóireacht, breithiúnas proifisiúnta, scrúduithe foirmiúla agus neamhfhoirmiúla agus an taithí atá acu leis an dalta. Cuideoidh sé seo leis an mhúinteoir riachtana(i)s tosaíochta an dalta a **shainaithint**.

**Ba chóir do scoileanna barúlacha na dtuismitheoirí agus na ndaltaí a fháil le linn an phróisis seo i gcónaí.**

**Pleanáil**

Ba chóir go mbeadh achan mhúinteoir agus an fhoireann tacaíochta a oibríonn le dalta ar an eolas fána riachtanais. Ba chóir go mbeadh an soláthar atá le cur i bhfeidhm san áireamh leis an **phleanáil** le cuidiú leis an dalta dul chun cinn a dhéanamh.

**Gníomhú**

Ba chóir **gníomhartha** ina bhfuil teagasc ar ardchaighdeáin agus/nó soláthar pleanáilte a chur i bhfeidhm le tacú leis an dalta dul chun cinn a dhéanamh.

**Monatóireacht**

Taobh istigh d'achar ama aontaithe, is gá **monatóireacht** ghéar a dhéanamh ar an ghníomh/soláthar le fáil amach an bhfuil dul chun cinn éifeachtach á dhéanamh ag an dalta. Ba chóir do scoileanna úsáid a bhaint as fianaise, breathnóireacht, sonraí (m.sh. measúnuithe leanúnacha, torthaí trialacha caighdeánaithe nó próifílí) le cuidiú leis an **mhonatóireacht**.

**Meastóireacht**

Déanfaidh scoileanna anailís ar thionchar an ghnímh/an tsoláthair atá curtha i bhfeidhm don dalta. Déanfaidh siad dul chun cinn an dalta a **mheas**, feabhsú a scrúdú agus cuimhneoidh siad ar réimsí eile a bhfuil aghaidh le tabhairt orthu.

**Athbhreithniú**

Ba chóir do scoileanna **athbhreithniú**, mionchoigeartú agus leasú a dhéanamh ar a gcinneadh maidir leis an tsoláthar atá de dhíth de réir mar a théann siad i dtaithí ar riachtanais an pháiste. Is gá smaoineamh ar an mhodh is éifeachtaí le cuidiú leis an dalta torthaí maithe a bhaint amach.


**Ba chóir cinntí ón athbhreithniú a dhéanamh i gcomhar leis an dalta agus an tuismitheoir.**

# An Múnla SPGMMA

## 2 Pleanáil agus Gníomhú

Smaoinigh ar straitéisí, idirghabháil agus soláthair is féidir a úsáid ag leibhéal uilescoile agus ag céimeanna 1 go 3 sa Chód Cleachtais.

**Cad é a dhéanfaidh muid le freastal ar an riachtanas sainaitheanta seo?**




## 3 Monatóireacht, Meastóireacht agus Athbhreithniú

Déan Monatóireacht, Meastóireacht agus Athbhreithniú ar an dul chun cinn atá déanta taobh istigh d'achar ama socraithe, ag díriú ar straitéisí éifeachtacha agus tionchar an tsoláthair leis an dul chun cinn a mheas agus na chéad chéimeanna eile a aontú.

**Cad é atá ag dul go maith?**
**Cad é atá ina chuidiú?**
**Cad é nach bhfuil ag dul go maith?**
**Cad é a bheadh ina chuidiú?**

## 1 Sainaithint

Smaoinigh ar tháscairí na riachtanas taobh istigh de gach catagóir RSO, ag cuidiú le riachtanais tosaíochta foghlama an pháiste/an duine óig a shainaithint.

**Cad é atá de dhíth ar an dalta seo díreach anois?**

Ba chóir an fhormáid seo a leanas a úsáid ag achan chéim den tsoláthar: **'Sainaithint, Pleanáil, Gníomhú, Monatóireacht, Meastóireacht & Athbhreithniú' (SPGMMA)**.

# Soláthar Oideachais Uilescoile (SOU)

Tá cur chuige agus éiteas **uilsecoile** le cleachtadh cuimsitheach a chur chun cinn lárnach sa freagairt ghrádaithe. Tá soláthair oideachais uilescoile ag tús chontanam an tsoláthair oideachais. Ba chóir do gach múinteoir a **bhreithiúnas proifisiúnta** a úsáid leis na cumais, na hinniúlachtaí, na suimeanna agus na riachtanais éagsúla atá ag na daltaí **a aithint agus a fhreagairt**, bunaithe ar **bhreathnóireachtaí**, **measúnuithe** agus **tuiscint** ar an pháiste. Ba chóir dóibh é seo a dhéanamh trí theagasc agus foghlaim ina gcuirtear contanam tacaíochta ar fáil. Aithnítear sna socruithe ginearálta seo i scoil **go bhfuil achan pháiste difriúil**, go mbíonn siad **ag foghlaim ar bhealaí éagsúla** agus ar **luasanna éagsula**.



**Beidh na rudaí seo i gceist le soláthar uilescoile:**

- Úsáid a bhaint as réimse leathan straitéisí, difreáil éifeachtach agus deiseanna éagsúla foghlama
- Cuir chuige difriúla a úsáid ó thaobh teagaisc agus straitéisí foghlama de
- Cuidiú a chur ar fáil taobh istigh de chreatlach an churaclaim
- Cleachtas ranga éifeachtach le tacú le raon inniúlachtaí na bpáistí sa rang
- Leagan amach an tseomra ranga a phleanáil le riar ar na foghlaimeoirí ar fad

# Teagasc ar Ardchaighdeán

**Soláthar an teagaisc ar ardchaigheán is ea an chéad chéim sa fhreagairt ar dhaltaí a bhfuil RSO acu ag leibhéal uilescoile.**


Tá sé ríthábhachtach **a chinntiú go bhfuil tacaíocht ag achan mhúinteoir** le teagasc ar ardchaighdeán a sholáthar le go dtig leis na daltaí ar fad na torthaí is fearr a bhaint amach, go háirithe na páistí atá faoi mhíbhuntáiste.

Seo iad cuid de na gnéithe a bhaineann le teagasc ar ardchaighdeán: **spriocanna uailmhianacha a shocrú**, **dul chun cinn** agus torthaí maithe a chur chun cinn, **eolas maith ar an ábhar agus ar an churaclam** a léiriú, **ceachtanna atá leagtha amach go maith a phleanáil** agus **a theagasc**, an teagasc a chur in oiriúint do dhaltaí éagsúla, úsáid chruinn a bhaint as **measúnuithe** le seiceáil fá choinne tuigbheála, agus **iompar a bhainistiú** go héifeachtach fá choinne timpeallacht shábháilte foghlama. Understanding Adaptive Teaching

"**Ní** soláthair speisialta oideachais é gnáthdhifreáil sa churaclam agus tacaíocht foghlama trí sholáthar oideachais a bhaineann le teagasc ar ardchaighdeán **le riar ar na cumais agus na hinniúlachtaí éagsúla** sa tseomra ranga (coigeartuithe réasúnta agus tacaíocht foghlama san áireamh) (*Dréachtchód Cleachtais, roinn 3*).


SFS ÚO (Freagairt Ghrádaithe/SOU/Fillteán SSO, Bunscolaíocht/Iar-bhunscolaíocht)



## Indéanta

Ag cinntiú go dtugtar tascanna do gach dalta atá fóirsteanach dá leibhéal cumais agus gnóthachtáil.



## Inbhainte amach

Deiseanna teagaisc agus foghlama a chur i láthair sa dóigh is go dtig le daltaí an méid atá ar eolas acu, an méid a thuigeann siad, agus an méid atá siad ábalta a dhéanamh a léiriú.



## Spreagúil

Ag ligint do dhaltaí a bheith rathúil sa dóigh is go mothaíonn siad go raibh an t-eispéireas foghlama fiúntach.

# Na tosca a d’fhéadfadh a bheith ag dul i bhfeidhm ar fhoghlaim an pháiste sa tsoláthar oideachais uilescoile

Más rud é nach bhfuil dul chun cinn á dhéanamh ag páiste ó thaobh foghlama de, ba chóir don scoil smaoineamh ar na tosca seo as siocair nach mbíonn na deacrachtaí ar fad a bhíonn ag páiste ag baint le riachtanais speisialta oideachais i gcónaí. **Dá luaithe a shainaithníonn agus a théann scoil i ngleic leis** na tosca a d’fhéadfadh drochthionchar a bheith acu ar oideachas agus foghlaim, **is ea is freagrúla a bheas an páiste/an duine óg**.  Is minic a bhíonn tosca ag dul thar a chéile.



- Éisteacht/Amharc/ Riachtanais chógais/ Míchumas
- Páistí i gcúinsí ar leith
- Tearcghnóthachtáil
- Tinreamh
- Caidrimh le comhaoiseanna
- Cúinsí teaghlaigh

# Coigeartuithe Réasúnta

- Tá an dualgas coigeartuithe réasúnta dlite do gach páiste faoi mhíchumas, téann sé i bhfeidhm ar gach polasaí, nós imeachta, agus cleachtas. San áireamh leis, tá **cainteanna tráthúla** le tuismitheoirí agus daltaí, **faisnéis a bhailiú** ón ÚO agus/nó ón ISCS nuair is cuí.
- Is iad coigeartuithe réasúnta na rudaí a dhéanann scoil sa dóigh **nach gcuireann** siad dalta (nó dalta ionchasach) **faoi mhíbhuntáiste** i gcomparáid leis na daltaí eile.
- **Ba chóir a thabhairt fá deara nach bhfuil sainmhíniú comhionann ann maidir leis an chiall atá le 'réasúnta', beidh sé seo ag brath ar chomhthéacs an tsuímh scoile ar leith chomh maith le riachtanais an pháiste atá faoi mhíchumas.**

*(Dréachtchód Cleachtais roinn 3)*

## Cá bhfuil coigeartuithe réasúnta i bhfeidhm?

- Teagasc agus Foghlaim
- An curaclam
- Leagan amach an tseomra ranga
- Am sosa agus am lóin
- Polasaithe na scoile
- Éide scoile
- Clubanna agus gníomhaíochta na scoile
- Obair bhaile
- Socruithe measúnaithe agus scrúdaithe
- Sceidealú
- Turais scoile


**...saol iomlán na scoile**

*"*

***Tá an riachtanas le coigeartuithe réasúnta a dhéanamh i bhfeidhm má tá RSO bainteach ag an pháiste fosta agus muna bhfuil.***

***Is réamhriachtanas agus riachtanas frithghníomhach é. Bíonn míchumas ar a lán páistí a bhfuil RSO acu, ach ní bhíonn RSO ag achan pháiste a bhfuil míchumas air***

***(Dréachtchód Cleachtais roinn 3)***



# Coigeartuithe Réasúnta a Dhéanamh i Scoil

In amanna, is é atá i gceist le tacaíocht ná ‘coigeartuithe réasúnta’ agus **rudaí a dhéanamh ar bhealach difriúil**. San áireamh leis, thiocfadh dó go mbeadh áit shábháilte/seomra ciúin don pháiste, rogha chúramach a dhéanamh i dtaca le suíochán an pháiste sa rang, cuidiú breise nó trealamh speisialaithe.


**Úsáideann Ben cosantóirí cluas nuair a bhíonn an seomra callánach**

**Lisa**

**Tá lagú radhairc ar Emma agus suíonn sí agus a droim leis an fhuinneog**

**Finn**

**Úsáideann Megan seomra na gcéadfaí le cuidiú léi socrú síos**



# Pleanáil Inrochtaineachta

**Ba chóir do scoileanna agus an tÚO an treoir atá ar fáil i gCód Leithcheala Míchumais an Choimisiúin Chomhionannais (3:12) a chur san áireamh.**

[Cód Cleachtais Leithcheala Míchumais do Scoileanna]

**Pleanáil Inrochtaineachta**

Faoin *Special Educational Needs and Disability (Northern Ireland) Order 2005* (education-ni.gov.uk) **Forlíonadh don Chód Cleachtais,** bíonn plean inrochtaineachta de dhíth ar scoileanna lena léiriú an dóigh a bhforbraíonn agus a bpleanálann an Bord Gobharnóirí rochtain na ndaltaí faoi mhíchumas ar oideachas thar na trí réimse seo a leanas:

**Pleanáil Inrochtaineachta - Treoirleabhar**
**Pleanáil Inrochtaineachta - Bileog**
**Pleanáil Inrochtaineachta - Leagan Soléite**



## An timpeallacht fhisiciúil

Réamhdhualgas le rochtain ar áitreabh na scoile a fheabhsú, scéimeanna soilse agus péinte le cuidiú le páistí a bhfuil lagú radhairc orthu, ardaitheoirí agus rampaí le cuidiú le páistí a bhfuil máchail fhisiciúil orthu, brat urláir agus tíleanna fuaim-mhaolaithe le cuidiú le páistí a bhfuil laige éisteachta orthu.



## Rochtain ar fhaisnéis

Is féidir fhaisnéis a chuirtear ar fáil i scríbhinn de ghnáth (amhail bileoga, cláir ama agus téacsleabhair) a dhéanamh níos inrochtana ach í a sholáthar i mBraille, i gcló mór, i bhformáid fuaime, nó mar chóras comharthaí agus siombailí.



## An curaclam

I measc na gcoigeartuithe a chuideodh le páistí atá faoi mhíchumas rochtain níos fearr a fháil ar an churaclam, tá athruithe ar na socruithe teagaisc agus foghlama, leagan amach an ranga, sceidealú, tacaíocht ó dhaltaí eile, agus curaclam na scoile.

# Taifead Imní



In amanna, nuair a shainaithnítear go bhfuil tacaíocht de dhíth ar pháiste nó duine óg, is é an chéad chéim don scoil ná **Taifead Imní** a chur le chéile. Leagtar amach sa cháipéis seo na deacrachtaí atá ag an pháiste/an duine óg agus tugtar aghaidh ar an dóigh a gcuirfidh an scoil tacaíocht i bhfeidhm don pháiste/duine óg. Tá plé leis an pháiste/an duine óg agus a dtuismitheoirí san áireamh leis an phróiseas seo. I ndiaidh amscála aontaithe, déanfar athbhreithniú ar an dul chun cinn, agus déanfar cinneadh ar ceart an páiste/an duine óg a chur ar chlár RSO na scoile.

- Taifead Imní - Teimpléad
- "Where there is a concern" Sreabhchairt agus Seicliosta

# Sainmhíniú ar RSO

Tugtar sainmhíniú ar an chiall atá le **riachtanais speisialta oideachais** agus **soláthar speisialta oideachais** san Ordú Oideachais (Tuaisceart Éireann) 1996.

*Tá **deacracht foghlama ag páiste má:***

*(a) tá sé **i bhfad níos deacra aige a bheith ag foghlaim** ná ag tromlach na bpáistí eile atá ar comhaois leis, agus/nó*

*(b) tá **míchumas air a choisceann nó a chuireann bac air** úsáid a bhaint as áiseanna coitianta oideachais a bhíonn in úsáid ag páistí ar comhaois leis i ngnáthscoileanna.*

*Tá riachtanais speisialta oideachais ag páiste má tá deacracht foghlama aige a chiallaíonn go bhfuil soláthar speisialta oideachais de dhíth air.*




# Speisialta Oideachais Soláthar

Taobh istigh den Chreatlach RSO, agus fadhb shláinte, míchumas, nó moill forbartha á haithint, is é **deacracht foghlama an pháiste/an duine óig an fáth a ndéantar soláthar speisialta oideachais** agus tá freagra an pháiste/an duine óig ar an tsoláthar sin ríthábhachtach.

Is soláthar speisialta oideachais é soláthar oideachais a dhéantar **ar bharr nó atá difriúil leis** an tsoláthar oideachais a dhéantar de ghnáth do pháistí eile ar comhaois i scoileanna príomhshrutha.

Tá **cur i bhfeidhm coigeartuithe réasúnta** i gceist le soláthair speisialta oideachais (gnáthdhifreáil san áireamh), chomh maith le **straitéisí/cuir chuige teagaisc** agus foghlama, agus tacaíocht foghlama a bhaineann leas as mapa soláthair speisialta oideachais na scoile.




***Príomhacmhainn do scoil is ea mapa na scoile dá soláthar speisialta oideachais faoi gach ceann de na cúig Chatagóir uileghabhálacha RSO, is féidir leis an scoil leas a bhaint as le soláthar speisialta oideachais an pháiste a shocrú.***

**(Dréachtchód Cleachtais: Roinn 3)**

# Soláthar Speisialta Oideachais (Mapáil Soláthair)

## Ba chóir don eolas taobh istigh de mhapa an tsoláthar oideachais speisialta:


- A bheith taifeadta go cruinn leis an tacaíocht RSO a chuir an scoil ar fáil a chlárú
- An tionchar a bhí ag an tsoláthar a léiriú
- A bheith scaipthe ar fud na scoile le húinéireacht uilescoile a chur chun cinn
- A bheith nuashonraithe uair sa bhliain ar a laghad, le dea-chleachtas agus riachtanais na bpáistí/na ndaoine óga a léiriú
- **Na cineálacha soláthair speisialta oideachais a chuirtear ar fáil le tacú leis na trí chéim den Chód Cleachtais a mhapáil.**
- A bheith forbartha bunaithe ar na cúig Chatagóir uileghabhálacha RSO mar atá leagtha amach i dtreoir na RO 2019 RSO agus Catagóirí Leighis
    - Cognaíocht agus Foghlaim
    - Folláine Shóisialta, Iompraíochta agus Mhothúchánach
    - Urlabhra, Teanga agus Cumarsáid
    - Céadfach
    - Colanda




Féach na naisc thíos fá choinne tuilleadh acmhainní agus faisnéise maidir le Mapáil Soláthair:

- Treoir do Bhunscoileanna/Iar-bhunscoileanna - Mapáil Soláthair
- Sampla de Mhapa Soláthair
- Sampla de Mhapa Soláthair d'Iar-bhunscoileanna

# Múnla Soláthar na Freagartha Grádaithe




**EOCHAIR:**
**SSO** - Soláthar Speisialta Oideachais
**SOU** - Soláthar Oideachais Uilescoile

**Tabhair fá deara: Aithnítear go mbeidh castachtaí na riachtanas soiléir do roinnt páistí ón tús agus go mbeidh gá le gníomhú gasta, ag bogadh láithreach le soláthar seachtrach nó measúnú reachtúil a iarraidh; beidh sé seo bunaithe ar bhreithiúnas proifisiúnta na scoile den chuid is mó, a bhfuil teagmháil laethúil acu (roinn 3 Dréachtchód Cleachtais)**

# Plean Pearsanta Foghlama (PPF)

Leagtar clár amach sa PPF den tsoláthar speisialta oideachais do gach páiste a bhfuil RSO aige agus a bhfuil soláthair speisialta oideachais de dhíth air. Cuireann PPF síos ar na deacrachtaí a bhíonn ag páiste/duine óg agus cad é atá an scoil a dhéanamh le riar ar a gcuid riachtanas.

Sainaithnítear go bhfuil RSO ag páiste/duine óg mar tá soláthar speisialta oideachais de dhíth air



Cuir an páiste/an duine óg ar an chlár RSO



Ullmhaigh PPF agus déan athbhreithniú air.

Faigh barúlacha na dtuismitheoirí agus an pháiste/an duine óige agus mínigh cuspóir an PPF



# Plean Pearsanta Foghlama (PPF) - Ábhar

**San áireamh leis an PPF, tá:**

- Spriocanna leagtha amach fá choinne, nó in i gcomhar leis an pháiste/an duine óg
- Straitéisí teagaisc agus acmhainní atá le húsáid
- An soláthar speisialta oideachais atá le déanamh
- Barúlacha an pháiste/an duine óig agus an tuismitheora
- Eolas ábhartha maidir le measúnuithe scoile an pháiste (más cuí)
- Socruithe monatóireachta agus measúnaithe
- An dul chun cinn atá déanta ag an pháiste/an duine óg mar gheall ar an tsoláthar speisialta oideachais atá déanta dó
- 
  - Micreashuíomh PPF CCSM
  - **Dréachtchód Cleachtais RSO**

- **PPF - Leagan Soléite**
- **Leabhrán do Thuismitheoirí/Cúramóirí**
- **Leabhrán do Dhaoine Óga**

# Na Céimeanna sa tSoláthar Speisialta Oideachais

| Céim 1<br>Soláthar a Dhéantar ar Scoil | Céim 2<br>Soláthar speisialta oideachais a dhéantar ar scoil agus soláthar seachtrach | Céim 3<br>Ráiteas ar Riachtanais Speisialta Oideachais |
|---|---|---|
| I ndiaidh plé leis an tuismitheoir, nó an páiste/duine óg, tá an múinteoir, ag obair leis an Chomhordaitheoir Tacaíochta Foghlama (CTF), i ndiaidh a shainaithint gur gá don scoil soláthair speisialta oideachais a dhéanamh don pháiste/duine óg.<br>Sreabhchairteacha agus Seicliostaí an RO | Bogfaidh an páiste/duine óg go dtí céim 2 nuair a bheas soláthar speisialta oideachais seachtrach ar bith á chur i bhfeidhm Ag céim 2, beidh dlúth-rannpháirtíocht idir an tÚO/Sláinte agus an scoil. Leanfaidh an scoil ar aghaidh de bheith ag baint úsáid iomlán as an réimse straitéisí agus soláthair taobh istigh de mhapa soláthair speisialta oideachais na scoile, a gcuireann an tÚO agus/nó Sláinte leis chun dul chun cinn a dhéanamh.<br>Sreabhchairteacha agus Seicliostaí an RO | Bogfaidh an páiste/duine óg go dtí céim 3 nuair a bheas ráiteas ar Riachtanais Speisialta Oideachais i bhfeidhm. Tá soláthair speisialta oideachais scoilbhunaithe agus ón ÚO i gceist le céim 3, chomh maith le cóireáil nó seirbhís ábhartha ar bith atá sainaitheanta ag Iontaobhas SCS.<br>Sreabhchairteacha agus Seicliostaí an RO |
| Taobh istigh den fhreagairt ghrádaithe le dul i ngleic le RSO páiste/duine óig, an chuid is mó den am, déanfar dul chun cinn trí chéim 1. | Tá an próiseas measúnaithe reachtúil ón ÚO san áireamh le céim 2. Agus an tÚO ag machnamh ar cheart dóibh measúnú reachtúil a dhéanamh agus, má shíltear gurbh fhiú sin, le linn phróiseas an mheasúnaithe reachtúil, ba cheart don scoil PPF an pháiste a chur i bhfeidhm, agus ba cheart monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh air. | Tá an scoil go fóill freagrach as foghlaim laethúil an pháiste, ag roinnt na freagrachta leis an ÚO agus, nuair is cuí, leis an Iontaobhas SCS.<br>Leanfaidh an páiste ar aghaidh ag céim 3 agus gheobhaidh sé tacaíocht go dtí go gcinnfidh an tÚO nár chóir an ráiteas a choinneáil ag dul... Má chineann an tÚO nach bhfuil ráiteas de dhíth ar an pháiste a thuilleadh, rachaidh an páiste ar ais go dtí céim 2 nó céim de réir threoir an ÚO (roinn na scoileanna sa Dréachtchód Cleachtais) |

# Cad é a tharlaíonn ag achan chéim?

| | Céim 1 | Céim 2 | Céim 3 |
|---|---|---|---|
| **Sainaithint** | • Sainaithnítear gur gá an páiste/an duine óg a chur ar chlár RSO na scoile. Tá an páiste/an duine óg agus an tuismitheoir mar chuid den chinneadh seo<br>• Sainaithnítear an catagóir/na catagóirí cuí uileghabhálacha RSO | • Cuirtear an páiste/an duine óg ag céim 2 ar chlár RSO na scoile anois<br>• Déanann an scoil taifead ar chatagóir bhreise RSO ar bith | • Cuirtear an páiste/an duine óg ag céim 3 ar chlár RSO na scoile anois<br>• Déanann an scoil taifead ar chatagóir bhreise RSO ar bith ar ráiteas an pháiste/an duine óig |
| **Pleanáil** | • Ullmhaítear PPF leis an chatagóir (nó na catagóirí) RSO a léiriú<br>• Baineann an scoil úsáid as a mapa soláthair speisialta oideachais le leas a bhaint as soláthar cuí<br>• Cruthaíonn an scoil spriocanna PPF agus cuireann sí straitéisí i bhfeidhm le tacú leis an pháiste/duine óg. | • Déantar an PPF a nuashonrú lena léiriú go bhfuil an páiste anois ag céim 2 agus ba chóir go dtaifeadfar an soláthar seachtrach atá á chur i bhfeidhm ann le cur leis an tsoláthar speisialta oideachais a chuireann an scoil ar fáil.<br>• I gcomhar leis an tseirbhís sheachtrach, cruthaíonn an scoil spriocanna PPF agus cuireann sí straitéisí i bhfeidhm le tacú leis an pháiste/duine óg. | • Déantar an PPF a nuashonrú lena thaifeadadh go bhfuil an páiste anois ag céim 3 agus le hábhar an ráitis a léiriú i suíomh na spriocanna bunaithe ar chuspóirí an tsoláthair speisialta oideachais.<br>• San áireamh leis an PPF, tá nádúr agus cuspóir sholáthar an ÚO, mar aon le seirbhís/cóireáil ábhartha ar bith a chuireann an tIontaobhas SCS ar fáil, agus soláthar breise nó leasuithe a dhéantar ar an churaclam, de réir mar atá siad miondealaithe sa ráiteas.<br>• Agus cuspóirí an ráitis curtha san áireamh, déanfaidh an scoil pleanáil le go ndéanfaidh an tÚO/Sláinte soláthar breise<br>• Ansin, cruthóidh an scoil spriocanna nua PPF agus cuirfidh sí straitéisí i bhfeidhm le tacú leis an pháiste/duine óg. |
| **Gníomhú** | • Déanfaidh achan duine a sholáthraíonn don pháiste na gníomhartha a chur i bhfeidhm de réir mar atá aontaithe sa PPF | • Déanfaidh achan duine a sholáthraíonn don pháiste na gníomhartha a chur i bhfeidhm de réir mar atá aontaithe sa PPF | • Déanfaidh achan duine a sholáthraíonn don pháiste na gníomhartha a chur i bhfeidhm de réir mar atá aontaithe sa PPF |

# Cad é a tharlaíonn ag achan chéim?

| | Céim 1 | Céim 2 | Céim 3 |
|---|---|---|---|
| **Monatóireacht/ Meastóireacht** | • Déanfar monatóireacht agus athbhreithniú rialta ar na gníomhartha atá beartaithe | • Leanfaidh an scoil agus an tÚO/ISCS den mhonatóireacht agus den athbhreithniú rialta ar na gníomhartha atá beartaithe | • Leanfaidh an scoil agus an tÚO/ISCS den mhonatóireacht agus den athbhreithniú rialta ar na gníomhartha atá beartaithe |
| **Athbhreithniú** | • Ba chóir go mbeadh eolas sa PPF a léiríonn ar bhain an dalta na spriocanna amach, an raibh na straitéisí a cuireadh i bhfeidhm ag baint le hábhar agus/nó fóirsteanach, an raibh an soláthar a rinneadh éifeachtach<br>• An chéim chuí den Chód Cleachtais a phlé agus a shocrú, agus tionchar an tsoláthair<br>• I gcás nach ndéanann an páiste dul chun cinn cé gur cuireadh réimse iomlán na straitéisí agus na gcur chuige i bhfeidhm i dtaca le mapa soláthair speisialta oideachas na scoile, is féidir smaoineamh ar iarratas a dhéanamh ar sholáthar seachtrach. Ba chóir go mbeadh an príomheolas/fianaise de ghníomhartha na scoile sa PPF chun eolas a dhéanamh don iarratas | • Ba chóir go mbeadh eolas sa PPF a léiríonn ar bhain an dalta na spriocanna amach, an raibh na straitéisí a cuireadh i bhfeidhm ag baint le hábhar agus/nó fóirsteanach, an raibh an soláthar a rinneadh éifeachtach (scoilbhunaithe agus seachtrach).<br>• An chéim chuí den Chód Cleachtais a phlé agus a shocrú, agus tionchar an tsoláthair<br>• Rachaidh go leor daltaí ar aghaidh trí sholáthar chéim 2 agus i ndiaidh tréimhse tacaíochta, ní bheidh an soláthar seachtrach de dhíth<br>• I gcás nach ndéanann an páiste dul chun cinn, cé gur baineadh leas as tacaíocht sheachtrach, is féidir smaoineamh ar iarratas a dhéanamh ar mheasúnú reachtúil. | • Ba chóir go mbeadh eolas sa PPF a léiríonn ar bhain an dalta na spriocanna amach, an raibh na straitéisí a cuireadh i bhfeidhm ag baint le hábhar agus/nó fóirsteanach<br>• Smaoineofar san athbhreithniú an bhfuil an soláthar a chuireann an scoil agus an tÚO ar fáil éifeachtach ag riar ar riachtanais an pháiste/an duine óig.<br>• Beidh an t-athbhreithniú ar an PPF mar bhonn faoin eolas oideachais le tacú leis an athbhreithniú bhliantúil ar an ráiteas |

# Measúnú Reachtúil: Ceisteanna Coitianta

## Cá huair a dhéantar Measúnú Reachtúil ar pháiste nó duine óg?

Seans go ndéanfar Measúnú Reachtúil ar pháiste nó duine óg nuair nach féidir riar ar a riachtanais oideachais leis na hacmhainní atá ar fáil sa scoil phríomhshrutha (céim 1 den Chód Cleachtais) agus le cuidiú breise ó sheirbhísí tacaíochta (céim 2 den Chód Cleachtais).

De ghnáth, iarrtar measúnú reachtúil i ndiaidh tréimhse de thacaíocht leanúnach, nuair nach bhfuil dul chun cinn sásúil á dhéanamh ag an pháiste agus is cosúil gur riachtanais fhadtéarmacha casta iad.



## Cad é mar a iarrtar nó a atreoraítear Measúnú Reachtúil?

D'fhéadfadh atreorú nó measúnú reachtúil teacht ón tSeirbhís Síceolaíochta Oideachais nó ó ghairmí sláinte. Thiocfadh dó go ndéanfadh tuismitheoir nó scoileanna iarratas ar mheasúnú reachtúil ar riachtanais oideachais fosta.

Ní hionann iarratas ar mheasúnú reachtúil agus measúnú reachtúil a bheith ann ná ráiteas ar riachtanais speisialta oideachais.

# Measúnú Reachtúil: Ceisteanna Coitianta


## An eisítear Ráiteas i gcónaí i ndiaidh Measúnú Reachtúil?

Thiocfadh dó go léireodh an t-eolas a bhailítear le linn an mheasúnaithe go bhfuil bealaí eile ann don tsuíomh oideachais le riar ar riachtanais an pháiste gan ráiteas. Más amhlaidh atá, cuirfidh an tÚO tuismitheoirí/cúramóirí ar an eolas fán chinneadh seo taobh istigh de 16 seachtaine.


## Cad é a tharlaíonn muna n-aontaíonn na tuismitheoirí nó na cúramóirí le cinneadh an ÚO?

Beidh an tÚO i gcónaí sásta éisteacht le barúlacha na dtuismitheoirí/na gcúramóirí agus machnamh a dhéanamh orthu. Munar féidir teacht ar aontú, tá sé de cheart ag tuismitheoirí/cúramóirí idirghabháil agus/nó achomharc a dhéanamh.


# An Fhreagairt Ghrádaithe - Contanam Tacaíochta





Céim 1



Céim 2



Céim 3



San áireamh le **Soláthar Oideachais Uilescoile**,

tá straitéisí agus cuir chuige chomhchoiteanna, teagasc difreáilte/oiriúnaitheach, agus tacaíocht foghlama a chuideoidh le gach páiste rochtain a fháil ar an churaclam. Riartar ar riachtanais oideachais thromlach na bpáistí/na ndaoine óga trí sholáthar oideachais uilescoile.

**Céim 1 Soláthar Speisialta Oideachais.**

Ag an chéim seo den Chód Cleachtais, déanann an scoil soláthar speisialta oideachais.
Beidh PPF de dhíth ar an pháiste nó an duine óg.
Riartar ar riachtanais oideachais thromlach na bpáistí/na ndaoine óga a bhfuil RSO acu tríd an chéim seo den tsoláthar.

**Céim 2 Soláthar Speisialta Oideachais.**

Ag an chéim seo den Chód Cleachtais, déanann an scoil agus soláthróir seachtrach soláthar oideachais speisialta, m.sh. tÚO nó ISCS.
Beidh PPF de dhíth ar an pháiste nó an duine óg.
An scoil agus soláthar seachtrach ón ÚO atá freagrach teagasc agus foghlaim.
Beidh an soláthar seo de dhíth ar líon níos lú páistí agus daoine óga.

**Céim 3 Ráiteas ar Riachtanais Speisialta Oideachais.**

Ag an chéim seo den Chód Cleachtais, déanann an scoil, tÚO agus cibé cóireáil nó seirbhís atá sainaitheanta ag an ISCS soláthar speisialta oideachais.
Beidh PPF de dhíth ar an pháiste nó an duine óg. Cuirfidh an scoil coigeartuithe réasúnta i bhfeidhm, soláthar speisialta oideachais seachadta ag an scoil agus soláthair an ÚO mar atá leagtha amach i ráiteas.
Beidh an soláthar seo de dhíth ar líon níos lú páistí agus daoine óga.

* Tá/barúlacha an pháiste/an duine óig agus barúlacha na dtuismitheoirí de dhíth ag achan chéim.

# Catagóirí RSO

**Tá an roinn seo roinnte ina cúig chatagóir uileghabhálacha RSO. Is féidir í a léamh agus a úsáid mar threoircháipéis 'neamhspleách' do scoileanna.**

Nuair atá na táscairí riachtanas agus na tuairisceoirí soláthair á léamh do gach catagóir uileghabhálach RSO, tá sé tábhachtach a chuimhneamh gur seans go mbeidh cuid de na deacrachtaí nó iad uilig ag an pháiste nó duine óg, agus gur seans go mbeidh réimse riachtanas aige ar fud na gcatagóirí.

Is **samplaí** iad na táscairí riachtanas agus na tuairisceoirí soláthair agus **ní** liosta iomlán ná saintreorach iad.















# Cognaíocht agus Foghlaim

An Fhreagairt Ghrádaithe



ea Education Authority

# Cognaíocht agus Foghlaim

Bíonn riachtanais chognaíochta agus foghlama ag páistí agus daoine óga a bhfuil cumais éagsúla acu ar go leor cúiseanna. Is dócha go bhfuil siad ag foghlaim níos moille ná páistí eile atá ar comhaois. Thiocfadh dó go mbeadh siad ag streachailt le heolas a phróiseáil agus coincheapa nua a chuimhneamh, agus go mbeadh a bhfeidhmíocht ag athrú ó lá go lá. Thiocfadh dó go mbeadh deacrachtaí ag roinnt páistí/daoine óga le gach cuid den churaclam, ach go mbeadh daoine eile ag streachailt le codanna áirithe i.e. litearthacht nó uimhearthacht. Bíonn deacrachtaí ag daoine eile nach féidir a thomhais go furasta, ar nós deacrachtaí le heagrúchán pearsanta, agus faisnéis ó bhéal agus radhairc a choinneáil i gcuimhne sa ghearrthéarma.  Más rud é nach riartar ar na riachtanais foghlama, is dócha go mbeidh frustrachas ann, easpa muiníne/féinmhuiníne, agus deacrachtaí sóisialta, mothúchánacha agus iompair.



**Deacrachtaí Foghlama Meánacha (DFM)**

Foghlaimíonn páistí/daoine óga a bhfuil deacrachtaí foghlama meánacha acu ar luas níos moille, agus bíonn achan ghné acadúil den churaclam níos deacra acu, i gcomparáid leo siúd atá ar comhaois leo. Beidh sé doiligh acu bunscileanna litearthachta agus uimhearthachta a shealbhú agus is minic a bhíonn deacrachtaí urlabhra agus teanga acu a bhaineann le moill intleachtúil. Thiocfadh dó go mbeadh easpa féinmhuiníne, easpa airde agus scileanna sóisialta tearcfhorbartha acu, chomh maith le riachtanais shóisialta, mhothúchánacha agus mheabhairshláinte agus/nó míchumas fisiciúil a chuireann isteach ar a gcumais foghlama.

***Thiocfadh dó*** go mbeadh deacrachtaí ag páistí agus daoine óga a bhfuil deacrachtaí foghlama meánacha acu leis an rudaí seo a leanas:

- Scileanna Cuimhne, Scileanna Réasúnaíochta, Scileanna Eagrúcháin (teanga labhartha agus scríofa, agus cur i gcrích tascanna san áireamh)
- Seicheamhú
- Réiteach Fadhbanna
- Coincheapa
- Scileanna luaileacha (mínluaileacha agus oll-luaileacha)

Bíonn riachtanais chognaíochta agus foghlama ag páistí agus daoine óga a bhfuil cumais éagsúla acu ar go leor cúiseanna. Is dócha go bhfuil siad ag foghlaim níos moille ná páistí eile atá ar comhaois. Thiocfadh dó go mbeadh siad ag streachailt le heolas a phróiseáil agus coincheapa nua a chuimhneamh, agus go mbeadh a bhfeidhmíocht ag athrú ó lá go lá. Thiocfadh dó go mbeadh deacrachtaí ag roinnt páistí/daoine óga le gach cuid den churaclam, ach go mbeadh daoine eile ag streachailt le codanna áirithe i.e. litearthacht nó uimhearthacht. Bíonn deacrachtaí ag daoine eile nach féidir a thomhais go furasta, ar nós deacrachtaí le heagrúchán pearsanta, agus faisnéis ó bhéal agus radhairc a choinneáil i gcuimhne sa ghearrthéarma.  Más rud é nach riartar ar na riachtanais foghlama, is dócha go mbeidh frustrachas ann, easpa muiníne/féinmhuiníne, agus deacrachtaí sóisialta, mothúchánacha agus iompair.



**Sain-Mhíchumas Foghlama (SMF)**

Tá réimse riochtaí i gceist le 'sain-mhíchumais foghlama', amhail disléicse, dioscalcúile, agus neamhord comhordaithe forbartha (ar a dtugtar diospraicse fosta). Thiocfadh dó go mbeadh deacrachtaí suntasacha ag roinnt páistí agus daoine óga i dtaca le léamh, scríobh, litriú agus/nó uimhearthacht, rudaí nach léir óna gcumas cognaíochta agus béil, agus thiocfadh leis na deacrachtaí dul i bhfeidhm ar a bhfeidhmíocht i réimsí eile sa churaclam. Is féidir leo scileanna a fháil go gasta i roinnt ábhar agus leibhéal nó cumas níos airde a léiriú ó bhéal, rud nach bhfuil ag teacht leis an deacracht a bhíonn acu maidir le scileanna litearthachta agus uimhearthachta a fháil.

# Cognaíocht agus Foghlaim

Bíonn riachtanais chognaíochta agus foghlama ag páistí agus daoine óga a bhfuil cumais éagsúla acu ar go leor cúiseanna. Is dócha go bhfuil siad ag foghlaim níos moille ná páistí eile atá ar comhaois. Thiocfadh dó go mbeadh siad ag streachailt le heolas a phróiseáil agus coincheapa nua a chuimhneamh, agus go mbeadh a bhfeidhmíocht ag athrú ó lá go lá. Thiocfadh dó go mbeadh deacrachtaí ag roinnt páistí/daoine óga le gach cuid den churaclam, ach go mbeadh daoine eile ag streachailt le codanna áirithe i.e. litearthacht nó uimhearthacht. Bíonn deacrachtaí ag daoine eile nach féidir a thomhais go furasta, ar nós deacrachtaí le heagrúchán pearsanta, agus faisnéis ó bhéal agus radhairc a choinneáil i gcuimhne sa ghearrthéarma.  Más rud é nach riartar ar na riachtanais foghlama, is dócha go mbeidh frustrachas ann, easpa muiníne/féinmhuiníne, agus deacrachtaí sóisialta, mothúchánacha agus iompair.



**Géardheacrachtaí Foghlama (GDF)**

Bíonn laguithe suntasacha intleachtúla nó cognaíochta ag páistí/daoine óga a bhfuil géardheacrachtaí foghlama acu, agus beidh níos mó tacaíochta de dhíth orthu ná iad atá ar comhaois leo, in achan réimse den churaclam agus sa chuid is mó de na gníomhaíochtaí le linn an lae scoile Thiocfadh dó go mbíonn deacrachtaí acu le gluaiseacht, comhordú, cumarsáid, agus aireachtáil. Beidh foghlaim ó thaithí de dhíth orthu lena bhféinchuidiú, a neamhspleáchas, agus a scileanna sóisialta a fhorbairt. Beidh tacaíocht de dhíth ar pháistí/daoine óga a bhfuil GDF acu le cur lena neamhspleáchas agus beidh níos mó soláthair de dhíth orthu ná a gcuid piaraí, nó soláthar atá difriúil.

# Cognaíocht agus Foghlaim

Bíonn riachtanais chognaíochta agus foghlama ag páistí agus daoine óga a bhfuil cumais éagsúla acu ar go leor cúiseanna. Is dócha go bhfuil siad ag foghlaim níos moille ná páistí eile atá ar comhaois. Thiocfadh dó go mbeadh siad ag streachailt le heolas a phróiseáil agus coincheapa nua a chuimhneamh, agus go mbeadh a bhfeidhmíocht ag athrú ó lá go lá. Thiocfadh dó go mbeadh deacrachtaí ag roinnt páistí/daoine óga le gach cuid den churaclam, ach go mbeadh daoine eile ag streachailt le codanna áirithe i.e. litearthacht nó uimhearthacht. Bíonn deacrachtaí ag daoine eile nach féidir a thomhais go furasta, ar nós deacrachtaí le heagrúchán pearsanta, agus faisnéis ó bhéal agus radhairc a choinneáil i gcuimhne sa ghearrthéarma.  Más rud é nach riartar ar na riachtanais foghlama, is dócha go mbeidh frustrachas ann, easpa muiníne/féinmhuiníne, agus deacrachtaí sóisialta, mothúchánacha agus iompair.




**Deacrachtaí Troma agus Iomadúla Foghlama (DTIF)**

Bíonn riachtanais shuntasacha agus chasta ag páistí/daoine óga a bhfuil deacrachtaí troma agus iomadúla foghlama acu. Chomh maith le géardheacrachtaí foghlama, tá RSO suntasach acu in dhá nó trí réimse eile ar a laghad, m.sh. míchumas coirp/lagú céadfach, agus fadhb(anna) sláinte. Beidh níos mó tacaíochta de dhíth orthu ó dhaoine fásta, dá riachtanais oideachais agus cúraim phearsanta. Thiocfadh dó go bhfuil deacrachtaí gluaiseachta agus comhordaithe, deacrachtaí céadfacha, deacrachtaí cumarsáide agus iompraíochtaí dúshlánacha ag páistí/daoine óga a bhfuil DTIF acu fosta.

# Soláthar Uilescoile - Cognaíocht agus Foghlaim

## Sainaithint




D'fhéadfaí a shainaithint go bhfuil deacrachtaí cognaíchta agus foghlama ag páiste nó duine óg má tá sé ag feidhmiú ag leibhéal níos ísle ná iad atá ar comhaois leis.


Thiocfadh leis na deacrachtaí seo a bheith ag baint le forbairt na scileanna teanga, litearthachta agus uimhearthachta.



**Thiocfadh dó go mbeadh deacrachtaí acu leis na rudaí seo a leanas fosta:**

- Scileanna cuimhne agus réasúnaíochta
- Scileanna eagrúcháin
- Gabhchumas agus ginchumas teanga
- Deacrachtaí próiseála
- Treoracha a leanúint
- Deacrachtaí ag aimsiú focal
- Seicheamhú
- Uimhearthacht
- Feasacht fóineolaíochta
- Scileanna mínluaile agus oll-luaile
- Ag coinneáil suas le luas na gceachtanna
- Tuiscint ag leibhéal na bhfocal agus na n-abairtí

## Sainaithint




D'fhéadfaí a shainaithint go bhfuil deacrachtaí cognaíchta agus foghlama ag páiste nó duine óg má tá sé ag feidhmiú ag leibhéal níos ísle ná iad atá ar comhaois leis.


Thiocfadh leis na deacrachtaí seo a bheith ag baint le forbairt na scileanna teanga, litearthachta agus uimhearthachta.



**Thiocfadh leis na fadhbanna seo a leanas a bheith ann de bharr dheacrachtaí an pháiste nó an duine óig:**

- Easpa féinmhuiníne
- Deacrachtaí sóisialta
- Deacrachtaí mothúchánacha
- Torthaí níos ísle sna trialacha caighdeánaithe agus neamhchaighdeánaithe ná mar a bhí coinne leis
- Frustrachas
- Fadhbanna maidir le haird
- Fadhbanna maidir le tinreamh
- Deacrachtaí ag fáil rochtain ar an churaclam
- Deacrachtaí ag obair go neamhspleách i dtimpeallacht ghnóthach ranga

## Pleanáil & Gníomhú




Más rud é nach ndéanann páiste nó duine óg an dul chun cinn a rabhthas ag súil leis, mar an chéad fhreagairt, ba chóir teagasc ar ardchaighdeán a chur i bhfeidhm atá dírithe ar an riachtanas/na riachtanais, lena n-áirítear smaoineamh ar choigeartuithe réasúnta sa timpeallacht foghlama/na coigeartuithe sin a chur i bhfeidhm.


Spreagtar scoileanna le leas a bhaint as na deiseanna foghlama gairmiúla agus an chomhairle agus treoir atá ar fáil saor in aisce tríd an Fhoireann Áitiúil TIONCHAIR de chuid an ÚO . Seans go mbeidh ceannasaíocht na scoile ag iarraidh smaoineamh arís ar na hábhair a chuirtear ar fáil agus pleanáil le réimsí ar leith taobh istigh de phleanáil forbartha na scoile a dhéanamh foirmeálta. Is réamhriachtanas den fhoghlaim ghairmiúil é cur chuige uilescoile atá dírithe ar chuimsiú maidir le tacaíocht éifeachtach do dhaltaí a bhfuil deacrachtaí foghlama acu.

**Thiocfadh dó go mbeadh na rudaí seo a leanas i gceist le Pleanáil agus Gníomhú:**

- Mapáil soláthair uilescoile le leanúnachas agus seasmhacht a chinntiú ó thaobh foghlama de
- Seomraí ranga a fhorbairt a chuireann cuimsiú chun cinn
- Úsáid na measúnuithe foghlama le túsphointí cuí a shainaithint
- Foghlaim nua pleanáilte i gcéimeanna beaga, i ndiaidh próiseas soiléir forbartha thar achar áirithe ama
- **Teimpléad de Thaifead Imní** a líonadh
- Am a chur ar fáil le scileanna nua a fhoghlaim agus a chleachtadh
- Ábhair phraiticiúla, phictiúrtha, agus theibí curtha ar fáil agus leabaithe taobh istigh de churaclam difreáilte
- Obair bhaile/tascanna neamhspleácha atá difreáilte a phleanáil le leibhéal cothrom a dhéanamh do chách i dtaca le dúshláin
- Tascanna atá mínithe, múnlaithe, agus scafláilte go cúramach
- Úsáid sheasmhach na teanga, na ngnáthamh, agus na rialacha sna bliainghrúpaí ar fad
- Úsáid na straitéisí agus na coigeartuithe réasúnta a gcuirtear síos orthu i dTacar Cuimsithe Litearthachta an ÚO.

# Soláthar Uilescoile - Cognaíocht agus Foghlaim

## Pleanáil & Gníomhú




Más rud é nach ndéanann páiste nó duine óg an dul chun cinn a rabhthas ag súil leis, mar an chéad fhreagairt, ba chóir teagasc ar ardchaighdeán a chur i bhfeidhm atá dírithe ar an riachtanas/na riachtanais, lena n-áirítear smaoineamh ar choigeartuithe réasúnta sa timpeallacht foghlama/na coigeartuithe sin a chur i bhfeidhm.

Spreagtar scoileanna le leas a bhaint as na deiseanna foghlama gairmiúla agus an chomhairle agus treoir atá ar fáil saor in aisce tríd an Fhoireann Áitiúil TIONCHAIR de chuid an ÚO . Seans go mbeidh ceannasaíocht na scoile ag iarraidh smaoineamh arís ar na hábhair a chuirtear ar fáil agus pleanáil le réimsí ar leith taobh istigh de phleanáil forbartha na scoile a dhéanamh foirmeálta. Is réamhriachtanas den fhoghlaim ghairmiúil é cur chuige uilescoile atá dírithe ar chuimsiú maidir le tacaíocht éifeachtach do dhaltaí a bhfuil deacrachtaí foghlama acu.




. **Thiocfadh dó go mbeadh na rudaí seo a leanas i gceist le Pleanáil agus Gníomhú: :**

- Oiliúint uilescoile atá dírithe ar na réimsí atá sainaitheanta fá choinne forbairt foirne, faighte ó **Chlár Oiliúna SPDÓ an ÚO** nó ó acmhainní tacaíochta eile ar líne ó Fhoireannn Áitiúil TIONCHAIR an ÚO
- Polasaithe ar ardchaighdeán a fhorbairt do litearthacht, uimhearthacht, agus teicneolaíocht oiriúnaitheach srl.
- Barúlacha an pháiste/an duine óig agus an tuismitheora a lorg, agus iad a chur san áireamh le linn na pleanála nuair is cuí
- Luas cuí, acmhainní áirithe, agus eochaircheisteanna a úsáid leis an fhoghlaim a uasmhéadú sa tseomra ranga
- Smaoineamh ar ghrúpáil sa rang agus suíomh na ndaltaí sa tseomra
- Réimse acmhainní a chur ar fáil le cuidiú agus le tacú leis an fhoghlaim (m.sh. bunachair focal, uimhirlínte, frámaí scríbhneoireachta, agus úsáid na teicneolaíochta oiriúnaí)
- Tascanna atá mínithe, múnlaithe, agus scafláilte go cúramach
- Míniúcháin shoiléire shimplí a úsáid
- Gníomhaíochtaí curaclaim a phleanáil lena chinntiú go bhfuil siad chomh ilchéadfach agus is féidir
- Straitéisí cognaíochta agus foghlama mar atá molta, a gcuirtear síos orthu in **EA SDS (WEP/SpEP documents)**

## Monatóireacht, Meastóireacht agus Athbhreithniú

Agus tionchar an tsoláthair oideachais uilescoile á mheas mar chuid den mheasúnú leanúnach taobh istigh d'achar sainithe ama i scoil, cuimhneofar ar mhonatóireacht an mhúinteora, mar shampla, breathnóireachtaí, measúnuithe, fianaise a bhailítear agus breithiúnas gairmiúil mar aon le barúlacha an pháiste/an duine óig agus a dtuismitheoirí.

Ba chóir don athbhreithniú na nithe seo a leanas a mheas:

**An bhfuil dul chun cinn déanta?**

**Má tá dul chun cinn déanta, cad iad na coigeartuithe/straitéisí eile a thacódh níos mó leis an pháiste/an duine óg?**

**Na chéad chéimeanna eile (curtha le chéile i gcomhar le múinteoirí, comhordaitheoirí agus tuismitheoirí)?**

**Ar chóir Taifead Imní a scríobh?**

Déantar an dul chun cinn a mheas tríd an timthriall leanúnach, **Sainaithint, Pleanáil, Gníomhú, Monatóireacht, Meastóireacht & Athbhreithniú.** Ba chóir rannpháirtíocht fhoireann na scoile, an pháiste/an duine óig agus na dtuismitheoirí a chur san áireamh sa timthriall 6-chuid.


Ba chóir d'fhoireann na scoile athbhreithniú rialta tráthúla a chur ar fáil sa dóigh is go dtig leis an pháiste/an duine óg, tuismitheoirí/cúramóirí/caomhnóirí, agus liachleachtóirí/cleachtóirí sláinte comhghaolmhara (más gá) plé a dhéanamh ar an fhoghlaim agus an soláthar cuí a aontú. Thiocfadh dó go mbeadh sé seo mar chuid de phróisis leanúnacha na scoile i dtaca le monatóireacht, meastóireacht agus athbhreithniú.

**ó aMá lorgaítear barúlacha chan duine atá páirteach, agus má fhaightear freagra ar na heochaircheisteanna seo, cuideofar le pleanáil amach anseo**.

**Féach fosta an Roinn Oideachais: [Sreabhchairteacha agus Seicliostaí] le cuidiú leis an phróiseas seo.**

# Soláthar Speisialta Oideachais - Céim 1 - Cognaíocht agus Foghlaim

## Sainaithint



D'ainneoin soláthair uilsecoile agus coigeartuithe réasúnta, déanann an páiste nó an duine óg dul chun cinn níos moille ó thaobh foghlama de.

Sainaithnítear go bhfuil **soláthar breise, nó soláthair difriúil de dhíth** ar an pháiste/an duine óg i gcomparáid leo siúd atá ar comhaois leis. Cuirtear ar chlár RSO na scoile iad ag céim 1, i gcomhar leis na tuismitheoirí. Cuirfear Plean Pearsanta Foghlama (PPF) i bhfeidhm don pháiste/duine óg.


Bainfidh an scoil úsáid as a **mapa soláthair** leis na straitéisí/soláthair chéim 1 atá ar fáil le cuidiú leis an pháiste/an duine óg a shainaithint.

**Thiocfadh le deacrachtaí leis na rudaí seo a leanas a bheith san áireamh leis na táscairí breise riachtanas ag céim 1:**

- Scileanna cuimhne agus réasúnaíochta
- Leibhéil ísle d'amharc-chuimhne agus/nó cuimhne éisteachta ghearrthéarmach
- Deacrachtaí le heolas a choinneáil agus a fháil ón chuimhne fhadtéarmach
- Teanga labhartha agus scríofa a phróiseáil, a eagrú, agus a chomhordú
- Smaointe, coincheapa, agus eispéiris a thuiscint nuair nach féidir eolas a fháil ó eispéiris phearsanta chéadfacha nó chorportha
- Easpa dul chun cinn, fiú nuair atá cuir chuige dhifreáilte dírithe ar an laige
- Leibhéil feidhmíochta i.e. tá siad níos ísle ná an leibhéal a bhfuiltear ag súil leis i dtaca le tromlach na bpáistí/na ndaoine óg, nó bíonn siad níos ísle ná na leibhéil a bhfuiltear ag súil leo i gCuraclam Thuaisceart Éireann.

# Soláthar Speisialta Oideachais - Céim 1 - Cognaíocht agus Foghlaim

## Sainaithint




D’ainneoin soláthair uilsecoile agus coigeartuithe réasúnta, déanann an páiste nó an duine óg dul chun cinn níos moille ó thaobh foghlama de.

Sainaithnítear go bhfuil **soláthar breise, nó soláthair difriúil de dhíth** ar an pháiste/an duine óg i gcomparáid leo siúd atá ar comhaois leis. Cuirtear ar chlár RSO na scoile iad ag céim 1, i gcomhar leis na tuismitheoirí. Cuirfear Plean Pearsanta Foghlama (PPF) i bhfeidhm don pháiste/duine óg.

Bainfidh an scoil úsáid as a **mapa soláthair** leis na straitéisí/soláthair chéim 1 atá ar fáil le cuidiú leis an pháiste/an duine óg a shainaithint.

- Cumais mhínluaile agus oll-luaile, a chuireann isteach go mór ar rochtain ar an churaclam
- Fadhbanna leanúnacha leis an fheidhm feidhmiúcháin, amhail deacracht le seicheamhú agus eagrú na gcéimeanna atá de dhíth le tascanna a chur i gcrích ar bhealach neamhspleách
- Tá cur chuige an pháiste/an duine óig i leith foghlama ag cur srian le rochtain ar an churaclam m.sh. b’fhéidir go bhfuil siad díspreagtha, mí-eagraithe, gan aird agus ní féidir leo a bheith ag obair go neamhspleách
- Easpa ghnóthachtála i dtaca leis na bunscileanna atá ag tosú ag cur isteach ar a n-ábaltacht le dul chun cinn cuí a dhéanamh m.sh. scileanna labhartha, teanga, litearthachta, agus uimhearthachta
- Nasc a dhéanamh idir foghlaim nua agus réimsí eile i.e. deacracht le comhfhreagras fóinéime/graiféime ‘atá ar eolas’ a úsáid le focail nach bhfuil a eolas a léamh.

## Sainaithint



Cuideoidh cuid de na físeáin agus an t-eolas thall leis na deacrachtaí cognaíochta agus foghlama a théann i bhfeidhm ar pháistí agus daoine óga a thuiscint.

**Tabhair do d'aire, seans go mbeidh míreanna aníos agus ábhar margaíochta sna naisc agus na suíomhanna idirlín seo a leanas. Ní féidir leis an Údarás Oideachais slándáil na suíomhanna seo, oibríocht na nasc nó go mbeidh siad saor ó víris a chinntiú. Ba chóir do léitheoirí as na naisc seo a úsáid faoina gcomhairle féin.**

**Cad é a thabharfá fá deara i gcás páiste a bhfuil Dioscalcúile air?**

- Dioscalcúile (British Dyslexia Association)
- An dóigh le dioscalcúile a aithint (suíomh idirlín Childmind)


**Cad é a thabharfá fá deara i gcás páiste/duine óg a bhfuil Diospraicse air?**

- Siomptóim Dhiospraicse (an tSeirbhís Náisiúnta Sláinte)
- Diospraicse Óige – James Story (an tSeirbhís Náisiúnta Sláinte) – Gearrthóg YouTube

**Cad é mar a théann deacrachtaí foghlama i bhfeidhm ar pháiste/duine óg?**

- Teoiric Piaget maidir le forbairt chognaíoch – Gearrthóg YouTube
- Cad is deacracht foghlama ann? – Gearrthóg YouTube
- Comharthaí na nDFMí – (Twinkl)
- Léargas ar Ghéardheacrachtaí Foghlama (Leaf Care)
- Maidir le deacrachtaí troma agus iomadúla foghlama – (Mencap) – Céim 3

## Pleanáil & Gníomhú




Ullmhaítear PPF leis an chatagóir (nó na catagóirí) RSO a léiriú, scríobhtar torthaí le soláthar agus straitéisí le tacú leis an pháiste/an duine óg ag céim 1 den Chód Cleachtais a chur san áireamh.

**Mar aon leis an chur chuige uilescoile, thiocfadh leis na rudaí seo a leanas a bheith san áireamh le straitéisí agus solátha(i)r chéim 1:**

- Úsáid na measúnuithe diagnóiseacha le bunseasamh a Shainaithint le tacú leis na bearnaí san fhoghlaim
- Múinteoirí ag dul i mbun plé agus ag pleanáil le CTF scoile le torthaí ar leith a aontú mar atá leagtha amach sa PFP atá nasctha le riachtana(is) an pháiste/an duine óig, a fhaigheann tacaíocht ó sholáthar chéim 1 mar atá leagtha amach i mapa soláthair na scoile
- Níos mó cumarsáide leis an pháiste/an duine óg agus tuismitheoirí le ligint d'athbhreithniú leanúnach ar an fhoghlaim agus le tacú le baint amach na dtorthaí foghlama sa bhaile
- Teagasc i ngrúpaí beaga agus/nó duine le duine ag úsáid cláir/cuir chuige struchtúrtha charnacha leis an fhoghlaim a fhorbairt
- Bunscileanna a rangú le deiseanna foghlama agus staidéir ag úsáid na straltéise Athdhéan, Téigh Siar, Athbhreithnigh
- Cinnte a dhéanamh de go bhfuil an fhoghlaim struchtúrtha le naisc atá pleanáilte go cúramach chuig réamhfhoghlaim agus cásanna den tsaol mar atá
- Ábhair phraiticiúla a úsáid, m.sh. Numicon/áiseanna foghlama bhonn a deich le cuidiú le tuiscint ar an uimhearthacht.

# Soláthar Speisialta Oideachais - Céim 1 - Cognaíocht agus Foghlaim

## Pleanáil & Gníomhú



Ullmhaítear PPF leis an chatagóir (nó na catagóirí) RSO a léiriú, scríobhtar torthaí le soláthar agus straitéisí le tacú leis an pháiste/an duine óg ag céim 1 den Chód Cleachtais a chur san áireamh.




- Straitéisí cognaíochta agus foghlama mar atá molta, a gcuirtear síos orthu in **SFS ÚO (SOU/Cáipéisí SSO)**
- Úsáid na tairsí tacaíochta agus an tsuímh acmhainní le tacú le foghlaim a iarrtar ar [Eolas do scoileanna]
- Clár cuimhne feidhmiúla a chur i bhfeidhm le cuimhne ghearrthéarmach a fheabhsú
- Clár feasachta fóineolaíochta a sholáthar do theagasc aonair nó i ngrúpaí beaga le cuidiú le tuiscint ar na scileanna léitheoireachta amhail graiféim (litreacha), fóinéim (uimhreacha), agus le cuimhne ar na comhfhreagrais fóinéime/graiféime a thógáil - agus na scileanna riachtanacha ar nós fuaimeanna a chumasc agus a dheighilt le tacú le léitheoireacht agus litriú
- Clár aitheanta focal agus léitheoireachta struchtúrtha a sholáthar ag úsáid measúnuithe leanúnacha agus ag léiriú dul chun cinn.



# Soláthar Speisialta Oideachais - Céim 1 - Cognaíocht agus Foghlaim

## Pleanáil & Gníomhú



Ullmhaítear PPF leis an chatagóir (nó na catagóirí) RSO a léiriú, scríobhtar torthaí le soláthar agus straitéisí le tacú leis an pháiste/an duine óg ag céim 1 den Chód Cleachtais a chur san áireamh.

- Níos mó úsáid as teicneolaíocht le tacú le foghlaim agus taifeadadh. Úsáid na gclár ar nós - Read and Write ó Text Help, Clicker, Uirlisí Foghlama Microsoft Office 365 srl...Úsáid na n-uirlisí téacs go teanga, léitheoir tumthach, seiceálaithe litrithe agus uirlisí tuartha focal
- Treoracha soiléire simplí, briste síos agus tugtha ceann ar cheann, le ham smaointeoireachta curtha ar fáil ag an fhoireann ag seiceáil go dtuigeann daoine
- Tuiscint a léiriú ar laethanta na seachtaine, míonna na bliana, am, airgead, cruth
- Eolas agus acmhainní foghlama ón Fhoireann Áitiúil TIONCHAIR de chuid an ÚOa úsáid, Plean Bliantúil Socruithe do Litearthacht, Deacrachtaí Foghlama Meánacha agus Géardheacrachtaí Foghlama
- Le tuilleadh straitéisí a fháil le tacú leis an pháiste/an duine óg a bhfuil **Deacrachtaí Foghlama Meánacha** aige, cliceáil ar an nasc: SFS ÚO(Cáipéis DFM)

- Le tuilleadh straitéisí a fháil le tacú leis an pháiste/an duine óg a bhfuil **Saindeacrachtaí Litearthachta** aige, cliceáil ar an nasc: SFS ÚO(Cáipéis SDL)



# Soláthar Speisialta Oideachais - Céim 1 - Cognaíocht agus Foghlaim

## Monatóireacht, Meastóireacht agus Athbhreithniú

B'fhéidir go mbeadh idirghabháil agus cuir chuige bhreise de dhíth ar roinnt páistí/daoine óga chomh maith lena bhfuil curtha ar fáil sa tsoláthar uilescoile, is féidir iad seo a chur ar fáil trí sholáthar speisialta oideachais na scoile ag **céim 1** den Chód Cleachtais. Leagtar amach sa Chód Cleachtais gur gá don scoil **monatóireacht, meastóireacht, agus athbhreithniú rialta** a dhéanamh ar an tsoláthar seo, i gcomhar leis **an pháiste/an duine óg agus a dtuismitheoirí**. Bainfidh an scoil úsáid as Plean Pearsanta Foghlama **(PPF)**, ina leagfar amach an soláthar atá á úsáid ag an scoil leis an pháiste/an duine óg atá sa bhreis ar an tsoláthar atá á chur ar fáil ag leibhéal uilescoile. Tabharfar eolas ann fá na spriocanna atá beartaithe, agus ba chóir iad seo a rianú agus a athbhreithniú go rialta, ba chóir d'fhoireann na scoile é seo a dhéanamh **2 uair sa bhliain ar a laghad** i gcomhar leis an pháiste/an duine óg agus tuismitheoir(í).

**Agus athbhreithniú á dhéanamh agat, déan do mhachnamh:**


- **Ar bhain an dalta amach na torthaí a rabhthas ag súil leo?**
- **An raibh an soláthar éifeachtach?**
- **An raibh na straitéisí a cuireadh i bhfeidhm ábhartha agus fóirsteanach?**
- **An ndearna an dalta dul chun cinn?**

**Cuideoidh an próiseas monatóireachta, meastóireachta agus athbhreithnithe seo leis na chéad chéimeanna eile a shainaithint i dtaca le foghlaim agus soláthar don pháiste/duine óg.**

**Féach fosta an Roinn Oideachais:** Sreabhchairteacha agus Seicliostaí , tá dul chun cinn maith déanta acu, seans go rachadh siad ar ais go soláthar oideachais uilescoile, agus go mbainfí a n-ainm de Chlár RSO na scoile. I gcás nach ndéanann an páiste/an duine óg dul chun cinn ach ar éigean cé gur cuireadh réimse iomlán na straitéisí agus na gcur chuige i bhfeidhm i dtaca le mapa soláthair speisialta oideachas na scoile, is féidir smaoineamh ar iarratas a dhéanamh ar sholáthar seachtrach, **soláthar níos déine** ina gcuireann an tÚO agus/nó ISCS saintacaíocht ar fáil.

# Soláthar Speisialta Oideachais - Céim 2 - Cognaíocht agus

## Sainaithint



Tá roinnt páistí/daoine óga ann nach ndéanfaidh dul chun cinn le soláthair uilescoile ná soláthar chéim 1. Beidh saintacaíocht bhreise de dhíth orthu ó sheirbhísí seachtracha ón Údarás Oideachais agus/nó ISCS.


Má sainaithníodh páiste/duine óg ag leibhéal na scoile, ghlac Foireann Áitiúil TIONCHAIR an ÚO le hatreorú ó tharla go gcomhlíonann sé na critéir do thacaíocht sheachtrach, agus cuirtear an saintacaíocht ar fáil don pháiste/duine óg, sainaithneofar ansin go bhfuil sé ag céim 2 den Chód Cleachtais.

**Chomh maith le soláthar uilescoile, thiocfadh leis na rudaí seo a leanas a bheith san áireamh leis na táscairí eile riachtanas ag céim 1:**

- D’ainneoinn an tsoláthair uilescoile, na gcoigeartuithe réasúnta, agus soláthar ag céim 1, tá forbairt/dul chun cinn na foghlama don pháiste nó don duine óg go fóill níos moille ná mar a bhíothas ag súil leis, mar sin de, tá tacaíocht bhreise sheachtrach de dhíth nach bhfuil ar fáil taobh istigh den scoil
- Tá deacrachtaí dianseasmhacha foghlama ag an pháiste/an duine óg, mar is léir ó rianú na scoile, cé go bhfuil rochtain ar na deiseanna fóirsteanacha foghlama, agus idirghabhálacha dírithe ag céim 1 mar chuid de fhreagairt ghrádaithe na scoile le tacú lena fhoghlaim
- Tá gnóthachtáil an pháiste/an duine óig ag leibhéal níos ísle ná an leibhéal a bhfuiltear ag súil leis ag an aois sin



### Pleanáil & Gníomhú




Déantar an PPF a nuashonrú lena léiriú go bhfuil an páiste/an duine óg anois ag céim 2 agus ba chóir go dtaifeadfar an soláthar seachtrach atá á chur i bhfeidhm ann le cur leis an tsoláthar speisialta oideachais a chuireann an scoil ar fáil. Ag céim 2, beidh dlúth-rannpháirtíocht idir Foireann Áitiúil TIONCHAIR an ÚO agus an scoil. Fanfaidh an páiste/an duine óg ag céim 2 agus an scoil ag baint leas iomlán as an réimse straitéisí agus tacaíochtaí taobh istigh de mhapa soláthair speisialta oideachais na scoile, le tacaíocht ón ÚO le dul chun cinn a bhaint amach.

**Chomh maith leis an chur chuige uilescoile agus céim 1, thiocfadh leis na rudaí seo a leanas a bheith san áireamh leis na straitéisí/solátha(i)r ag céim 2:**

- I gcomhar le Foireann Áitiúil Tionchair an ÚO, déanfaidh an scoil torthaí PPF a fhorbairt agus straitéisí a chur i bhfeidhm le tacú leis an pháiste/an duine óg ag céim 2 den Chód Cleachtais.
- Nuair is cuí, déanann Foireann sheachtrach áitiúil TIONCHAIR an ÚO an páiste/an duine óg atreoraithe a mheas le túsphointí soiléire a shainaithint, ag smaoineamh ar an bhearna atá sainaitheanta ag an scoil, ag úsáid measúnú aonair diagnóiseach leis an ghá a shocrú agus comhairle a thabhairt ar bhealaí chun tosaigh ó thaobh foghlama de
- Níos mó cumarsáide idir an scoil, Foireann Áitiúil TIONCHAIR an ÚO, agus an tuismitheoir, rud a ligfidh d’athbhreithniú leanúnach ar riachtanais an pháiste/an duine óig.

# Soláthar Speisialta Oideachais - Céim 2 - Cognaíocht agus Foghlaim

## Pleanáil & Gníomhú



Déantar an PPF a nuashonrú lena léiriú go bhfuil an páiste/an duine óg anois ag céim 2 agus ba chóir go dtaifeadfar an soláthar seachtrach atá á chur i bhfeidhm ann le cur leis an tsoláthar speisialta oideachais a chuireann an scoil ar fáil. Ag céim 2, beidh dlúth-rannpháirtíocht idir foireann Áitiúil TIONCHAIR an ÚO agus an scoil. Fanfaidh an páiste/an duine óg ag céim 2 agus an scoil ag baint leas iomlán as an réimse straitéisí agus tacaíochtaí taobh istigh de mhapa soláthair speisialta oideachais na scoile, le tacaíocht ón ÚO le dul chun cinn a bhaint amach.



**Chomh maith leis an chur chuige uilescoile agus céim 1, thiocfadh leis na rudaí seo a leanas a bheith san áireamh leis na straitéisí/solátha(i)r ag céim 2:**

- Tacaíocht dhírithe don pháiste/duine óg ó Fhoireann Áitiúil TIONCHAIR an ÚO le cuidiú leis dul chun cinn a dhéanamh.

  Thiocfadh dó go mbeadh na nithe seo a leanas i gceist leis an tacaíocht seo:
  - measúnú breise ar riachtanais an pháiste/an duine óig
  - comhairle agus treoir d'fhoireann na scoile agus/nó tuismitheoirí
  - comhairle agus treoir ó shaineolaithe éagsúla nuair a shainaithnítear roinnt riachtanas/deacrachtaí ag tarlú ag an am chéanna
  - rochtain ar acmhainní ainmnithe le cuidiú le hionchuimsiú nuair is cuí agus nuair atá siad ar fáil
  - tacaíocht teagaisc
- Tacaíocht oiliúna dhírithe don scoil ó Fhoireann Áitiúil Tionchair an ÚO le cuidiú leo freastal ar riachtana(i)s an pháiste/an duine óig nár sásaíodh
- Monatóireacht ar dhul chun cinn an pháiste/an duine óig ag úsáid modhanna struchtúrtha, ar nós measúnuithe diagnóiseacha múnlaitheacha agus suimitheacha.

# Soláthar Speisialta Oideachais - Céim 2 - Cognaíocht agus Foghlaim

## Monatóireacht, Meastóireacht agus Athbhreithniú

Ag céim 2 den Chód Cleachtais, beidh **dlúth-rannpháirtíocht** idir an **scoil** agus an **tseirbhís sheachtrach** (An tÚO/ISCS) atá ag tacú le riachtanas an pháiste/an duine óig nár sásaíodh. Tarlóidh an mhonatóireacht, an mheastóireacht agus an t-athbhreithniú a dhéanann an scoil ar an PPF i gcomhar leis an tseirbhís sheachtrach, agus cuirfear an páiste/an duine óg agus a dtuismitheoir(í) san áireamh. In éineacht lena chéile, déanfaidh siad cinntí eolacha ar éifeachtúlacht na hidirghabhála/an tsoláthair dhírithe atá i bhfeidhm. Tá sé tábhachtach gur follasach an chomhairle agus an treoir a chuireann na sainfhoirne taobh istigh d’fhoireann áitiúil TIONCHAIR an ÚO nó ISCS ar fáil i dtaca leis na torthaí agus na cuir chuige a úsáidtear i bpleanáil PPF don pháiste nó don duine óg.

Le cuidiú leis an éifeachtúlacht seo a thomhas, b’fhéidir go ndéanfadh tÚO na rudaí seo a leanas:


**Athbhreithniú ar spriocanna/torthaí a bhfuiltear ag súil leo** → **Na tuairiscí agus na moltaí deiridh a eisiúint, ar chóir iad a chur san áireamh i PPFanna amach anseo** → **Soláthar curtha ar fáil do scoileanna, amhail acmhainní, aithris, oiliúint, teagasc srl...**

Rachaidh go leor daltaí ar aghaidh trí sholáthar chéim 2 agus i ndiaidh tréimhse tacaíochta, ní bheidh an soláthar seachtrach de dhíth a thuilleadh ó fhoireann ‘áitiúil’ TIONCHAIR an ÚO nó ISCS, agus rachaidh siad ar ais go céim 1 den Chód Cleachtais.

I gcás nach raibh tionchar ag soláthar chéim 2 ach ar éigean, agus go bhfuil riachtanais an pháiste/an duine óig go fóill suntasach/casta, agus nach raibh tionchar ach ar éigean ar a bhfoghlaim/a gcumas le rochtain a fháil ar an churaclam go héifeachtach, beidh cur chuige níos déine de dhíth. Is féidir smaoineamh ar iarratas a dhéanamh ar mheasúnú reachtúil ag céim 2. Agus an tÚO ag machnamh an ndéanfaidh siad measúnú reachtúil, ba cheart don scoil PPF an pháiste a chur i bhfeidhm, agus ba cheart monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh air.

**Féach fosta Sreabhchairteacha agus Seicliostaí**na Roinne Oideachais

## Sainaithint



Nuair a dhéantar iarratas ar mheasúnú reachtúil, agus an toradh air sin ná go ndéanann an tÚO **ráiteas ar riachtanais speisialta oideachais**, sainaithneofar go bhfuil an páiste/an duine óg ag céim 3 den Chód Cleachtais.



**Chomh maith le soláthar uilescoile, céim 1 agus céim 2, thiocfadh leis na rudaí seo a leanas a bheith san áireamh leis na táscairí eile riachtanas:**

- deacrachtaí foghlama suntasacha leanúnacha atá follasach ó mhonatóireacht agus athbhreithniú mionsonraithe a dhéanann an scoil thar am, cé go bhfuil rochtain ar dheiseanna cuí foghlama, idirghabhálacha dírithe agus freagairt ghrádaithe le tacú leis an pháiste/an duine óg
- tá gnóthachtáil i gcónaí ag leibhéal níos ísle ná an leibhéal a bhfuiltear ag súil leis ag an aois sin d'ainneoinn sholáthar chéim 1 agus 2
- deacrachtaí foghlama nó míchumais ar feadh an tsaoil, a théann thar na blianta d'fhorbairt, a bhfuil idirghabháil dhírithe/phearsantaithe de dhíth orthu ar bhonn leanúnach
- nuair atá dul chun cinn déanta, níor tharla sé ach mar gheall ar idirghabháil agus tacaíocht shuntasacha bhreise ar a bharr sin a chuirtear ar fáil de ghnáth i soláthar ag céim 1 agus 2
- nuair is léir go bhfuil an bhearna idir an páiste nó an duine óg agus a gcuid piaraí ag dul i méid d'ainneoinn na hidirghabhála dírithe ag úsáid mhúnla na freagartha grádaithe
- Fianaise go bhfuil riachtanais shuntasacha agus/nó chasta foghlama ag an pháiste/duine óg, ar nós **Géardheacrachtaí Foghlama (GDF)** nó **Deacrachtaí Troma agus Iomadúla Foghlama (DTIF)**.

## Pleanáil & Gníomhú



Déantar an PPF a nuashonrú lena thaifeadadh go bhfuil an páiste anois ag céim 3 agus le hábhar an ráitis a léiriú i suíomh na spriocanna PPF bunaithe ar chuspóirí an tsoláthair speisialta oideachais.

**Chomh maith leis an chur chuige uilescoile, céim 1 agus céim 2, thiocfadh leis na rudaí seo a leanas a bheith san áireamh leis na straitéisí/soláthar ag céim 3:**

- Tacaíocht bhreise don scoil ó SMRA le cuidiú le hionchuimsiú don pháiste/duine óg sa dóigh is go mbeidh rochtain acu ar an churaclam. Déanfaidh SMRA an cineál tacaíochta a shonrú. Seo samplaí den tacaíocht seo:
  - cúntóir ranga RSO ainmnithe nó roinnte más gá
  - tacaíocht chúnaimh ghinearálta
  - am breise teagaisc
  - trealamh
- Comhairle, oiliúint, treoir lorgtha ó fhoireann áitiúil TIONCHAIR an ÚO ach iad a iarraidh
- Timpeallacht foghlama mhionathraithe le freastal ar riachtanais an duine aonair agus deiseanna le bheith ag obair ar chláir foghlama atá curtha in oiriúint don duine aonair
- Deiseanna le bheith ag obair ar chláir struchtúrtha ghrádaithe sheicheamhacha, le tacaíocht ó dhuine fásta
- Gníomhaíochtaí agus tacaíocht a chuireann scileanna neamhspleácha foghlama chun cinn
- Gnáthamh oibre ina bhfuil foghlaim phearsanta, atá dírithe ar scileanna, cumais, agus roghanna na bhfoghlaimeoirí m.sh. ceann ina bhfuil sosanna agus tascanna beaga dírithe
- Na leibhéil dul chun cinn atá ag CCSM a úsáid le dul chun cinn a rianú agus monatóireacht a dhéanamh uirthi ar fud an churaclaim agus **scileanna réamhriachtanacha (Q Skills)** le cuidiú leis an phleanáil nuair is gá.

# Soláthar Speisialta Oideachais - Céim 3 - Cognaíocht agus Foghlaim

## Pleanáil & Gníomhú



Déantar an PPF a nuashonrú lena thaifeadadh go bhfuil an páiste anois ag céim 3 agus le hábhar an ráitis a léiriú i suíomh na spriocanna PPF bunaithe ar chuspóirí an tsoláthair speisialta oideachais.

**Chomh maith leis an chur chuige uilescoile, céim 1 agus céim 2, thiocfadh leis na rudaí seo a leanas a bheith san áireamh leis na straitéisí/soláthar ag céim 3:**

- Tuilleadh straitéisí le tacú leis an pháiste/an duine óg a bhfuil géardheacrachtaí foghlama aige, cliceáil ar
- SFS an ÚO(Cáipéis ar an Fhreagairt Ghrádaithe GDF)




- Riachtanais foghlama atá ag teacht go maith le leibhéal an pháiste/an duine óig agus a gcuid riachtanas, tá pleanáil chúramach ón mhúinteoir de dhíth ag an leibhéal seo, a chinntíonn go gcuirtear le foghlaim an pháiste/an duine óig chomh maith le deiseanna agus gníomhaíochtaí a chur ar fáil dóibh a chuireann ar chumas iad a bheith rathúil go neamhspleách
- Tarfhoghlaim, daingniú, foghlaim de ghlanmheabhair, foghlaim saor ó earráidí
- Tuismitheoirí/cúramóirí ag freastal ar chruinnithe rialta le foireann na scoile agus saineolaithe ar bith atá i gceist, ag cur deis ar fáil le heolas a roinnt agus cur chuige seasmhach comhtháirgiúil a fhorbairt
- Foghlaim phraiticiúil nithiúil le tacaíocht ó choincheapa ón tsaol réadúil, leideanna amhairc, agus tascanna simplithe taifeadta
- Smaoineamh ar struchtúr fisiciúil agus timpeallacht ranga le tacú le páistí/daoine óga a bhfuil deacrachtaí foghlama acu
- Níos mó aird ar úsáid na teicneolaíochta cúnta le cuidiú leis an pháiste/an duine óg le tacú lena fhoghlaim
- Smaoineamh ar leibhéil rannpháirtíochta agus an dóigh leis seo a chur chun cinn don pháiste/duine óg.

## Monatóireacht, Meastóireacht agus Athbhreithniú

Ag céim 3, tá ráiteas ar riachtanais speisialta oideachais ag an pháiste/an duine óg. Leanfar de chur i bhfeidhm an PPF agus tá sé ag brath ar mhonatóireacht, meastóireacht, agus athbhreithniú rialta. Beidh an PPF mar bhonn faoin eolas oideachais le tacú le heolas a dhéanamh don athbhreithniú bhliantúil ar an ráiteas Tá an scoil go fóill freagrach as foghlaim laethúil an pháiste, ag roinnt na freagrachta leis an ÚO agus, nuair is cuí, leis an Iontaobhas SCS. Ba chóir ionchur ó Ghairmeacha/seirbhís aistrithe an ÚO ag príomhphointí a chur san áireamh nuair is cuí.

### PPF

Tá monatóireacht leanúnach ar PPF an pháiste/an duine óig de dhíth lena dhul chun cinn a shocrú i dtaca leis na torthaí pearsantaithe a bhaint amach. Sa mheastóireacht agus san athbhreithniú ar an PPF, ba chóir go ndéanfar machnamh ar:

- Éifeachtúlacht na straitéisí
- Tionchar an tsoláthair
- Eolas nua nó tosca atá ar eolas anois
- Cinnteoidh na próisis mheastóireachta agus athbhreithnithe seo go bhfuil soláthar ón ÚO tráthúil agus freagrúil i dtaca leis na riachtanais atá ag athrú.

### Athbhreithniú Bliantúil

Déanfar athbhreithniú bliantúil ar an ráiteas ar riachtanais oideachais le dul chun cinn an pháiste/an duine óig a shocrú. Le hionchur ó ghairmithe oideachais agus/nó gairmithe sláinte leighis/comhghaolmhara, déantar éifeachtúlacht na straitéisí, tionchar na n-idirghabhálacha roimhe seo, eolas nó tosca nua a roinnt, lena chinntiú go bhfuil an ráiteas ar riachtanais oideachais ag freastal ar riachtanais an pháiste/an duine óig.

### Barúlacha an pháiste/an duine óig & tuismitheoir(í)

Tá barúlacha an pháiste/an duine óig & tuismitheoir(í) lárnach sa phróiseas monatóireachta, meastóireachta agus athbhreithnithe.

**Leanfaidh an páiste ar aghaidh ag céim 3 agus gheobhaidh sé tacaíocht go dtí go gcinnfidh an tÚO nár chóir an ráiteas a choinneáil ag dul.**

**Féach fosta Sreabhchairteacha agus Seicliostaí**[na Roinne Oideachais]

# Sóisialta, Iompraíochta, Mothúchánach agus Folláine

An Fhreagairt Ghrádaithe



# Riachtanais Shóisialta, Iompraíochta, Mhothúchánacha agus Folláine (SIMF)

Aithnítear sa ‘chur chuige uilescoile/uileshuímh’ go bhfuil achan duine freagrach as riachtanais shóisialta, iompraíochta, mhothúchánacha agus folláine (SIMF).

Mar oideoirí, is gá dúinn gealltanas a thabhairt go dtuigfidh muid achan pháiste/duine óg agus go n-amharcfaidh muid ar iompraíochtaí mar riachtanais seachas mar iompar atá le hathrú. Leagtar táscairí riachtanas agus na torthaí fóirsteanacha tacaíochta a bhfuiltear ag súil leo amach sa roinn seo de chreatlach na freagartha grádaithe. Ba chóir cuimhneamh orthu seo le linn na **sainaitheanta, na pleanála, an ghníomhaithe, na monatóireachta, na meastóireachta,** agus **an athbhreithnithe.**


Cuireann Comhad Acmhainní RSO na RO béim ar fhreagairt ghrádaithe mar rud atá ríthábhachtach le tacú le daltaí a bhfuil riachtanais SIMF acu, as siocair go gcaithfidh sé seo teacht ó éiteas tacúil uilescoile, atá bunaithe ar chomhchúram. Ligeann sé seo d’idirghabhálacha do phaistí/daoine óga ag a bhfuil riachtanais SIMF a bheith mar chuid den tacaíocht uilescoile seachas mar rud úr sa bhreis.

***Baineann ábhar na cáipéise seo leis an bhunscolaíocht agus an iar-bhunscolaíocht.***

Is riachtanais ar leith iad riachtanais SIMF sa dóigh is go mbeidh na riachtanais sa réimse seo ag achan duine ag pointí áirithe ina saolta. Mar sin de, tá sé thar a bheith tábhachtach go ndéantar éiteas uilescoile a dhearadh, a thógail, agus a choinneáil ina bhfuil gealltanas lenár ndaltaí, ár dtuismitheoirí/cúramóirí agus ár gcomhghleacaithe ar fad a thuiscint agus le tacaíocht a thabhairt dóibh i dtimpeallacht chomhchúraim. Ní gá go mbeadh riachtanais bhreise sa réimse seo ann san fhadtéarma, agus níor chóir go mbeadh náire ar bith ag baint leo.

**Acmhainn Úsáideach:**

- Working with the Whole School Community to Understand, Nurture and Support Social Behaviour and Emotional Wellbeing - SEN Resource File


Working with the Whole School Community to Understand, Nurture and Support Social Behaviour and Emotional Wellbeing

# Táscairí agus Torthaí Uileaghabhálacha - SIMF




De réir mar a théann tú tríd an **Mhúnla SPGMMA** mar chuid den fhreagairt ghrádaithe, dírigh níos mó ar **an riachtanas atá á chur in iúl** seachas ar na **hiompraíochtaí** iad féin.

**Maidir le daltaí a bhfuil RSO acu a bhaineann le SIMF:**


- Beidh deacrachtaí acu i bhforbairt a gcuid scileanna sóisialta, iompraíochta, mothúchánacha agus a riachtanais folláine
- B'fhéidir go mbeadh scileanna sóisialta neamhaibí acu agus bheadh sé doiligh acu dea-chaidrimh a thosú agus a choinneáil, rud a chuireann isteach ar a bhfoghlaim agus a dhul chun cinn ar scoil
- B'fhéidir go léireodh siad mírialú go minic (idir hipiléiriú agus hipirléiriú)
- B'fhéidir go léireodh siad iompraíochtaí/gníomhartha atá ina n-ábhar sábháilteachta
- B'fhéidir nach mbeadh a lán teagmhála/caidirmh acu le daoine fásta agus/nó piaraí
- B'fhéidir nach mbeadh siad rannpháirteach i ngníomhaíochtaí nó gnáthaimh le daoine fásta
- B'fhéidir go mbeadh gnéithe dá dtimpeallacht nó caidrimh doiligh acu.

**Táscairí eile:**

- B'fhéidir go bhfuil bunriachtanais shóisialta, mhothúchánacha agus/nó mheabhairshláinte acu, measta go foirmiúil ag gairmithe
- B'fhéidir nach bhfuil duine fásta sábháilte/iontaofa ag tabhairt aire dóibh
- B'fhéidir gur bhain tráma dóibh
- B'fhéidir go raibh a lán drocheispéireas acu le linn a n-óige
- B'fhéidir nár tugadh an aire cheart dóibh sna luathbhlianta
- B'fhéidir go bhfuil taithí acu leis an chúram bhreise/mhalartach m.sh. cúramóir eile/uchtaithe.

# Táscairí agus Torthaí Uileaghabhálacha - SIMF

Bíodh sé ag leibhéal Uilescoile, Céim 1, Céim 2 nó Céim 3, caithfidh an tacaíocht a bheith dírithe ar an riachtanas sainaitheanta, ag baint úsáid as liosta spriocanna na ndaltaí mar threoir i dtaca le dul chun cinn.





**Spriocanna na nDaltaí**

Beidh pleananna ag daltaí ina bhfuil na spriocanna seo a leanas (**le sonrú ón SIMF a léiríonn siad**):

- Mothú sábháilteachta níos mó
- Níos mó caidreamh
- Mothú níos muintearais
- Níos mó rannpháirtíochta leis an fhoghlaim agus caidreamh leis an timpeallacht foghlama

De bharr na spriocanna seo, beidh níos mó rannpháirtíochta leis an fhoghlaim agus caidreamh leis an timpeallacht foghlama.






Is bealach é an cur chuige bithshíceasóisialta le smaoineamh ar na tosca iomlánaíoch a d'fhéadfadh a bheith ag cur isteach ar pháiste/duine óg.

# Cur Síos ar Chatagóirí ar leith RSO & Táscairí - SIMF

Níor chóir amharc ar an dá chatagóir **Deacrachtaí Sóisialta agus Iompraíochta (DSI) agus Deacrachtaí Folláine (DF)** gan amharc ar na táscairí riachtanas agus na spriocanna don chatagóir uileghabhálach SIMF. Bíonn na fochatagóirí seo i gcónaí le sonrú taobh lena chéile.

**Táscairí Riachtanas**

Léireoidh daltaí sna dá chatagóir seo na táscairí riachtanas seo a leanas, ar bharr na dtáscairí sa chatagóir uileghabhálach:

- Fianaise de bhun-neamhord meabhairshláinte atá sainaitheanta ag an ISCS m.sh. giúmar íseal, imní, dúlagar, féindochar, mí-úsáid substaintí, neamhoird itheacháin nó siomptóim chorpartha nach bhfuil mínithe ó thaobh leighis de
- Deacracht le gnéithe dá dtimpeallacht nó caidrimh m.sh. rólódáil chéadfach, athruithe ar an ghnáthamh, eagla roimh theip nó droch-chaidrimh le piaraí
- B'fhéidir go bhfuil fadhb shláinte nó diagnóis fhisiciúil acu m.sh. NEA, NHEA, Neamhord Ceangail, Uathachas

**Spriocanna**


Sprioc eile ar bharr na spriocanna uileghabhálacha SIMF do pháistí agus daoine óga sna fochatagóirí seo is ea **níos mó comhoibrithe idir an páiste nó an duine óg agus a lucht cúraim**, ag teacht ó fheasacht agus tuiscint ar na fadhbanna sláinte atá le sonrú.



# Cur Síos ar Chatagóirí ar leith RSO & Táscairí - SIMF

**Iompraíocht Fhíordhúshlánach (IFD) a bhaineann le GDF**

Níor chóir ach daltaí a bhfuil GDF acu a chur sa chatagóir seo, agus fíorchorruair, daltaí a bhfuil DTIF acu. Is minic a léiríonn daltaí a bhfuil GDF agus DTIF acu IFD agus mar gheall air sin, riartar ar a riachtanais agus/nó rialaítear a dtimpeallacht. Cuireann IFD an duine féin agus daoine eile i mbaol, agus is minic a dhéantar dochar don timpeallacht dá bharr. Is dócha go mbeidh baint ag daltaí a léiríonn IFD le seirbhísí ISCS. Tá measúnú riosca déantar ar dhaltaí a léiríonn IFD, agus déantar plean bainistithe riosca agus/nó plean tacaíochta don dalta bunaithe air sin, ina bhfuil aon chógas nó riachtanais do láimhsiú sábháilte.



**Táscairí Riachtanas**

Is leis na táscairí uileghabhálacha riachtanais SIMF a luaitear daltaí san fhochatagóir seo go minic. I gcásanna eile, má thagann IFD chun cinn go tobann, is léiriú é sin go bhfuil dalta i bpian nó trína chéile, ach nach bhfuil an dalta ábalta a gcuid riachtanas a thuiscint ná a chur in iúl

**Spriocanna**

Coinneofar súil ghéar ar dhaltaí a bhfuil IFD acu ar agus beidh tacaíocht acu i scoil ina bhfuil oiliúint agus taithí ag an fhoireann i dtaca le tuiscint ar riachtanas na ndaltaí a léiríonn IFD, agus iad a fhreagairt. Leis na coigeartuithe cearta ar an timpeallacht, is féidir iompraíocht fhíordhúshlánach an dalta a laghdú agus a mhaolú.

I measc na dtorthaí eile, beidh daltaí ábalta a riachtanais a thuiscint níos fearr agus a chur in iúl. Beidh na príomhdhaoine fásta taca ábalta cumarsáid neamhbhriathartha an dalta a léamh agus a thuiscint.

# Réasúnaíocht le hIompar a Thaifeadadh - SIMF

Nuair atá tú ag taifeadadh agus ag rianú le linn an phróisis seo tá sé tábhachtach gurb ionann iompraíocht agus cumarsáid **I GCÓNAÍ**. Mar ghairmithe, is gá dúinn ár bhfianaise choimeádta taifead agus idirghabhálacha a chinntiú le go sainaithneoidh muid gur comharthaí mírialaithe iad na hiompraíochtaí seachas sáruithe iompair.

Tuigtear agus tacaítear le gach SIMF i gcomhthéacs RSOM seachas disciplín.
Ba chóir go mbeadh sé soiléir ónár dtaifid go bhfuil tacaíocht ann atá bunaithe ar shábháilteacht agus teagmháil chaidrimh leis an dalta beag beann ar an iompraíocht a léiríonn sé.

Agus aird á tarraingt ar iompraíochtaí feiceálacha, déan iad a thaifead i gcónaí i gcomhthéacs na dtáscairí uileghabhálacha*. Mar shampla: *Bíonn gnéithe den spás oscailte sa chlós súgartha doiligh ag Martina, agus nuair a tharlaíonn sé seo, déanann sí iarracht imeacht thar an sconsa.*


Cuimhnigh go bhfuil sé tábhachtach hipiléiriú a thabhairt fá deara fosta - is féidir é seo a chailleadh as siocair go mb'fhéidir nach bhfuil an páiste ag léiriú iompraíochtaí a bhriseann rialacha na scoile.

- **Mírialú rialta (idir hipiléiriú agus hipirléiriú)***
- **Iompraíochtaí/gníomhartha atá ina n-ábhar sábháilteachta**
- **Easpa teagmhála/caidirmh acu le daoine fásta agus/nó piaraí**
- **Easpa rannpháirtíochta i ngníomhaíochtaí nó gnáthaimh le daoine fásta**
- **Deacracht le gnéithe dá dtimpeallacht nó caidrimh**




# An Fhreagairt Ghrádaithe - SIMF

Léiríonn na léaráidí thíos an contanam foghlama ón chéim uilescoile go dtí céim 3 agus cén sórt tacaíochta bheas ann don pháiste/duine óg ar fud an chontanaim.




- Freagairtí caidreamhacha uilescoile ar SIMF
- Cleachtóirí athmhachnamhacha
- Gealltanas le gach duine i bpobal na scoile a thuiscint
- Éiteas na scoile, an timpeallacht fhisiciúil agus polasaithe a bhaineann
- Tionscadail folláine beartaithe uilescoile
- Guth an dalta molta, cumasaithe, agus leabaithe

**Céim 1**



- Sainaithin líonra daoine fásta a thacaíonn leis an dalta
- Sainaithin oiliúint chuí ar líne m.sh. don líonra thart ar an dalta
- Líne chabhrach le plé a dhéanamh ar an tacaíocht atá beartaithe ón líonra

**Céim 2**



- Bíonn baint ag Seirbhísí ÚO agus an ghníomhaireacht sheachtrach ansin le tacú go díreach leis an líonra daoine fásta atá ag an dalta.

**Céim 3**




- *Oibríonn SPO agus SMRA leis an líonra daoine fásta atá ag an dalta agus na gníomhaireachtaí seachtracha le ráiteas RSO daltalárnach a fhorbairt.

***Seans go mbainfear úsáid as Síceolaíocht an Oideachais ag na céimeanna luatha den Chód Cleachtais.**

# Soláthar Oideachais Uilescoile - SIMF

## Sainaithint (Féach fosta na táscairí agus torthaí uileghabhálacha)





An Scoil Uile

Táiarrachtaí seasmhacha beartaithe le caidrimh shláintiúla agus teacht aniar a bhunú i measc phobal na scoile de dhíth chun éiteas uilescoile a chruthú a ligeann do thuiscint ar an dóigh le tacú le riachtanais SIMF ar bhealach éifeachtach trí chur chuige coisctheach réiteach-dhírithe. Ba chóir go mbeadh cleachtadh athmhachnamhach agus gealltanas le gach duine i bpobal na scoile a thuiscint agus a spreagadh, agus le tacú leo a ndícheall a dhéanamh san áireamh le cur chuige uilescoile bunaithe ar fhócas caidreamhach.


Is píosa oibre leanúnach é an cur chuige uilescoile, agus beidh athbhreithniú agus leasuithe rialta de dhíth fána choinne mar gheall ar na páistí agus na daoine óga sna pobail scoile s'againn, a athraíonn i rith an ama. Má oibríonn rud éigin do ghrúpa amháin daltaí, is dócha go mbeidh sé le leasú do ghrúpa eile. Ba chóir go mbeadh aird na foirne ar fad dírithe ar na spriocanna dearfacha a bhaineann leis an chur chuige seo

**Tá mionsonraí maidir leis an dóigh le héiteas uile scoile le tacú le léiriú SIMF na riachtanas leagtha amach sa treoir seo a leanas do scoileanna:**





**SEN Resource File (Ctrl & cliceáil ar an íomhá)**

- Lch 7 Whole School Ethos
- Lch 48 Staff Audit Where are we now?- signpost to positive behaviour policy training
- Lch 51 Policy and Planning
- Lch 57 Our Class Plan




Tugann **Putting Care in Education** léargas do gach ball foirne ar scoil ar an dóigh a dtéann luath-thráma caidreamhach i bhfeidhm ar fhorbairt an pháiste.

## Pleanáil agus Gníomhú




**Seiceáil Éiteas na bPolasaithe (ag teacht le Pro Forma Cumhdaigh de an COO)**

Tá dualgas ar an scoil cinnte a dhéanamh go bhfuil cumhdach i bhfeidhm in achan ghníomhaíocht agus imeacht, rud a chothaíonn cultúr cúraim.


Agus éiteas uilescoile atá bunaithe ar chomhchúram á thabhairt chun cinn, tá sé úsáideach athbhreithniú a dhéanamh ar na polsaithe seo a leanas le hailíniú a chinntú:




- Polasaí Cosanta/Cumhdaigh Leanaí
- Polasaí Tinrimh
- Polasaí maidir le Dea-Iompar a Chur Chun Cinn
- Polasaí Tréadchúraim
- Polasaí maidir le hAghaidh a thabhairt ar Thromaíocht
- Polasaí maidir le Teagmhais Chriticiúla
- Polasaí maidir le Láimhsiú Sábháilte
- Polasaí Riachtanais Speisialta Oideachais agus Míchumais
- Polasaí maidir le Garchabhair & Leigheas a Thabhairt
- Polasaí Sláinte agus Sábháilteachta
- Polasaí maidir le Drugaí/Substaintí Neamhdhleathacha
- Polasaí Oideachais maidir le Caidrimh & Gnéasacht
- Polasaí maidir le Dlúthchúram Pearsanta
- Polasaí maidir le Ríomhshábháilteacht ar líne
- Polasaí maidir le Cuairteanna Oideachasúla
- Polasaí maidir le Baill Foirne Deonacha agus Cuairteoirí
- Polasaí maidir le Cód Cleachtais na Foirne
- Polasaí maidir le Gearáin

# Soláthar Oideachais Uilescoile - SIMF

## Pleanáil agus Gníomhú





Nuair atá tionscnaimh á dtabhairt isteach sa scoil, roghnaigh go cúramach an fhreagairt ar riachtanais atá sainaitheanta ag measúnú iomlánaíoch agus i gcomhthéacs pleanála forbartha na scoile i gcoitinne. Gríosóidh sé seo pobal na scoile rannpháirtíocht éifeachtach a dhéanamh ar mhaithe le tionchar níos mó. Ba chóir go mbeadh tionscnaimh nua ag teacht le reachtaíocht agus treoir an RG.

Tá am de dhíth le hoiliúint a chur ar achan duine atá i gceist, sa dóigh is go mbeidh siad cleachta orthu, go dtuigfidh siad iad.

**Gníomhaireachtaí/eagraíochtaí seachtracha úsáideacha ar nós:**

- Rights Respecting Schools Award
- Nurture Network & BOXALL
- GL PASS
- Safeguarding Board NI
- Soláthróirí neamhbhrabúis san earnáil dheonach
- Community HUB
- Roots of Empathy

Tá mionsonraí maidir leis an dóigh le cur chuige uile scoile le tacú le léiriú SIMF na riachtanas leagtha amach sa treoir seo a leanas do scoileanna:




Working with the Whole School Community to Understand, Nurture and Support Social Behaviour and Wellbeing (Where are we now? – Lch 48, Policy and Planning - Lch 51, Our Class Plan - Lch 57)


**(Ctrl & cliceáil ar an íomhá)**

**Naisc úsáideacha eile:**

- Putting Care into Education
- Boxall Profile
- Family Support NI

# Soláthar Oideachais Uilescoile - SIMF

## Pleanáil agus Gníomhú




**Thiocfadh leis na rudaí seo a leanas a bheith san áireamh le pleananna agus gníomhartha:**

- **Tionscnaimh & Cláir Oiliúna Uilescoile maidir le Tacaíocht Iompair Réigiúnach** atá ar fáil ar eolaire Oiliúna SPDÓ ar nós: Connect and Nurture, Use of Assessment Tools, Calm Plan, A Positive Approach to Risk Reduction & Action Plan, Class SBEW Plan/PLP, Better Together (Special Schools programme), Nurture in Education Programme, Addressing Bullying in Schools, Restorative Practice, High Five Friday, Response to Behaviour that Requires Intervention, Supporting a Child in Crisis, Supporting a Pupil With a Statement for SBEW.


- **An Mol Acmhainní Cúig in Airde**
  Cliceáil ar an íomhá le hamharc thart ar an Mhol Acmhainní Cúig in Airde. Gheobhaidh tú réimse gníomhaíochtaí úsáideacha anseo atá réidh le húsáid le tacú le sláinte agus folláine mhothúchánach phobal na scoile s'agat. Cuirtear acmhainní nua ar an Mhol i gcónaí agus tá a lán smaointe maithe ann, roinnte ag baill foirne agus daltaí sna scoileanna le T&SIB. Tacaíonn an scoil go díreach leis an treoir is déanaí atá le fáil sa Chomhad Acmhainní RSO sa chaibidil ar SIMF.

**Ctrl & Cliceáil ar an íomhá le tuilleadh eolais a fháil**



- Rochtain ar an líne chabhrach le plé a dhéanamh ar an tacaíocht ón líonra - Tá an **Líne Chabhrach Ghutháin do Chomhairle & Tacaíochta** (SEND Central) ar fáil Luan go hAoine 9am go 4:30pm 028 90317777

## Pleanáil agus Gníomhú




**San áireamh leis pleananna agus na gníomhartha eile:**

Is féidir le seirbhísí an ÚO a bheith ag obair le scoileanna i dtaca le forbairt na gcur chuige uile scoile le dea-iompar a chur chun cinn agus straitéisí atá fóirsteanach do ranganna nó grúpaí daltaí ar leith. Beidh fairsinge na hoibre ag brath ar aontú leis an scoil maidir le húsáid an ama seirbhíse atá ar fáil.

Mar shampla:


- obair ar pholasaithe agus nósanna imeachta na scoile, amhail forbairt ar na polasaithe dea-iompair nó tacaíocht do na foirne cúraim/RSO
- comhairle ar chuir chuige teagaisc agus foghlama
- ionchur i bhforbairt foirne
- comhairle ar straitéisí uileranga
- straitéisí measúnaithe agus idirghabhála a roinnt
- obair ghrúpa le daltaí a bhfuil na riachtanais chéanna acu, amhail scileanna sóisialta,
- maolú teannais, tógáil teacht aniar
- comhairle le Mol agus/nó foireann tacaíochta agus folláine daltaí a bhunú thart ar an dalta/duine óg
- **Mapáil Iompair Uilescoile** - curtha le chéile mar chreatlach le húsáid ag scoileanna le go dtig leo feabhas a chur ar a gcumas le haghaidh a thabhairt ar iompraíochtaí atá ina n-ábhar imní. Is iniúchadh ar iompar taobh istigh den scoil é seo, ó leibhéal uilescoile (macrai-leibhéal) go leibhéal grúpaí nó duine aonair (micri-leibhéal). Is é atá i gceist leis ná daltaí aonair, grúpaí daltaí, amanna, áiteanna sa scoil a shainaithint go luath Uirlis a chuidíonn le scoileanna athmhachnamh a dhéanamh ar phatrúin iompair agus na straitéisí atá i bhfeidhm.

Baineann tacaíocht uilescoile le pobal na scoile ar fad, idir dhaltaí agus fhoireann.

**Naisc úsáideacha:**

- [Tacaíocht Iompraíochta - An Iar-bhunscolaíocht]
- [Behaviour Support - Primary]

## Monatóireacht, Meastóireacht & Athbhreithniú




Is féidir le scoileanna monatóireacht, meastóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn na soláthar uilescoile seo mar chuid de mheasúnú leanúnach sa scoil, taobh istigh d'achar ama sainithe.

Déan an dul chun cinn a mheas tríd an timthriall leanúnach, **Sainaithint, Pleanáil, Gníomhú, Monatóireacht, Meastóireacht & Athbhreithniú**.

Ba chóir rannpháirtíocht fhoireann na scoile, an pháiste/an duine óig agus na dtuismitheoirí/gcúramóirí a chur san áireamh sa timthriall 6-chuid.



Agus straitéisí á gcur i bhfeidhm ag leibhéal uileshuímh/ranga, lean den mhonatóireacht agus meastóireacht leis na heochaircheisteanna seo:


- **Cad é atá ag dul go maith?**
- **Cad é atá ag cuidiú?**
- **Cad é nach bhfuil ag dul go maith?**
- **Cad é a chuideodh?**

Ná déan dearmad ar am a thabhairt don ghrúpa páistí/daoine óga s'agat le forbairt a dhéanamh. Má tá na ceisteanna seo leabaithe in intinn na foirne, beidh deiseanna ann le dul i dtaithí ar chúrsaí i gcónaí le linn na bliana le freastal ar na riachtanais a léiríonn an grúpa.

**Féach fosta Sreabhchairteacha agus Seicliostaí**na Roinne Oideachais

# Soláthar Speisialta Oideachais - Céim 1 - SIMF

## Sainaithint (Féach fosta na táscairí agus torthaí uileghabhálacha)



**Céim 1**

Is minic a chaileann páistí/daoine óga a léiríonn riachtanais SIMF cuid de na cairdis atá acu dá bharr. Tarlaíonn sé seo mar gheall ar iompraíochtaí dúshlánacha contúirteacha, agus fágtar ar lár ó chlubanna nó gníomhaíochtaí spraíúla ar scoil iad dá bharr, nó bíonn siad cúlanta cúthail. Is cuma cén chúis, ní bhíonn an tacaíocht chéanna acu ó na caidrimh atá acu dá bharr, agus méadaíonn na riachtanais SIMF dá réir sin.

Tá sé ríthábhachtach, mar sin, go ndéanann an tacaíocht a fhaigheann an páiste/an duine óg sábháilteacht agus muintearas a bhunú, agus go gcosnaíonn agus go dtacaíonn sí leis na dea-chaidrimh a oiread agus is féidir sa scoil agus sa bhaile. Is gá smaoineamh ar riachtanais ama neamhstruchtúrtha (ar maidin, am sosa, am lóin agus deireadh an lae) leis an eisiamh a sheachaint.

*... the more you try to see the world from the child's point of view and the safer you make him feel, the better his behaviour is likely to be and the more likely you are to find ways of further improving it".*

*Dr Bruce Perry The Boy Who was raised as a Dog.*

*As you connect, take notice of what it is like to be this young person right now and help them take notice of themselves. What are their recurring thoughts? What is their visible behaviour communicating? What are their triggers? What are their strengths?*


***SEN Resource File: Working with the Whole School Community to Understand, Nurture and Support SBEW***

*These pupils need understanding and support not judgement. They need us to notice what their behaviour is communicating, and they need us to be on their side as they learn to overcome this challenge. We need to confidently focus our support on the unmet need underneath the behaviour and resist re-traumatisation.*

***SEN Resource File: Working with the Whole School Community to Understand, Nurture and Support SBEW***

# Soláthar Speisialta Oideachais - Céim 1 - SIMF

## Sainaithint (Féach fosta na táscairí agus torthaí uileghabhálacha)




**Nuair a léiríonn páiste/duine óg táscairí riachtanas SIMF**, is é an chéad chéim ná teagmháil a dhéanamh agus aird a thabhairt. Gabh ort tuiscint a fháil ar an dalta agus déan amach cén riachtanas atá á léiriú tríd na hiompraíochtaí.

Tá an treoir le teagmhail a dhéanamh agus aird a thabhairt mar an gcéanna, is cuma cén chéim thacaíochta ag a bhfuil an dalta. Beidh an tsainaithint agus an tacaíocht is iontaofa le fáil ó chur chuige caidreamhach oiriúnaithe. Níl uirlisí casta tomhais ná bonnlíne de dhíth fána choinne seo - coinnigh simplí agus fá dtaobh den dalta é.

**Cuimhnigh:**

- Déan iarracht tuiscint a fháil ar an dalta agus smaoinigh ar bhunchúiseanna dearfacha taobh thiar de na hiompraíochtaí a léirítear - cén riachtanas fíor a bhfuil siad ag iarraidh freastal air?
- Éist chun an dearcadh s’acu a thuiscint
- Bain úsáid as teanga a léiríonn comhbhá agus gean seachas drochbhreithiúnas.

- Mothú sábháilteachta níos mó (cad é mar a dhéanfaidh muid spás sábháilte don pháiste/duine óg seo?)
- Níos mó caidreamh (cad é mar a chinnteoidh muid go bhfuil caidrimh dhílse ag an pháiste/duine óg seo inár suíomh?)
- Níos mó muintearais (cad é mar a chuirfidh muid in iúl don pháiste/duine óg seo gur mhaith linn é a bheith anseo linn?)
- Níos mó rannpháirtíochta leis an fhoghlaim agus caidreamh leis sa timpeallacht foghlama (cad é an bealach is fearr leis na heispéiris foghlama s’againn a shocrú le go mbeidh an páiste/an duine óg seo rannpháirteach?)



## Sainaithint

**Tabhair Aird**

Is cuma cén aois atá ag an pháiste/an duine óg, is féidir comharthaí neamhbhriathartha agus leideanna coirp a thabhairt fá deara go luath.

Déan tagairt do na leideanna seo agus tú ag tabhairt aird ar an pháiste/duine óg. Gabh ort tuiscint a fháil ar na riachtanais atá ag an dalta/an duine óg anois agus cad is féidir a dhéanamh le cuidiú.

Tugann na leideanna seo treoir le príomhbhail an pháiste/an duine óig a shocrú, agus déanfaidh siad eolas díreach do phleanáil agus gníomhartha.

**Rialaigh**

Cá huair a bhíonn an páiste/an duine óg seo socair - cá bhfuil siad, cé leis a bhfuil siad agus cad é atá siad a dhéanamh?

Cad iad na comharthaí neamhbhriathartha a léiríonn go bhfuil an páiste/an duine óg seo trí chéile?

An mothaíonn an páiste/an duine óg seo sábháilte sa timpeallacht ranga?

An mothaíonn an páiste/an duine óg seo sábháilte sna háiteanna sa scoil nach bhfuil faoin mhaoirseacht chéanna (m.sh. an clós súgartha, idir ranganna, an bus scoile srl.)?

Cá háit a bhfuil an páiste/duine óg ar an scála mímhuinín go muinín?

**Réitigh**

Cad é atá ag dul go maith don pháiste/duine óg seo?

An bhfuil an páiste/duine óg seo compordach ag aithint rudaí maithe ina shaol?

An bhfuil a fhios ag an pháiste/duine óg seo gur maith le daoine fásta é?

An bhfuil a fhios ag an pháiste/duine óg seo gur maith lena chuid piaraí é?

An bhfuil a fhios ag an pháiste/duine óg seo an dóigh le déileáil le coimhlint idir piaraí?

Cá háit a bhfuil an páiste/duine óg ar an scála mímhuinín go muinín?

**Réasúnaigh**


Tabhair fá deara patrúin leanúnacha smaointe (dearfacha agus diúltacha)

An mothaíonn an páiste/duine óg seo sábháilte ag iarraidh cuidithe?


An mothaíonn an páiste/duine óg seo muiníneach agus é ag foghlaim?

Cad iad na comharthaí neamhbhriathartha a léiríonn go bhfuil an páiste/duine óg seo socair?

Cá háit a bhfuil an páiste/duine óg ar an scála mímhuinín go muinín?



## Sainaithint



**Ceangail**

Thiocfadh dó go léiríonn an páiste nó an duine óg easpa muiníne agus go mbeidh am de dhíth air le mothú sábháilte go leor le ceangal le daoine fásta. Is treoir úsáideach é an Scála Mímhuinín go Muinín agus na caidrimh iontaobhacha á dtógáil, **curtha le chéile ag Dan Hughes agus John Baylin**. Tá Céim a Trí agus Céim a Ceathair dúshlánach go háirithe, mar b'fhéidir go bhfuil an chuma ar an scéal go bhfuil an tógáil chaidrimh stoptha nó dulta in olcas. Is gá don fhoireann cur suas leis an éiginnteacht seo agus díriú ar a bheith sothuartha agus iontaofa i rith an ama, ag cosaint an chaidrimh leis an pháiste nó an duine óg.



**An Scála Mímhuinín go Muinín**

**Céim a hAon: Mímhuinín gan chiall**

Tá tusa gránna agus tá mise go holc!

**Céim a Dó: Mearbhall maith**

Bháú! Tá sé seo aisteach, tá tusa difriúil leis na daoine fásta eile a bhfuil aithne agam orthu!

**Céim a Trí: Coimhlint**

Muinín nó mímhuinín

**Céim a Ceathair: Muinín a chleachtadh seachas mímhuinín**


**Céim a Cúig: Réiteach coimhlinte**

Tá muinín agam ionat agus is páiste maith mé

*Dan Hughes & John Baylin, Brain Based Parenting*

# Soláthar Speisialta Oideachais - Céim 1 - SIMF

## Pleanáil & Gníomhú (féach fosta **pleanáil agus gníomhú uilescoile**)



Ullmhaítear PPF leis an chatagóir/na catagóirí RSO a léiriú. Baineann an scoil úsáid as a mapa soláthair speisialta oideachais le leas a bhaint as soláthar cuí don pháiste/duine óg ag céim 1. Déanann an scoil spriocanna PPF a fhorbairt agus straitéisí a chur i bhfeidhm le tacú leis an pháiste/an duine óg ag céim 1 den Chód Cleachtais.

**San áireamh leis na pleananna agus na gníomhartha breise:**

- Líonra de dhaoine fásta tacúla thart fán pháiste/duine óg a shainaithint agus foireann a fhorbairt thart fán pháiste/duine óg. Seo grúpa de dhaoine fásta tacúla thart fan pháiste/duine óg a bhfuil SIMF aige. Tá an grúpa seo ann don dalta sa scoil ar bhealaí beartaithe teagmhasacha agus bíonn siad mar chrann taca acu.
- Oiliúint chuí ar líne a shainaithint don líonra thart fán pháiste/duine óg. Tionscnaimh & Cláir Oiliúna Uilescoile maidir le Tacaíocht Iompair Réigiúnach atá ar fáil ar eolaire Oiliúna SPDÓ

- Rochtain a fháil ar línte cabhracha tacaíochta an ÚO le plé a dhéanamh ar thacaíocht ón líonra - ar fáil ó Luan go hAoine 9am- 4:30pm
- Croíphleananna a chruthú le tacú leis an pháiste a bhfuil SIMF aige ar nós:

  - Pleanáil SIMF

  - Plean Tacaithe Suaimhnis

- Tosaigh le staid an pháiste/an duine óig agus lean ar aghaidh as sin. Pleanáil a lá leis na gníomhaíochtaí is fearr a chur san áireamh, am le duine fásta dílis, teacht le chéile, seiceáil isteach na ndaltaí srl.
- Bain úsáid as na ceisteanna sa phlean SIMF mar leideanna le teacht ar bhealaí le freastal ar na riachtanais shainaitheanta ar dhóigh chruthaitheach:


  - Cá huair a bhíonn siad suaimhneach?

  - Cé leis a mbíonn siad?

  - Cad é atá siad a dhéanamh?

- Tá sé tábhachtach deis a thabhairt don tacaíocht ag céim 1. Tabhair 6 seachtaine de ghnáth le ligean do dhul chun cinn agus tuig go mbeidh teagmhais ann.


## Monatóireacht, Meastóireacht agus Athbhreithniú



B'fhéidir go mbeadh idirghabháil agus cuir chuige bhreise de dhíth ar roinnt páistí/daoine óga chomh maith lena bhfuil curtha ar fáil sa tsoláthar uilescoile, is féidir iad seo a chur ar fáil trí sholáthar speisialta oideachais na scoile ag **céim 1** den Chód Cleachtais. Leagtar amach sa Chód Cleachtais gur gá don scoil **monatóireacht, meastóireacht, agus athbhreithniú** rialta a dhéanamh ar an tsoláthar seo, i gcomhar leis an **pháiste/an duine óg agus a thuismitheoir/cúramóir**

Bainfidh an scoil úsáid as **Plean Pearsanta Foghlama** **(PPF)**, ina leagfar amach an soláthar atá á úsáid ag an scoil leis an pháiste/an duine óg atá sa bhreis ar an tsoláthar atá á chur ar fáil ag leibhéal uilescoile. Tabharfar eolas ann fá na spriocanna atá beartaithe, agus ba chóir iad seo a rianú agus a athbhreithniú go rialta, ba chóir d'fhoireann na scoile é seo a dhéanamh **2 uair sa bhliain ar a laghad** i gcomhar leis an pháiste/an duine óg agus a thuismitheoir/cúarmóir.


**Agus athbhreithniú á dhéanamh agat, déan do mhachnamh:**




**Cuideoidh an próiseas monatóireachta, meastóireachta agus athbhreithnithe seo leis na chéad chéimeanna eile a shainaithint i dtaca le foghlaim agus soláthar don pháiste/duine óg.**

I gcás páiste/duine óig a bhfuil riachtanais SIMF aige, beidh an mhonatóireacht leanúnach agus an líonra daoine fásta tacúla ag ceangal leis an pháiste nó an duine óg agus ag tabhairt aird air. Ba chóir an t-eolas a bhailítear san am seo a ghlacadh chuig an athbhreithniú ar an phlean SIMF. Dírigh ar an riachtanas nár sásaíodh agus guth an dalta a rianú seachas na hiompraíochtaí a léiríonn an riachtanas. Nuair atá an fhoireann ag déanamh athbhreithniú ar an rud atá ag cuidiú, tá sé tábhachtach smaoineamh ar cad chuige. Tabharfaidh sé seo léargas níos mó maidir le straitéisí ar leith le triail a bhaint astu nó le coinneáil i bhfeidhm.

## Monatóireacht, Meastóireacht agus Athbhreithniú



Nuair atá an fhoireann ag déanamh athbhreithniú ar an rud atá ag cuidiú, tá sé tábhachtach smaoineamh ar cad chuige. Tabharfaidh sé seo léargas níos mó maidir le straitéisí ar leith le triail a bhaint astu nó le coinneáil i bhfeidhm.



Cuir na ceisteanna **athmhachnamhacha** seo:

- Cad é atá ag dul go maith?
- Cad é atá ag cuidiú?
- Cad é nach bhfuil ag dul go maith?
- Cad é a chuideodh?
- An bhfuil na daoine cearta againn?

Smaoinigh, an bhfuil an páiste/duine óg ag léiriú:

- Mothú sábháilteachta níos mó
- Níos mó caidreamh
- Níos mó muintearais
- Níos mó rannpháirtíochta leis an fhoghlaim agus caidreamh leis an timpeallacht foghlama

Mar chuid den **athbhreithniú** seo, ba chóir tacaíocht leanúnach, más ann do, a shainaithint tríd na céimeanna féideartha seo a leanas:

- **Rogha 1** - is féidir tacaíocht a thabhairt mar chuid den éiteas/na gníomhaíochtaí uilescoile, mar sin de, imíonn an páiste/duine óg ón Chód Cleachtais;
- **Rogha 2** - is féidir tacaíocht a thabhairt tríd an líonra tacaíochta ar scoil, mar sin de, fanann an páiste/duine óg ag céim 1; agus/nó
- **Rogha 3** - tá níos mó saineolais agus treorach de dhíth ar an líonra daoine fásta, mar sin de, is féidir leis an scoil tacaíocht bhreise a iarraidh ag céim 2

**Féach fosta Sreabhchairteacha agus Seicliostaí**[na Roinne Oideachais](#)

## Sainaithint

Tá cuir chuige dhiantacaíochta de dhíth
nuair nach riartar ar riachtanais an pháiste/an duine óig tríd an tacaíocht timpeallachta ná idirphearsanta atá curtha i bhfeidhm ag leibhéal uilescoile nó ag céim 1 den Chód Cleachtais. Cuireann an leibhéal tacaíochta seo freagairtí duine le duine rar fáil le riar ar riachtanas nár sásaíodh. San áireamh leis seo, tá straitéisí réamhghníomhacha (ar nós coigeartuithe timpeallachta, tacaíocht idirphearsanta, forbairt na scileanna cumais)
chomh maith le straitéisí beartaithe frithghníomhacha le cuidiú le rudaí a shocrú síos agus a réiteach.




Cur chuige bith-shíceashóisialta a ghlacadh ina n-aithnítear go bhfuil daoine casta agus go mbíonn a n-iompraíochta bunaithe ar chomhthéacs. Ar an dóigh seo, tá achan iompraíocht fiúntach fónta (i.e. feidhmiúil) agus tarlaíonn siad mar gheall ar an chaidreamh idir comhthéacsanna agus córais bhitheolaíocha, shíceolaíocha agus shóisialta m.sh. pian sa chorp agus deacrachtaí céadfacha, tráma agus cruachás, strus sa teaghlach, tosca pobail agus cumarsáide. Ligeann an léargas seo do chur i bhfeidhm agus comhtháthú réimse cur chuige le smaoineamh ar na riachtanais tacaíochta atá ag dalta agus plean foghlama il-chomhpháirte a chur le chéile atá saincheaptha don dalta.

Léiríonn achan iompraíocht imníoch go bhfuil tacaíocht chomhbhách de dhíth i gcomhthéacs na ndea-chaidreamh idir daltaí/daoine fásta chomh maith le freagairtí duine le duine, bunaithe ar bhailiú sonraí agus sainaithint riachtanais an dalta. Moltar go mbaineann múinteoirí úsáid as FGL chuí agus tacaíocht duine le duine á tabhairt acu.


*Deacrachtaí Iompraíochta, Mothúchánacha agus Folláine. Contanam Tacaíochta. (2007)*

## Sainaithint (Féach fosta na táscairí agus torthaí uileghabhálacha & céim 1 sainaithint)



Seans gur gá smaoineamh ar a dhaoine eile a bheith rannpháirteach má leanann táscairí na riachtanas SIMF nó má mhéadaíonn siad agus an tacaíocht i bhfeidhm. Sa chéad dul síos, tabharfaidh an tacaíocht bhreise tacaíocht don líonra daoine fásta thart ar an pháiste/duine óg. Ba chóir do na daoine fásta leanúint de bheith ag ceangal leis an pháiste/duine óg agus ag tabhairt aird air le riachtanais leanúnacha shainaithint.

Beidh béim na tacaíochta ar níos mó sábháilteachta, níos mó caidreamh agus níos mó muintearais don pháiste/duine óg seo. Ag brath ar an riachtanas, thiocfadh le tacaíocht chomhairleach agus/nó eiseamláiriú a bheith i gceist le tacaíocht dhírithe agus thiocfadh le hidirghabháil dhíreach nó socrúchán sealadach páirtaimseartha comhpháirtíochta EOTAS a bheith i gceist le diantacaíocht.
Cuireann an tacaíocht seo leis an líonra daoine fásta tacúla, ní thagann sé ina áit.




Arís eile, cuimhnigh ar na spriocanna atá beartaithe agus coinnigh aird orthu siúd nuair a thosaíonn tú ar an phleanáil agus an gníomh:

- Mothú sábháilteachta níos mó (cad é mar a dhéanfaidh muid spás sábháilte don pháiste/duine óg seo?)
- Níos mó caidreamh (cad é mar a chinnteoidh muid go bhfuil caidrimh dhílse ag an pháiste/duine óg seo inár suíomh?)
- Níos mó muintearais (cad é mar a chuirfidh muid in iúl don pháiste/duine óg seo gur mhaith linn é a bheith anseo linn?)
- Níos mó rannpháirtíochta leis an fhoghlaim agus caidreamh leis sa timpeallacht foghlama (cad é an bealach is fearr leis na heispéiris foghlama s’againn a shocrú le go mbeidh an páiste/an duine óg seo rannpháirteach?)

# Soláthar Speisialta Oideachais - Céim 2 - SIMF

## Pleanáil & Gníomhú (féach fosta pleanáil agus gníomhú uilescoile & céim 1)



Déantar an PPF a nuashonrú lena léiriú go bhfuil an páiste anois ag Céim 2 agus ba chóir go dtaifeadfar an soláthar seachtrach atá á chur i bhfeidhm ann le cur leis an tsoláthar speisialta oideachais a chuireann an scoil ar fáil. Tá an PPF á chur i bhfeidhm i rith in ama, agus tá monatóireacht agus athbhreithniú rialta á dhéanamh air.

**Chomh maith le pleananna agus gníomhartha ag leibhéal uilescoile agus céim 1, smaoinigh ar na nithe seo a leanas:**

- Athbhreithniú ar an líonra daoine fásta tacúla thart fán pháiste/duine óg. **An bhfuil na daoine cearta againn?**
- **Oiliúint chuí ar líne** a shainaithint don líonra thart fán pháiste/duine óg. Comhairle agus straitéisí curtha i bhfeidhm le tacú leis an pháiste/an duine óg taobh istigh den PPF
- Bíonn baint ag Seirbhísí ÚO agus an ghníomhaireacht sheachtrach ansin le tacú go díreach leis an líonra daoine fásta atá ag an dalta.
- Níos mó cumarsáide idir an scoil, Foireann 'áitiúil' TIONCHAIR an ÚO agus an tuismitheoir/cúramóir, rud a ligfidh d'athbhreithniú leanúnach ar riachtanais an pháiste/an duine óig. Ag an chéim seo, oibríonn foireann na scoile i gcomhar le seirbhísí tacaíochta an ÚO agus/nó gníomhaireachtaí seachtracha. Is minic a fhaightear léargas cuidiúil nuair a amharcann duine éigin eile ar chás, agus an fhoireann ag leanúint de bheith ag tacú leis an pháiste/duine óg.
- Athbhreithniú ar an phlean SIMF

Tá an treoir maidir le sainaithint go fóill ag baint le hábhar anseo, atá leagtha amach ag céim 1, agus tacaíocht á tabhairt do dhalta ag céim 2.

Roinn an t-aistear a thug an fhoireann agus an páiste/an duine óg go dtí an pointe seo.

Bain úsáid as an phlean athbhreithnithe SIMF mar thúsphointe.

Bí cruthaitheach agus coinnigh an páiste/an duine óg ag an chroílár.

Fán am seo, is gnáthrud é go mothódh an fhoireann tuirseach den chomhbhá, mar sin de, tá sé tábhachtach go gcuirtear béim ar mheon FÁIS seachas meon socraithe in éiteas tacaíochta na scoile.

Bí ag obair leis an tacaíocht bhreise le fáil amach cén dóigh a bhfuil an líonra daoine fásta thart fán pháiste/duine óg ag obair agus an mbeadh athruithe beaga ina gcuidiú.

Bí ag comhoibriú le plean nua a fhorbairt agus bí soiléir maidir le róil na foirne thart fán pháiste/duine óg.

- **Cad é atá de dhíth ar an dalta seo díreach anois?**
- **Cad é a dhéanfaidh muid le freastal ar an riachtanas sainaitheanta seo?**

## Monatóireacht, Meastóireacht & Athbhreithniú



Ag céim 2 den Chód Cleachtais, beidh dlúth-rannpháirtíocht idir an scoil agus an tseirbhís sheachtrach (An tÚO/ISCS) atá ag tacú le riachtanas an pháiste/an duine óig nár sásaíodh. Tarlóidh an mhonatóireacht, an mheastóireacht agus an t-athbhreithniú a dhéanann an scoil ar an PPF i gcomhar leis an tseirbhís sheachtrach, agus cuirfear an páiste/an duine óg agus a thuismitheoir/cúramóir san áireamh. In éineacht lena chéile, déanfaidh siad cinntí eolacha ar éifeachtúlacht na hidirghabhála/an tsoláthair dhírithe atá i bhfeidhm.

**Le cuidiú leis an éifeachtúlacht seo a thomhas, b’fhéidir go ndéanfadh tÚO na rudaí seo a leanas:**

Athbhreithniú ar spriocanna → Na tuairiscí agus na moltaí deiridh a eisiúint, ar chóir iad a chur san áireamh i PPFanna amach anseo → Soláthar curtha ar fáil do scoileanna, amhail acmhainní, aithris, oiliúint, teagasc srl...

Beidh an mhonatóireacht leanúnach agus an líonra daoine fásta tacúla ag ceangal leis an pháiste nó an duine óg agus ag tabhairt aird air. Dírigh ar an bhunriachtanas/an riachtanas nár sásaíodh agus guth an dalta a rianú seachas na hiompraíochtaí a léiríonn an riachtanas – féach an nasc: Cá bhfuil muid anois?

Arís eile, déanfaidh an fhoireann athbhreithniú ar an phlean SIMF. Tabharfaidh sé seo léargas níos mó maidir le straitéisí ar leith le triail a bhaint astu nó le coinneáil i bhfeidhm.

Lean ort ag cur na gceisteanna athmhachnamhacha seo:

- **Cad é atá ag dul go maith?**
- **Cad é atá ag cuidiú?**
- **Cá háit/cén dóigh ar féidir tógáil ar na dea-rudaí?**
- **Cad é nach bhfuil ag dul go maith?**
- **Cad é a chuideodh?**

Smaoinigh i rith an ama, an bhfuil an páiste/duine óg ag léiriú...

- Níos mó rannpháirtíochta leis an fhoghlaim agus caidreamh leis an timpeallacht foghlama?
- Mothú sábháilteachta níos mó?
- Níos mó caidreamh?
- Níos mó muintearais?

## Monatóireacht, Meastóireacht & Athbhreithniú



Tá sé tábhachtach gur follasach an chomhairle agus an treoir a chuireann na sainfhoirne taobh istigh d'fhoireann áitiúil TIONCHAIR an ÚO nó ISCS ar fáil i dtaca leis na torthaí agus na cuir chuige a úsáidtear i bpleanáil PPF don pháiste nó don duine óg.

Seans go mbeidh leibhéal, cineál nó déine an tsoláthair chéim 2 le hathrú le linn an phróisis seo má thagann riachtana(i)s nua nó níos coitianta chun cinn. Cuideoidh dlúth-chomhoibriú idir an scoil agus foireann 'áitiúil' TIONCHAIR an ÚO agus/nó ISCS le socrú an bhfuil an soláthar éifeachtach nó an bhfuil sé le hathrú.

Rachaidh go leor páistí/daoine óga ar aghaidh trí sholáthar chéim 2 agus i ndiaidh tréimhse tacaíochta, ní bheidh an soláthar seachtrach de dhíth a thuilleadh ó Fhoireann Áitiúil TIONCHAIR an ÚO nó ISCS, agus rachaidh siad ar ais go céim 1 den Chód Cleachtais.

Tá sé tábhachtach am a thabhairt don tacaíocht ag Céimeanna 1 agus 2 le bheith leabaithe. Tabhair aird ar na táscairí beaga a léiríonn níos mó sábháilteachta, níos mó caidreamh agus níos mó muintearais i dtaca leis an pháiste/duine óg seo. Ní thugann déine na n-iompraíochtaí le fios cá fhad a mhairfidh an riachtanas.

I gcás nach raibh tionchar ag soláthar chéim 2 ach ar éigean, agus go bhfuil riachtanais an pháiste/an duine óig go fóill suntasach/casta, agus nach raibh tionchar ach ar éigean ar a bhfoghlaim/a gcumas le rochtain a fháil ar an churaclam go héifeachtach, beidh cur chuige níos déine de dhíth. Is féidir smaoineamh ar iarratas a dhéanamh ar mheasúnú reachtúil ag céim 2. Agus an tÚO ag machnamh an ndéanfaidh siad measúnú reachtúil, ba cheart don scoil PPF an pháiste a chur i bhfeidhm, agus ba cheart monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh air.

**Féach fosta Sreabhchairteacha agus Seicliostaína Roinne Oideachais**



## Sainaithint (Féach fosta na táscairí agus torthaí uileghabhálacha & táscairí chéim 1)




Nuair a dhéantar iarratas ar mheasúnú reachtúil, agus an toradh air sin ná go ndéanann an tÚO **ráiteas ar riachtanais speisialta oideachais**, sainaithneofar go bhfuil an páiste ag céim 3 den Chód Cleachtais.

Leagtar amach sa ráiteas na riachtanais speisialta oideachais atá ag an pháiste/an duine óg agus cuirtear síos ar an tsoláthar agus an tacaíocht le cuidiú le freastal ar na riachtanais sin, agus an suíomh oideachais ar cheart dó dul chuige.

Tá sé tábhachtach a cuimhneamh, fiú ag céim 3, tá an tacaíocht dírithe ar níos mó sábháilteachta, níos mó caidreamh, agus níos mó muintearais. I gcás riachtanais SIMF, is féidir le páiste/duine óg tacaíocht a fháil ag céim 3 ag pointe ar leith le linn a scolaíochta agus chan ag pointe níos moille. Níor cheart go mbeadh sé ina ghnáthrud go bhfuil dalta a fuair ráiteas ar riachtanais SIMF sa naíscoil mar shampla go fóill ag an chéim sin nuair atá siad i Rang 6, ach amháin má tá RSO eile ag an am chéanna.

- Le linn an aistrithe go dtí an iar-bhunscoil nó idir na heochairchéimeanna, thiocfadh dó go dtiocfaidh riachtanais eile chun cinn nó go mbeadh deiseanna ann an tacaíocht a athbhreithniú bunaithe ar eolas, agus tús nua á dhéanamh.
- Tá sé tábhachtach a cuimhneamh, fiú ag céim 3, tá an tacaíocht dírithe ar níos mó sábháilteachta, níos mó caidreamh, agus níos mó muintearais.

Cuimhnigh ar na spriocanna atá beartaithe agus coinnigh aird orthu siúd nuair a thosaíonn tú ar an phleanáil agus an gníomh:



## Pleanáil & Gníomhú (féach fosta pleanáil agus gníomhú uilescoile & céim 2 & céim 2)



Taifeadfar i gCéim 3 an dlúth-rannpháirtíocht leanúnach tÚO agus an scoil. Smaoineoidh sé ar na **pleananna** agus na **gníomhartha** atá ar fáil ó sholáthar seachtrach le cur leis an tsoláthar speisialta oideachais a dhéanann an scoil, agus moladh ar bith atá sa Ráiteas ar Riachtanais Speisialta Oideachais san áireamh.

- Beidh PPF de dhíth ag céim 3 agus socrófar spriocanna mar chuid den phróiseas pleanála agus gníomhaithe, iad sin atá luaite ar a ráiteas san áireamh. (Mapáil Soláthair - ag **Céim 3**)
- Leagfar amach sa ráiteas RSO cén tacaíocht atá de dhíth ar an pháiste/duine óg seo, le heolas ó chomhairle oideachais ó na seirbhísí seachtracha ar fad, an méid atá foghlamtha ag céimeanna 1 & 2 san áireamh.
- Beidh na pleananna athbhreithnithe SIMF tábhachtach le roinnt. Tá dearcadh fadtéarmach i gceist leis an chéim seo de SIMF ar an dóigh ar féidir linn tacú leis an pháiste/an duine óg seo le gan a bheith ag brath a oiread sin ar an tacaíocht seo sa todhchaí.
- Ba chóir go mbeadh an líonra daoine fásta go fóill ann agus go mbeadh rochtain acu ar dheiseanna cuí oiliúna. Má shainaithnítear cúnamh ranga RSO sa bhreis mar thacaíocht mar chuid den ráiteas, ba chóir don duine seo dul leis an líonra daoine fásta tacúla thart fán pháiste/duine óg seachas ina áit. Leanfaidh an líonra de bheith ann don pháiste/don duine óg sa scoil agus beidh siad mar chrann taca aige.

- Online training déanta ag an líonra thart fán pháiste/duine óg
- Bhí baint ag an ghníomhaireacht sheachtrach ansin le tacú go díreach leis an líonra daoine fásta atá ag an pháiste/duine óg.
- Oibríonn SPO agus SMRA leis an líonra daoine fásta atá ag an dalta agus na gníomhaireachtaí seachtracha le ráiteas RSO daltalárnach a fhorbairt.

Smaoinigh i rith an ama:

- **Cad é atá de dhíth ar an dalta seo díreach anois (cén tacaíocht/straitéisí atá ann le leanúint/le tógáil orthu/le roinnt)?**
- **Cad é a dhéanfaidh muid le freastal ar an riachtanas sainaitheanta seo?**
- **An bhfuil na daoine cearta againn?**
- **Cén tacaíocht atá le fanacht i bhfeidhm faoi láthair?**

## Monatóireacht, Meastóireacht agus Athbhreithniú



Ag céim 3, tá ráiteas ar Riachtanais Speisialta Oideachais ag an pháiste/an duine óg. Leanfar de chur i bhfeidhm an PPF agus tá sé ag brath ar mhonatóireacht, meastóireacht, agus athbhreithniú rialta. Beidh an PPF mar bhonn faoin eolas oideachais le tacú le heolas a dhéanamh don athbhreithniú bhliantúil ar an ráiteas Tá an scoil go fóill freagrach as foghlaim laethúil an pháiste, ag roinnt na freagrachta leis an ÚO agus, nuair is cuí, leis an Iontaobhas SCS.

**PPF**

Tá monatóireacht leanúnach ar PPF an pháiste de dhíth lena dhul chun cinn a shocrú i dtaca leis na torthaí pearsantaithe a bhaint amach. Sa mheastóireacht agus san athbhreithniú ar an PPF, ba chóir go ndéanfar machnamh ar:

- Éifeachtúlacht na straitéisí
- Tionchar an tsoláthair/na soláthar
- Eolas nua nó tosca atá ar eolas anois
- Cinnteoidh na próisis mheastóireachta agus athbhreithnithe seo go bhfuil soláthar ón ÚO tráthúil agus freagrúil i dtaca leis an riachtanas/na riachtanais atá ag athrú.

**Athbhreithniú Bliantúil**

Déanfar athbhreithniú ar an ráiteas ar riachtanais oideachais le dul chun cinn an pháiste/an duine óig a shocrú. Ionchur ó ghairmithe oideachais agus/nó Gairmithe Sláinte Leighis/Comhghaolmhara, éifeachtúlacht na straitéisí, tionchar na n-idirghabhálacha roimhe seo, eolas nó tosca nua a roinnt, lena chinntiú go bhfuil an ráiteas ar riachtanais oideachais ag freastal ar riachtanais an pháiste/an duine óig.

**Barúlacha an Pháiste/an Duine Óig & Tuismitheoir(í)**

Beidh ionchur agus barúlacha an pháiste/an duine óg agus a thuismitheora/chúramóra lárnach sa phróiseas monatóireachta, meastóireachta agus athbhreithnithe.

Leanfaidh an páiste ar aghaidh ag Céim 3 agus gheobhaidh sé tacaíocht go dtí go gcinnfidh an tÚO nár chóir an ráiteas a choinneáil ag dul.

## Monatóireacht, Meastóireacht agus Athbhreithniú



Lean ort ag cur na gceisteanna athmhachnamhacha seo:

- **Cad é atá ag dul go maith?**
- **Cad é atá ag cuidiú?**
- **Cad é nach bhfuil ag dul go maith?**
- **Cad é a chuideodh?**



- Tá fianaise shoiléir de dhíth go bhfuil an chomhairle a fuarthas ó ghníomhaireachtaí seachtracha curtha i bhfeidhm go hiomlán thar thréimhse shuntasach ama.
- Nuair a shíleann cleachtóirí oideachais, comhairleoirí/gníomhaireachtaí seachtracha agus tuismitheoirí/cúramóirí go bhfuil go leor dul chun cinn déanta ag an pháiste/duine óg, ba chóir smaoineamh ansin ar na céimeanna níos luaithe den fhreagairt ghrádaithe.

**Mar chuid den Athbhreithniú Bhliantúil, ba chóir tacaíocht leanúnach, más ann do, a shainaithint tríd an céimeanna féideartha seo a leanas:**

Rogha 1 - fanann an páiste/an duine óg ag céim 3 agus leanann an líonra tacaíochta ar aghaidh. Úsáid sheasmhach a bhaint as pleanáil chruthaitheach agus nuálaíoch, ag smaoineamh ar na spriocanna, coigeartuithe réasúnta agus monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Rogha 2 - níl tacaíocht ó ráiteas ar RSO de dhíth ar an pháiste/an duine óg a thuilleadh, bogann sé go Céim 2 nó 1

**Féach fosta Sreabhchairteacha agus Seicliostaí na Roinne Oideachais**

# Riachtanais Urlabhra, Teanga agus Chumarsáide

An Fhreagairt Ghrádaithe



# Riachtanais Urlabhra, Teanga agus Cumarsáid (RUTC)

**Catagóir ghinearálta is ea Riachtanais Urlabhra, Teanga agus Chumarsáide (RUTC) a chlúdaíonn raon leathan fadhbanna i dtrí réimse:**

**Urlabhra** – an cumas le focail a rá go soiléir leis na fuaimeanna cearta sna háiteanna cearta, le bheith ag labhairt gan stad nó gan focail a athrá, agus le guth soiléir a úsáid ar bhealach suimiúil agus fónta

**Teanga** – tá labhairt agus tuiscint i gceist leis seo, an cumas leis na focail chearta a úsáid san ord cheart leis an rud atá tú ag cur in iúl a mhíniú, agus le gramadach a úsáid le habairtí a chur le chéile chomh maith leis an chumas le teanga a thuiscint le ciall a bhaint as an méid a deir daoine

Is é atá i gceist le **scileanna gabhchumais teanga** ná an cumas leis an rud atá á rá a thuiscint. Is é atá i gceist le **scileanna ginchumais teanga** ná an cumas leis na focail chearta a rá san ord cheart, leis an rud a chiallaíonn tú a chur in iúl.

Is é atá i gceist le**cumarsáid** ná scileanna briathartha/labhartha nó neamhbhriathartha, lena n-áirítear, úsáid na ngothaí gnúise, comharthaí, éisteacht, sealaíocht a dhéanamh le caidreamh a dhéanamh le daoine eile. Chomh maith leis sin, an cumas le barúlacha daoine eile a thuiscint, ní hamháin na rudaí a deir tú an dóigh lena rá mar is cuí.

Tá na 3 réimse (RUTC) ag brath ar a chéile agus thiocfadh dó go mbeadh deacrachtaí ag daltaí le réimse amháin, dhá cheann, nó trí cinn de na réimsí, urlabhra, teanga agus cumarsáid.

Tá an phróifíl do gach páiste a bhfuil RUTC aige difriúil agus d'fhéadfadh athrú teacht ar a riachtanais le himeacht ama.

Le haghaidh tuilleadh eolais, féach an físeán Language Tree de chuid an ÚO
Acmhainní Fóinteacha & Naisc - Teanga agus Cumarsáid | Plean RSOM (eani.org.uk)

DE SEN Resource File - SLCN



**Sa roinn seo, *tagraíonn an téarma '*scoileanna*' do gach scoil agus suíomh oideachais príomhshrutha. *tagraíonn an téarma '*tuismitheoirí*' do gach tuismitheoir/cúramóir agus caomhnóir**

# Tuairisceoiri na Sainchatatgóirí RSO - Riachtanais Urlabhra, Teanga agus Chumarsáide

Is é **Neamhord Forbartha Teanga (NFT)** an téarma úsáidtear i gcás páistí a bhfuil deacrachtaí leanúnacha gan mhíniú acu ó thaobh teanga de, a théann i bhfeidhm ar a bhfeidhmiú sóisialta agus oideachais. Ní bhíonn cúis shoiléir taobh thiar de na deacrachtaí agus thiocfadh dó go mbeadh tacaíocht de chineál éigin de dhíth ar pháistí a bhfuil diagnóis nó próifíl NFT acu i rith a saoil oideachais agus níos moille sa tsaol fosta. **Le tuilleadh eolais a fháil, tabhair cuairt ar [www.radld.org](www.radld.org) .**

**Neamhord Teanga** atá ag baint le fadhb idirdhealaitheach/bhithleighis amhail Uathachas, Bodhaire/Lagú Éisteachta, Deacrachtaí Foghlama Meánacha nó Géardheacrachtaí Foghlama, Gortú Inchinne nó Neamhord Crómasómach. Bíonn Neamhord Teanga ann mar chuid de phatrúin níos mó de laguithe.

**Le haghaidh tuilleadh eolais ar riachtanais speisialta oideachais tabhair cuairt ar**
**Riachtanais Speisialta Oideachais agus Míchumas (RSOM) | Plean RSOM (eani.org.uk)**


**Deacrachtaí Cumarsáide agus Caidrimh Shóisialta** tá an cumas le teanga a úsáid mar bhonn faoi achan chaidreamh sóisialta agus gníomhaíocht foghlama a dhéanann páistí Is minic a bhíonn baint ag RUTC le deacrachtaí eile le linn na hóige agus níos moille sa tsaol, sealbhú na scileanna litearthachta (léamh agus scríobh) san áireamh, agus is féidir leo dul i bhfeidhm ar fholláine shóisialta, iompraíochta agus mhothúchánach. **Le haghaidh léitheoireacht bhreise ar úsáid shóisialta teanga: cliceáil anseo**



N.B. Níor chóir tuairisceoirí na bhfochatagóirí a **thaifeadadh ar an Chlár RSO** ach má tá sé sin sonraithe i dTuarascáil Síceolaí Oideachais an ÚO, i Ráiteas ÚO ar RSO nó i dtuarascáil Teiripe Urlabhra agus Teanga.


## Sainaithint

**Sa tseomra ranga, thiocfadh dó go léireodh páistí a bhfuil Riachtanais Urlabhra, Teanga agus Chumarsáide acu:**




- Deacracht ag tabhairt airde
- Deacracht ag leanúint treoracha, ag tuiscint an taisc atá leagtha amach nó coincheapa matamaitice
- Ag streachailt le gnáthrudaí a ainmniú nó téarmaí ginearálta a úsáid m.sh. 'rud' a rá le tagairt do rudaí
- Droch-chuimhne ar fud an churaclaim mar gheall ar easpa tuigbheála ar an méid atá á theagasc
- B'fhéidir go mbíonn siad ag caint cuid mhór ach nach bhfuil ciall leis an méid a deir siad, nó go bhfuil siad drogallach i gcomhrá
- Níl siad ábalta scéalta a athinsint in ord, nó níl siad ábalta cur síos a dhéanamh ná míniú a thabhairt orthu
- Bíonn siad ag croitheadh na nguaillí, ag tabhairt freagraí gairide nó ag roghnú gan a bheith ag labhairt nuair is seal s'acusan atá ann
- Urlabhra ar doiligh í a thuiscint
- Iompraíocht a úsáid mar sheachaint nó mar chur isteach le linn gníomhaíochtaí labhairt-bhunaithe
- Deacracht ag tosú comhrá nó caidreamh le piraraí
- Deacracht ag tuiscint rialacha na gcluichí, mar shampla, sealaíocht nó 'a bheith amuigh/cailleadh'
- Fearg agus frustrachas nuair nach bhfuil na scileanna teanga acu le fadhbanna réiteach.

## Pleanáil agus Gníomhú




**Pleanáil:**

Tá sé tábhachtach eolas a bhailiú agus tuiscint iomlánaíoch a fháil ar achan pháiste leis na cúiseanna taobh thiar de na riachtanais agus an straitéis tacaíochta is éifeachtaí a shainaithint.

Ba chóir go mbeadh difreáil éifeachtach/teagasc oiriúnaitheach i gceist leis an Teagasc Ranga agus na Pleananna Foghlama, agus ba chóir go mbeadh siad ag teacht le Curaclam TÉ.


Ba chóir do mhúinteoirí treoir a fháil a fháil ó na straitéisí ionchuimsitheachta do dhaltaí de gach cumas, iad siúd a bhfuil riachtanais urlabhra agus teanga acu san áireamh agus caipéisí CCSM, Conairí Dul Chun Cinn, ar Theanga agus Litearthacht.

**Gníomhú:**

Ba cheart do mhúinteoirí ranga:

- Timpeallacht ranga a chruthú chuireann cumarsáid chun cinn a chruthú do gach foghlaimeoir, ina bhfuil gnéithe agus straitéisí le cumarsáid a dhéanamh chomh furasta, éifeachtach agus sultmhar agus is féidir.
- Na straitéisí ranga is úsáidí a shainaithint, agus na cinn a chruthódh strus do roinnt foghlaimeoirí a bhfuil deacrachtaí urlabhra, teanga agus/nó cumarsáide acu.
- Comhoibriú le tuismitheoirí le scileanna teanga, airde agus éisteachta a threisiú sa bhaile Áiseanna Fóinteacha & Naisc - Teanga agus Cumarsáid | Plean RSOM (eani.org.uk)
- Comhoibriú le gairmithe eile le tacaíocht a fhorbairt agus a sholáthar do shealbhú teanga agus cumarsáide na bpáistí ar fad i gcomhthéacs uilescoile, féach Rise NI

## Pleanáil agus Gníomhú




**Pleanáil:**

Tá sé tábhachtach eolas a bhailiú agus tuiscint iomlánaíoch a fháil ar achan pháiste leis na cúiseanna taobh thiar de na riachtanais agus an straitéis tacaíochta is éifeachtaí a shainaithint.

Ba chóir go mbeadh difreáil éifeachtach/teagasc oiriúnaitheach i gceist leis an Teagasc Ranga agus na Pleananna Foghlama, agus ba chóir go mbeadh siad ag teacht le Curaclam TÉ.

Ba chóir do mhúinteoirí treoir a fháil a fháil ó na straitéisí ionchuimsitheachta do dhaltaí de gach cumas, iad siúd a bhfuil riachtanais urlabhra agus teanga acu san áireamh agus caipéisí CCSM, Conairí Dul Chun Cinn, ar Theanga agus Litearthacht.

**Gníomhú:**

- Áiseanna Fóinteacha & Naisc - Teanga agus Cumarsáid | Plean RSOM (eani.org.uk)

- Acmhainn fhísean-bhunaithe is ea **Buddy Chat** ina bhfuil 2 phlean ceachta do mhúinteoirí. Ligeann an acmhainn seo do pháistí tuiscint a fháil ar an dóigh a léirítear RUTC. Tugann sé straitéisí le bheith níos rannpháirtí lena bpiaraí/dteaghlach agus scoilteacht na bpiaraí a bhfuil RUTC acu a laghdú tríd na straitéisí Cúig in Airde Buddy Chat a úsáid. Is é an aidhm ná tacú le páistí le bheith cineálta agus comhbhách sa scoil le páistí a bhfuil riachtanas urlabhra, teanga agus cumarsáide (RUTC) acu. Tá na ceachtanna deartha le bheith déanta mar chleachtadh ionchuimsitheach don rang ar fad ó R4. Mar bhonn fúthu, tá 5 straitéis phraiticiúla is féidir le páistí a chur i bhfeidhm ar scoil agus sa phobal i gcoitinne le tuiscint a fháil ar an dóigh a n-oibríonn an chumarsáid agus an dóigh ar féidir leo tacú le caidreamh lena bpiaraí/teaghlach.



https://rcslt.info/buddychat-course

## Monatóireacht, Meastóireacht & Athbhreithniú

Agus tionchar an tsoláthair oideachais uilescoile á mheas, cuimhneofar ar mhonatóireacht an mhúinteora, mar shampla, breathnóireachtaí, measúnuithe, fianaise a bhailítear agus breithiúnas gairmiúil mar aon le barúlacha an pháiste/an duine óig agus a dtuismitheoirí.


Ba chóir don athbhreithniú na nithe seo a leanas a mheas:

**An bhfuil dul chun cinn déanta?**

**Má tá dul chun cinn déanta, cad iad na coigeartuithe/straitéisí eile a thacódh níos mó leis an pháiste/an duine óg?**

**Na chéad chéimeanna eile (curtha le chéile i gcomhar le múinteoirí, comhordaitheoirí agus tuismitheoirí)?**

**Ar chóir Taifead Imní a scríobh?**





Do pháiste/duine óg a bhfuil riachtanais urlabhra, teanga agus chumarsáide aige, déan monatóireacht ar an dul chun chinn a dhéanann sé agus sainaithin cibé bearnaí atá ann le breathnóireacht ranga, bailiú fianaise (m.sh. **GL Well COMM Assessment** **nó** **Clár Teangacha STC an ÚO: Measúnuithe Neamhfhoirmeálta** agus **Measúnú Foghlama CCSM** straitéisí, uirlisí agus acmhainní ag leibhéil atá fóirsteanach don aois.

Ba chóir d'fhoireann na scoile athbhreithniú rialta tráthúla a chur ar fáil (mar shampla, i ndiaidh 6/12 sheachtain) sa dóigh is go dtig leis an pháiste/an duine óg, tuismitheoirí, agus liachleachtóirí/cleachtóirí sláinte comhghaolmhara (más gá) plé a dhéanamh ar an fhoghlaim agus an soláthar cuí a aontú. Thiocfadh dó go mbeadh sé seo mar chuid de phróisis leanúnacha na scoile i dtaca le monatóireacht, meastóireacht agus athbhreithniú.

**Má lorgaítear barúlacha ó achan duine atá páirteach, agus má fhaightear freagra ar na heochaircheisteanna seo, cuideofar le pleanáil amach anseo.**

**Féach fosta Sreabhchairteacha agus Seicliostaí na Roinne Oideachais le cuidiú leis an phróiseas seo.**

## Sainaithint



**Chomh maith leis na táscairí don tsoláthar oideachais uilescoile, thiocfadh dó go léireodh páistí a bhfuil riachtanais Urlabhra, Teanga agus Chumarsáide acu atá ina riachtanais speisialta oideachais (RSO):**


- Easpa Feasachta Fóineolaíochta - an struchtúr fuaime atá le teanga a thuiscint go comhfhiosach
- Deacracht le Scileanna Gabhchumais Teanga a úsáid - teanga a thuiscint nó an méid atá á rá a phróiseáil
- Deacracht le Scileanna Ginchumais Teanga a úsáid - focail a chuimhneamh nó labhairt in abairtí iomlána
- Diagnóis de Neamhord Forbartha Teanga (daingnithe ag Teiripe Urlabhra agus Teanga ISCS)
- Neamhord Urlabhra is Fuaime (le tacaíocht ó Theiripe Urlabhra agus Teanga ISCS de ghnáth)*
- Neamhlíofacht/Stad sa chaint (le tacaíocht ó Theiripe Urlabhra agus Teanga ISCS de ghnáth)*
- Neamhoird Ghutha/Diosfóine Péidiatrach (le tacaíocht ó Theiripe Urlabhra agus Teanga ISCS de ghnáth)*

- Le táscairí ar leith agus straitéisí tacaíochta ranga a fháil, féach:

an chaibidil leasaithe i **gComhad Acmhainní RSO an RO**



## Pleanáil agus Gníomhú



**Pleanáil:**

Do na páistí siúd a bhfuil RSO sainaitheanta acu in Urlabhra, Teanga agus Cumarsáid, is gá an Cód Cleachtais RSO a leanúint.

Ba chóir achan pháiste a thaifeadadh ar Chlár RSO na scoile agus ba chóir don múinteoir ranga/foirme Plean Pearsanta Foghlama (PPF) a chur le chéile i gcomhar le Comhordaitheoir Tacaíochta Foghlama (CTF) agus Comhordaitheoir Litearthachta na scoile.

Socrófar na spriocanna agus beidh sprioc ama leo mar chuid den phróiseas PPF agus den tsoláthar RSO don pháiste. Ba chóir tagairt a dhéanamh do mhapa soláthair speisialta oideachais na scoile le leas a bhaint as straitéisí agus acmhainní atá ar fáil ag leibhéal na scoile, atá sa bhreis ar an tsoláthar uilescoile thuas.

**Gníomhú:**

I dtaca le RUTC, thiocfadh leis na rudaí seo a leanas a bheith san áireamh:


- Na héilimh a bhíonn ar pháiste a bhfuil RUTC aige (sóisialta, teanga, cognaíoch, céadfach, luaileach) a shainaithint agus straitéisí ranga ar leith a mheaitseáil le cumas an pháiste.
- Acmhainní ÚO a chur i bhfeidhm, ar fáil: Áiseanna Fóinteacha & Naisc - Teanga agus Cumarsáid | Plean RSOM (eani.org.uk) agus **COMHAD ACMHAINNÍ RSO AN RO**
- Leas a bhaint as Oiliúint ÚO d'fhoireann scoile ar Fheasacht Fóineolaíochta, Ginchumas Teanga sa tSeomra Ranga a thuiscint, Gabhchumas Teanga sa tSeomra Ranga a thuiscint agus Timpeallacht a chuireann Cumarsáid agus Mothúcháin chun cinn sa tSeomra Ranga a chruthú Oiliúint | Plean RSOM (eani.org.uk)
- Fianaise de riachtanais teanga ar leith a bhailiú trí mheasúnú dírithe GL WellComm Assessment
- Teagmháil a dhéanamh le STC fá choinne comhairle ghinearálta agus treoir

## Monatóireacht, Meastóireacht & Athbhreithniú

B'fhéidir go mbeadh idirghabháil agus cuir chuige bhreise de dhíth ar roinnt páistí/daoine óga chomh maith lena bhfuil curtha ar fáil sa tsoláthar uilescoile, is féidir iad seo a chur ar fáil trí sholáthar speisialta oideachais na scoile ag céim 1 den Chód Cleachtais. Leagtar amach sa Chód Cleachtais gur gá don scoil **monatóireacht, meastóireacht, agus athbhreithniú rialta** a dhéanamh ar an tsoláthar seo, i gcomhar leis **an pháiste/an duine óg agus a dtuismitheoirí**. Bainfidh an scoil úsáid as **Plean Pearsanta Foghlama (PPF)**, ina leagfar amach an soláthar atá á úsáid ag an scoil leis an pháiste/an duine óg atá sa bhreis ar an tsoláthar atá á chur ar fáil ag leibhéal uilescoile. Tabharfar eolas ann fá na spriocanna atá beartaithe, agus ba chóir iad seo a rianú agus a athbhreithniú go rialta, ba chóir d'fhoireann na scoile é seo a dhéanamh **2 uair sa bhliain ar a laghad** i gcomhar leis an pháiste/an duine óg agus tuismitheoir(í).

**Agus athbhreithniú á dhéanamh agat, déan do mhachnamh:**

- **Ar bhain an dalta amach na torthaí a rabhthas ag súil leo?**
- **An raibh an soláthar éifeachtach?**
- **An raibh na straitéisí a cuireadh i bhfeidhm ábhartha agus fóirsteanach?**
- **An ndearna an dalta dul chun cinn?**




**Cuideoidh an próiseas monatóireachta, meastóireachta agus athbhreithnithe seo leis na chéad chéimeanna eile a shainaithint i dtaca le foghlaim agus soláthar don pháiste/duine óg.**

**Féach fosta Sreabhchairteacha agus Seicliostaí na Roinne Oideachais**

Nuair atá dul chun cinn maith déanta aige, b'fhéidir go rachadh sé ar ais chuig an tsoláthar uilescoile agus go mbainfí a ainm de chlár RSO na scoile. I gcás nach ndéanann an páiste/an duine óg dul chun cinn ach ar éigean cé gur cuireadh réimse iomlán na straitéisí agus na gcur chuige i bhfeidhm i dtaca le mapa soláthair speisialta oideachas na scoile, is féidir smaoineamh ar iarratas a dhéanamh ar sholáthar seachtrach, **soláthar níos déine** ina gcuireann an Foireann Áitiúil TIONCHAIR an ÚO agus/nó ISCS saintacaíocht ar fáil.

## Sainaithint




**Thiocfadh leis na rudaí seo a leanas a bheith san áireamh leis na táscairí eile riachtanas fá choinne diantacaíocht/diansoláthar agus saintacaíocht/sainsoláthar UTC:**

- Moltaí ó Chomhairliúchán Scoilbhunaithe an ÚO nó Tuarascáil Síceolaíochta Oideachais an ÚO
- Clár Feasachta Fóineolaíochta STC an ÚO
- Measúnú WellComm: scóir faoi bhun na haoise croineolaíche
- Diagnóis de Neamhord Forbartha Teanga (daingnithe ag Teiripe Urlabhra agus Teanga ISCS)
- Próifíl shuntasach de Neamhord Forbartha Teanga



## Pleanáil agus Gníomhú



**Pleanáil:**

Nuair a bheas atreorú faighte chuig soláthar seachtrach agus é i lámha duine d'fhoireann Teanga agus Cumarsáide an ÚO, déanfar teagmháil le tuismitheoirí/cúramóirí agus anm scoil.

San áireamh leis an chéim pleanála, tá bailiú eolais, breathnóireacht ranga, teagmháil le Teiripe Urlabhra agus Theanga ISCS (más bainteach) agus measúnuithe breise teanga (más cuí).

**Gníomhú:**

Tá gníomhartha bunaithe ar na riachtanais ar leith atá ag achan pháiste, forbartha agus curtha i bhfeidhm i gcomhar le foireann na scoile le cur leis an tsoláthar speisialta oideachais agus an PPF atá i bhfeidhm cheana féin. Treisíonn soláthar seachtrach RSO tacaíocht na scoile agus thiocfadh leis na rudaí seo a leanas a bheith san áireamh:

- Tacaíocht agus acmhainní saincheaptha STC ÚO le díriú ar na sainriachtanais teanga agus chumarsáide atá sainaitheanta
- Tacaíocht i ngrúpa beag, suas le 6 sheisiún, stiúrtha ag múinteoir STC ÚO an ÚO/oifigeach idirghabhála/cúntóir tacaíochta teanga
- Straitéisí agus acmhainní ar leith déanta do mhúinteoirí le foireann scoile a uasoiliúint agus acmhainní curtha ar fáil le húsáid sa todhchaí (agus le cur le Mapa Soláthar Speisialta Oideachais na scoile)
- Suas le 12 sheisiún idirghabhála bunaithe ar spriocanna SICRU/spriocanna an pháiste, stiúrtha ag múinteoir STC an ÚO/oifigeach idirghabhála/cúntóir tacaíochta teanga.
- Comhairle agus treoir leanúnach don mhúinteoir ranga le tacú leis an rang ar fad, grúpaí beaga agus soláthar aonair agus ionchuimsiú an pháiste a bhfuil RUTC aige.

## Monatóireacht, Meastóireacht & Athbhreithniú

Ag céim 2 den Chód Cleachtais, beidh **dlúth-rannpháirtíocht** idir an **scoil** agus an **tseirbhís sheachtrach** (An tÚO/ISCS) atá ag tacú le riachtanas an pháiste/an duine óig nár sásaíodh. Tarlóidh an mhonatóireacht, an mheastóireacht agus an t-athbhreithniú a dhéanann an scoil ar an PPF i gcomhar leis an tseirbhís sheachtrach, agus cuirfear an páiste/an duine óg agus a dtuismitheoir(í) san áireamh. In éineacht lena chéile, déanfaidh siad cinntí eolacha ar éifeachtúlacht na hidirghabhála/an tsoláthair atá i bhfeidhm.

**Le cuidiú leis an éifeachtúlacht seo a thomhas, b'fhéidir go ndéanfadh tÚO na rudaí seo a leanas:**

Athbhreithniú ar spriocanna/torthaí a bhfuiltear ag súil leo → Na tuairiscí agus na moltaí deiridh a eisiúint, ar chóir iad a chur san áireamh i PPFanna amach anseo → Athbhreithniú ar Dhéshocrúchán (má bhaineann le hábhar) → Soláthar curtha ar fáil do scoileanna, amhail treoir chuig acmhainní, aithris, oiliúint, teagasc srl...


Tá sé tábhachtach gur follasach an chomhairle agus an treoir a chuireann na sainfhoirne taobh istigh d'fhoireann áitiúil TIONCHAIR an ÚO nó ISCS ar fáil i dtaca leis na torthaí agus na cuir chuige a úsáidtear i bpleanáil PPF don pháiste nó don duine óg.

Seans go mbeidh leibhéal, cineál nó déine an tsoláthair chéim 2 le hathrú le linn an phróisis seo má thagann riachtana(i)s nua nó níos coitianta chun cinn. Cuideoidh dlúth-chomhoibriú idir an scoil agus foireann 'áitiúil' TIONCHAIR an ÚO agus/nó ISCS le socrú an bhfuil an soláthar éifeachtach nó an bhfuil sé le hathrú. Rachaidh go leor daltaí ar aghaidh trí sholáthar chéim 2 agus i ndiaidh tréimhse tacaíochta, ní bheidh an soláthar seachtrach de dhíth a thuilleadh ó fhoireann 'áitiúil' TIONCHAIR an ÚO nó ISCS, agus rachaidh siad ar ais go céim 1 den Chód Cleachtais.

I gcás nach raibh tionchar ag soláthar chéim 2 ach ar éigean, agus go bhfuil riachtanais an pháiste/an duine óig go fóill suntasach/casta, agus nach raibh tionchar ach ar éigean ar a bhfoghlaim/a gcumas le rochtain a fháil ar an churaclam go héifeachtach, beidh cur chuige níos déine de dhíth. Is féidir smaoineamh ar iarratas a dhéanamh ar mheasúnú reachtúil ag céim 2. Agus an tÚO ag machnamh an ndéanfaidh siad measúnú reachtúil, ba cheart don scoil PPF an pháiste a chur i bhfeidhm, agus ba cheart monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh air.

**Féach fosta Sreabhchairteacha agus Seicliostaí na Roinne Oideachais**

## Sainaithint



**Thiocfadh leis na rudaí seo a leanas a bheith san áireamh leis na táscairí eile riachtanas fá choinne diantacaíocht/diansoláthar agus saintacaíocht/sainsoláthar RUTC:**


- nuair atá ráiteas ar RSO á fháil ag páiste ag céim 3 ina sonraítear Urlabhra, Teanga agus Cumarsáid mar an phríomhriachtanas atá aige, nó mar cheann de na riachtanais speisialta oideachais atá aige, agus taifeadfar sin mar an chatagóir uileghabhálach RSO (RUTC) nó mar cheann de na fochatagóirí ar leith RSO.

Is é a dhéanfaidh an ráiteas:

- riachtanais Urlabhra, Teanga agus Chumarsáide an pháiste a dhoiciméadú,
- is cuma má tá diagnóis de Neamhord Forbartha Teanga (NFT) ag an pháiste nó próifíl atá ag teacht le NFT,
- fadhb/deacracht agus moladh ar bith eile agus soláthar atá fóirsteanach do riachtanais an pháiste.




## Pleanáil agus Gníomhú



**Pleanáil:**

- Cuirfear riachtanais iomlánaíocha an pháiste agus na moltaí sa ráiteas RSO san áireamh le linn na pleanála.
- Nuair a bheas atreorú faighte chuig soláthar seachtrach agus é i lámha duine d'fhoireann Teanga agus Cumarsáide an ÚO, déanfar teagmháil leis an scoil.




**Gníomhú:**

Tá gníomhartha bunaithe ar na riachtanais ar leith atá ag achan pháiste le cur leis na moltaí atá leagtha amach sa ráiteas ar RSO, an soláthar speisialta oideachais atá i bhfeidhm cheana féin mar atá leagtha amach sa ráiteas ar RSO agus PPF na scoile atá curtha le chéile bunaithe ar an ráiteas ar RSO. Cuireann foireann Seirbhíse Teanga agus Cumarsáide an ÚO tacaíocht chomhairleach ar fáil do shuíomhanna nuair a iarrann an scoil, agus thiocfadh le ***cuid de na rudaí*** seo a leanas, nó ***iad uilig*** a bheith san áireamh:

- Comhairle maidir le spriocanna teanga ar leith/torthaí a bhfuiltear ag súil leo, agus Pleananna Pearsanta Foghlama amach anseo san áireamh
- Straitéisí agus acmhainní ar leith, múnlaithe don chúntóir ranga RSO (más bainteach) agus acmhainní curtha ar fáil don scoil
- Breathnóireacht ranga agus tuarascáil próifíle dalta le comhairle agus treoir bhreise ar leith curtha ar fáil d'fhoireann na scoile
- Polasaí iontrála oscailte le comhairle agus treoir a chur ar fáil don scoil amach anseo le tacú leis an rang ar fad, grúpaí beaga agus soláthar aonair agus ionchuimsiú an pháiste a bhfuil RUTC aige (i ndiaidh iarratas i scríbhinn ón scoil). Polasaí iontrála oscailte le comhairle agus treoir ar chur ar fáil má thagann athrú ar RSO an pháiste nó ag an Athbhreithniú Bhliantúil den ráiteas ar RSO (i ndiaidh iarratas i scríbhinn ón scoil).

# Riachtanais Speisialta Oideachais - Céim 3 - Riachtanais Urlabhra, Teanga agus Chumarsáide

## Monatóireacht, Meastóireacht & Athbhreithniú

Ag céim 3, tá ráiteas ar Riachtanais Speisialta Oideachais ag an pháiste/an duine óg. Leanfar de chur i bhfeidhm an PPF agus tá sé ag brath ar mhonatóireacht, meastóireacht, agus athbhreithniú rialta. Beidh an PPF mar bhonn faoin eolas oideachais le tacú le heolas a dhéanamh don Athbhreithniú Bhliantúil ar an ráiteas Tá an scoil go fóill freagrach as foghlaim laethúil an pháiste, ag roinnt na freagrachta leis an ÚO agus, nuair is cuí, leis an Iontaobhas SCS.

**PPF**

Tá monatóireacht leanúnach ar PPF an pháiste/an duine óig de dhíth lena dhul chun cinn a shocrú i dtaca leis na torthaí pearsantaithe a bhaint amach. Sa mheastóireacht agus san athbhreithniú ar an PPF, ba chóir go ndéanfar machnamh ar:


- Éifeachtúlacht na straitéisí
- Tionchar an tsoláthair/na soláthar
- Eolas nua nó tosca atá ar eolas anois
- Cinnteoidh na próisis mheastóireachta agus athbhreithnithe seo go bhfuil soláthar ón ÚO tráthúil agus freagrúil i dtaca leis an riachtanas/na riachtanais atá ag athrú.

**Athbhreithniú Bliantúil**

Déanfar athbhreithniú ar an ráiteas ar riachtanais oideachais le dul chun cinn an pháiste/an duine óig a shocrú. Ionchur ó ghairmithe oideachais agus/nó Gairmithe Sláinte Leighis/Comhghaolmhara, éifeachtúlacht na straitéisí, tionchar na n-idirghabhálacha roimhe seo, eolas nó tosca nua a roinnt, lena chinntiú go bhfuil an ráiteas ar riachtanais oideachais ag freastal ar riachtanais an pháiste/an duine óig.

**Barúlacha an Pháiste/an Duine Óig & Tuismitheoir(í)**

Beidh ionchur agus barúlacha an pháiste/an duine óig agus an tuismitheora/na dtuismitheoirí lárnach sa phróiseas monatóireachta, meastóireachta agus athbhreithnithe.



Leanfaidh an páiste ar aghaidh ag céim 3 agus gheobhaidh sé tacaíocht go dtí go gcinnfidh an tÚO nár chóir an ráiteas a choinneáil ag dul.

# Céadfach

An Fhreagairt Ghrádaithe



Education Authority

# Cad é mar a dhéantar cur síos ar Lagú Céadfach (LC)?

**Tagraíonn LC do Bhodhaire/Lagú Éisteacha, Lagú Radhairc agus Lagú Ilchéadfach.**



Bíonn **bodhaire** ann nuair nach bhfuil cuid amháin nó níos mó codanna den chluas ag feidhmiú go héifeachtach agus tá caillteanas éisteachta ann dá bharr.

Úsáidtear an téarma **lagú radhairc** le cur síos ar chailliúint radhairc de chineál ar bith, bíodh sé duine nach dtig leis feiceáil ar chor ar bith, nó duine breacamharcach. Ní chuimsíonn sé na daoine siúd a bhfuil fadhbanna radhairc acu is féidir a chur ina cheart le spéaclaí nó lionsaí tadhaill.

Is meascán de chaillteanas radhairc agus éisteachta é an lagú ilchéadfach nó daoine atá bodhar agus dall, agus cuireann sé isteach ar chumas an duine le cumarsáid a dhéanamh, rochtain a fháil ar eolas, agus a bhieth ag gluaiseacht. De ghnáth ní bhíonn duine atá bodhar agus dall go hiomlán bodhar agus dall, ach bíonn an dá chéadfa chomh lag sin go mbíonn deacrachtaí suntasacha ag an daoine sa tsaol laethúil.

Tabhair do d'aire nach ionann leibhéal an lagaithe agus riachtanais an pháiste/an duine óig i gcónaí. Tá go leor tosca i gceist leis na riachtanais, mar shampla, ní bhíonn dian-idirghabháil ann mar gheall ar thromchaillteanas éisteachta i gcónaí.

# Bodhar / Lagú Éisteachta Céadfach

**Tá ról na saineolaithe coitainta in achan lagú céadfach, ar nós múinteoirí atá cáilithe i lagú céadfach a thacaíonn le páistí agus daoine óga.**

**Bodhar/Lagú Éisteachta**

Sa cháipéis seo, úsáideann muid an téarma 'bodhar' le tagairt a dhéanamh do gach cineál caillteanais éisteachta, ó éadrom go trom. Cuimsíonn sé seo bodhaire i gcluas amháin nó caillteanas éisteachta sealadach amhail cluas ghlaeúil. Is iad an dá phríomhchineál bodhaire ná bodhaire chonduchtach (sealadach) agus bodhaire néarógach (buan). Bíonn meascán den dá chineál bodhaire ag daoine in amanna.

Is é a deir an National Deaf Children's Society (NDCS) sa cháipéis Deaf Friendly Teaching[1]:

> Ní míchumas foghlama é an bhodhaire agus má thugtar an tacaíocht cheart, is féidir le páistí bodhra an dul chun cinn céanna a dhéanamh agus a dhéanann páistí nach bhfuil bodhar a bhfuil an cumas cognaíoch céanna acu. Faigheann tromlach na bpáistí bodhra a gcuid oideachais i scoileanna príomhshrutha
> [Teagaisc atá oiriúnach don bhodhaire: D'fhoireann na mbunscoileanna (ndcs.org.uk)]




***Amharc ar an roinn seo in éineacht leis an cháipéis ar Threoir maidir le Coigeartuithe Réasúnta.**

****Ní ticliosta le bheith ag obair tríd iad na straitéisí atá leagtha amach sna chéad 4 roinn eile. Thiocfadh dó go mbeadh réimse straitéisí agus idirghabhálacha de dhíth ar pháistí nó daoine óga ar leith ó roinn amháin nó níos mó.**

*****Tabhair do d'aire go n-úsáideann muid na téarmaí seo a leanas ar fud na cáipéise seo:**


**Múinteoir Cáilithe do Pháistí agus Daoine Óga Bodhra (MCPDÓB)**

**Múinteoir Cáilithe do Lagú Radhairc (MCLR)**

**Múinteoir Cáilithe do Lagú Ilchéadfach (MCLI)**

# Soláthar Oideachais Uilescoile - Céadfach - Bodhaire/Lagú Éisteachta

## Sainaithint




B'fhéidir go bhfuil bodhaire nó deacracht éisteachta de chineál éigin ag a lán páistí/daoine óga (PDÓ) ag pointe éigin le linn na mblianta scoile s'acu, go háirithe sna luathbhlianta agus ag aois na bunscoile. Do thromlach na PDÓ atá bodhar/a bhfuil lagú éisteachta acu, bíonn na riachtanais sainaitheanta sula dtosaíonn siad i suíomh agus bíonn pleananna tacaíochta comhaontaithe cheana féin.  Mar sin féin, má shíleann tú go bhfuil caillteanas éisteachta ag duine:

- Pléigh leis an teaghlach/cúramóirí/caomhnóirí fán imní atá ort
- mol dóibh iarradh ar an DG nó altra ceantair iad a atreorú chuig an chlinic áitiúil éisteolaíochta fá choinne tástáil éisteachta
- Is féidir leis an **tSeirbhís Céadfaí** comhairle a thabhairt ar an ghuthán agus tú a threorú chuig eolas úsáideach

*Nuair a bheas caillteanas éisteachta sainaitheanta ag comhghleacaithe Sláinte, cuirfidh an tSeirbhís Céadfaí tacaíocht ar fáil de réir an riachtanais shainaitheanta.*

**Thiocfadh leis na rudaí seo a leanas a bheith san áireamh le táscairí caillteanais éisteachta:**

- Amharcann siad go grinn ar aghaidheanna agus liopaí
- Iarrann siad ar dhaoine rudaí a athrá an t-am ar fad
- Ní leanann siad treoracha i gcónaí láithreach
- Ní chluineann siad rudaí i gceart nó is cosúil nach bhfuil siad ag éisteacht
- Amharcann siad ag ar a bhfuil daoine eile a dheanamh sula ndéanann siad féin é


- Lorgaíonn siad cuidiú óna bpiaraí
- Labhraíonn siad ró-ard nó ró-íseal
- Cuma neamhairdeallach orthu mar a bheadh siad ag brionglóideach
- Bíonn deacrachtaí acu le aird a dhíriú agus le héisteacht
- Éiríonn siad tuirseach go furasta
- Éiríonn siad crosta go furasta
- Bíonn drochfheasacht fóineolaíochta acu

- Bíonn deacracht acu le heolas, focail, nó teanga nua a phróiseáil nó a chuimhneamh
- Bíonn deacracht acu le dul chun cinn oideachais agus gnóthachtáil na spriocanna a bhfuiltear ag súil leo, go háirithe sna hábhair theangabhunaithe
- Ní thugann siad comhráite nó teanga theagmhasach fá deara

- Tá siad scoite ó dhaoine eile agus níl siad chomh rannpháirteach agus atá daoine eile i ngníomhaíochtaí grúpa
- Bíonn míthuiscintí acu i suíomhanna sóisialta
- Cailleann siad fhaisnéis bhunriachtanach
- Tá deacrachtaí acu ag glacadh páirt i gcomhráite agus gníomhaíochtaí grúpa
- Deacrachtaí urlabhra, teanga agus litearthachta

# Soláthar Oideachais Uilescoile - Céadfach - Bodhaire/Lagú Éisteachta


## Pleanáil & Gníomhú (Iarrtar ort amharc air seo taobh leis an Treoir maidir le Coigeartuithe Réasúnta le tacú le PDÓ a bhfuil Lagú Céadfach acu)




Más rud é nach ndéanann páiste nó duine óg an dul chun cinn a rabhthas ag súil leis, mar an chéad fhreagairt, ba chóir teagasc ar ardchaighdeán a chur i bhfeidhm atá dírithe ar an riachtanas/na riachtanais atá aige, agus ba chóir smaoineamh ar choigeartuithe réasúnta sa timpeallacht foghlama/na coigeartuithe sin a chur i bhfeidhm.

**[Treoir maidir le Coigeartuithe Réasúnta(Comhad na Freagartha Grádaithe)](#)**








**An bhfuil do scoil oiriúnach don bhodhaire? Smaoinigh ar an méid seo a leanas:**

- Ar smaoinigh tú fán ionad suí sa tseomra ranga agus sa halla tionóil sa dóigh is gur féidir leis an pháiste/duine óg cluinstin agus feiceáil go maith?
- An seiceálann tú go bhfuil an páiste/duine óg ag amharc ort sula dtosaíonn tú ag labhairt?
- An mbaineann tú úsáid as straitéisí amhairc le tacú le páistí/daoine óg éisteacht trí:
  - Fotheidil a úsáid do gach gearrthóg/DVD?
  - Stór focal tábhachtach, nótaí tagartha agus obair bhaile a scríobh ar an bhord?
  - Rochtain scríofa ar fhógraí/dátaí/spriocdhátaí a chur ar fáil?
  - Ábhar amhairc a bheith ar fáil thart fán tseomra?
- An bhfuil rochtain ag an pháiste nó an duine óg ar a bhfuil á rá ag a gcuid piaraí? Is dea-chleachtas é an méid a deir na piaraí a rá arís.

# Soláthar Oideachais Uilescoile - Céadfach - Bodhaire/Lagú Éisteachta

## Pleanáil & Gníomhú ((Iarrtar ort amharc air seo taobh leis an Treoir maidir le Coigeartuithe Réasúnta (An Fhreagairt Ghrádaithe) le tacú le PDÓ a bhfuil Lagú Céadfach acu)




- Ar smaoinigh tú fán torann cúlra a laghdú trí:
  - Fuinneoga agus doirse a dhruidim?
  - Úsáid an trealaimh challánaigh a íoslaghdú, amhail gaothráin/teilgeoirí/ríomhairí?
  - Páirt a thabhairt do na daltaí i monatóireacht ar na leibhéil torainn?
- An mbíonn tú i do sheasamh gan bhogadh agus tú ag labhairt leis an rang?



Ar mhaithe le soiléireacht, ní hionann Lagú Céadfach agus Comhtháthú na gCéadfaí, ná Neamhord Próiseála Céadfach.


Féach an físeán gairid seo a amharcann ar an difear: **NatSIP - New video: Sensory processing disorder**

Má tá spéis agat san ábhar seo, is féidir le Seirbhís na gCéadfaí sraith seimineár gréasáin a chur ar fáil atá dírithe ar obair le déagóirí bodhra agus feidhm feidhmiúcháin.

**Naisc Úsáideacha:**

- Tips for teaching deaf children with a mild hearing loss (youtube.com)
- NatSIP - What Good Looks Like

## Meastóireacht & Athbhreithniú




Ba chóir iarraidh ar pháiste/duine óg a bhfuil riachtanais chéadfacha aige aiseolas rialta a thabhairt le monatóireacht a dhéanamh ar a rochtain ar cheachtanna agus le fáil amach cad é atá ag obair go maith nó cad é atá le coigeartú. Faigh eolas ó MCPDÓB  i gcónaí lena chinntiú go bhfuil na straitéisí cuí i bhfeidhm do dhaltaí ar leith. Thiocfadh dó go mbeadh sé seo mar chuid de phróisis leanúnacha na scoile i dtaca le monatóireacht, meastóireacht agus athbhreithniú.

Agus tionchar an tsoláthair oideachais uilescoile á mheas, cuimhneofar ar mhonatóireacht an mhúinteora, mar shampla, breathnóireachtaí, measúnuithe, fianaise a bhailítear agus breithiúnas gairmiúil mar aon le barúlacha an pháiste/an duine óig agus a dtuismitheoirí.

**Ba chóir don athbhreithniú na nithe seo a leanas a mheas:**

An bhfuil dul chun cinn déanta?

→

Má tá dul chun cinn déanta, cad iad na coigeartuithe/ straitéisí eile a thacódh níos mó leis an pháiste/an duine óg?

→


Na chéad chéimeanna eile (curtha le chéile i gcomhar le múinteoirí, comhordaitheoirí agus tuismitheoir/í)?

**Má lorgaítear barúlacha ó achan duine atá páirteach, agus má fhaightear freagra ar na heochaircheisteanna seo, cuideofar le pleanáil amach anseo.**

**Féach fosta Sreabhchairteacha agus Seicliostaí na Roinne Oideachais le cuidiú leis an phróiseas.**

# Soláthar Speisialta Oideachais, Céim 1 - Céadfach - Bodhaire/Lagú Éisteachta

## Sainaithint (féach fosta sainaithint uilescoile)



Seans go mbeidh tuilleadh tacaíochta scoilbhunaithe de dhíth ar roinnt paistí agus daoine óga le tacú leo constaicí féideartha a shárú. Beidh buanchaillteanas éisteachta sainaitheanta sa pháiste nó duine óg, agus thiocfadh dó go mbeadh deacrachtaí feidhmiúcháin, moilliú ó thaobh teanga agus riachtanais rochtana ann dá bharr.


Seans go mbeidh dul chun cinn agus torthaí ag teacht le nó níos lú ná na leibhéil a bhfuiltear ag súil leo i gcomparáid le gnásanna don aois, go háirithe na hábhair teangabhunaithe.

Déanfaidh an MCPDÓB na riachtanais a mheas, lena n-áirítear an bhfuil teicneolaíocht bhreise éisteacha, comhairle agus eolas de dhíth. Déanann an scoil spriocanna PPF a fhorbairt agus straitéisí a chur i bhfeidhm le tacú leis an pháiste/an duine óg ag céim 1 den Chód Cleachtais.

**Bíonn tionchar ag an bhodhaire ar réimse scileanna atá le foghlaim ag páistí/daoine óga, lena n-áirítear:**

- Scileanna éisteacha
- Aird
- Forbairt teanga agus tuiscint ar choincheapa nua nó casta
- Scileanna litearthachta
- Cuimhne fheidhmiúil
- Cuimhne éisteachta
- Am próiseála
- Foghlaim theagmhasach
- Scileanna sóisialta agus cairdis a choinneáil
- Féinmheas
- Stíl foghlama
- Rochtain ar na meáin chlosamhairc, acmhainní ar líne agus eile, m.sh. don Cheol/Nuatheangacha Iasachta

## Pleanáil & Gníomhú (Iarrtar ort amharc air seo taobh leis an Treoir maidir le Coigeartuithe Réasúnta le tacú le PDÓ a bhfuil Lagú Céadfach acu) Féach fosta pleanáil & gníomhú uilescoile




**Thiocfadh leis na rudaí seo a leanas a bheith san áireamh leis na straitéisí cuimsitheacha do gach páiste agus duine óg bodhar:**

- Cinnte a dhéanamh go bhfuil aird an pháiste nó an duine óig ort sula dtosaíonn tú ag labhairt
- Labhairt go soiléir ar do ghnáthleibhéal agus gnáthluas - beidh sé níos deacra ar dhaoine tú a thuiscint má labhraíonn tú go mall nó má dhéanann tú áibhéil fá na patrúin bhéil
- Ligean don pháiste nó duine óg bodhar d'aghaidh agus do liopaí a fheiceáil agus tú ag caint - beidh sé doiligh acu na beola a léamh má tá rud éigin os comhair d'aghaidhe nó má thiontaíonn tú ar an bhord chliste
- Seiceáil a dhéanamh go dtuigeann an páiste/duine óg cad é a bhí ráite ar bhealach íogair, mar shampla, ag cur ceisteanna ar nós 'Cé atá ábalta a rá liom cad é a bheas de dhíth don cheacht seo?' nó rudaí a rá arís/a rá ar bhealach eile más gá
- Am a thabhairt do pháistí/daoine óga a n-aird a bhogadh idir tusa agus eolas eile nuair atá tú ag labhairt, sa dóigh is go dtig leo leideanna d'aghaidhe agus patrúin do liopaí a úsáid le cuidiú leo tuiscint
- Ceisteanna nó rudaí a deir na paistí/daoine óga eile a rá arís - seans go bhfuil a nguthanna níos séimhe, agus go bhfuil an chaint doiléir
- Níos mó ama a thabhairt don smaointeoireacht agus don labhairt
- A bheith feasach go mb'fhéidir go bhfuil níos mó ama de dhíth ar an pháiste nó an duine óg le tascanna a chur i gcrích.
- Nuair is cuí, seiceáil a dhéanamh gur tuigeadh an t-eolas agus na treoireacha ó bhéal



## Pleanáil & Gníomhú (Iarrtar ort amharc air seo taobh leis an Treoir maidir le Coigeartuithe Réasúnta (Comhad na Freagartha Grádaithe) le tacú le PDÓ a bhfuil Lagú Céadfach acu) Féach fosta pleanáil & gníomhú uilescoile



- Is féidir stór focal/focail thábhachtacha a bhaineann le hábhar nua a scríobh ar an bhord/balla oibre nó iad a thabhairt ar leathanach eile roimh thús an cheachta nó an ábhair
- Deiseanna a chur ar fáil le linn na hachoimre ar na príomhphointí teagaisc don pháiste nó duine óg lena léiriú cad a thuig sé agus le bearna nó deacracht ar bith sa stór focal a shainaithint
- An riachtanas le rochtain a fháil ar theicneolaíocht más gá (mar atá molta ag an MCPDÓB

**Cé go dtugann na moltaí seo sampla den dea-chleachtas, ní liosta iomlán é. Tá riachtanais éagsúla ag páistí agus daoine óga a bhfuil lagú céadfach acu agus ba chóir coigeartuithe a dhéanamh de réir riachtanais an duine.**


**Naisc Úsáideacha**

A Girl like Ananya — AVID Language

Tips for teaching deaf children with a mild hearing loss (youtube.com)




## Monatóireacht, Meastóireacht & Athbhreithniú




B'fhéidir go mbeadh idirghabháil agus cuir chuige bhreise de dhíth ar roinnt páistí/daoine óga chomh maith lena bhfuil curtha ar fáil sa tsoláthar uilescoile, is féidir iad seo a chur ar fáil trí sholáthar speisialta oideachais na scoile ag **céim 1** den Chód Cleachtais. Leagtar amach sa Chód Cleachtais gur gá don scoil **monatóireacht, meastóireacht, agus athbhreithniú rialta** a dhéanamh ar an tsoláthar seo, i gcomhar leis **an pháiste/an duine óg agus a dtuismitheoirí**. Bainfidh an scoil úsáid as **Plean Pearsanta Foghlama** **(PPF)**, ina leagfar amach an soláthar atá á úsáid ag an scoil leis an pháiste/an duine óg atá sa bhreis ar an tsoláthar atá á chur ar fáil ag leibhéal uilescoile. Tabharfar eolas ann fá na spriocanna atá beartaithe, agus ba chóir iad seo a rianú agus a athbhreithniú go rialta, ba chóir d'fhoireann na scoile é seo a dhéanamh **2 uair sa bhliain ar a laghad** i gcomhar leis an pháiste/an duine óg agus tuismitheoir(í).

**Agus athbhreithniú á dhéanamh agat, déan do mhachnamh:**




**Cuideoidh an próiseas monatóireachta, meastóireachta agus athbhreithnithe seo leis na chéad chéimeanna eile a shainaithint i dtaca le foghlaim agus soláthar don pháiste/duine óg.**

## Monatóireacht, Meastóireacht & Athbhreithniú



**I gcás páiste/duine óg a bhfuil riachtanais chéadfacha aige de bharr caillteanas éisteachta, thiocfadh leis na rudaí seo a leanas a bheith san áireamh leis an mheasúnú agus athbhreithniú:**


- foireann na scoile ag teacht le chéile le tacaíocht chomhairleach na gcéadfaí/saineolaithe mar chuid den phróiseas athbhreithnithe
- féinmheastóireacht an pháiste/an duine óig ar na riachtanais tacaíochta
- an riachtanas le rochtain a fháil ar theicneolaíocht más gá.
- rath an pháiste/an duine óig i dtaca le cumarsáid a dhéanamh le daoine eile, bualadh le daoine, agus cairdeas a dhéanamh

Nuair atá dul chun cinn maith déanta aige, b'fhéidir go rachadh sé ar ais chuig an tsoláthar uilescoile agus go mbainfí a ainm de chlár RSO na scoile.

I gcás nach ndéanann an páiste/an duine óg dul chun cinn ach ar éigean cé gur cuireadh réimse iomlán na straitéisí agus na gcur chuige i bhfeidhm i dtaca le mapa soláthair speisialta oideachas na scoile, is féidir smaoineamh ar iarratas a dhéanamh ar sholáthar seachtrach, **soláthar níos déine** ina gcuireann an tÚO agus/nó ISCS saintacaíocht ar fáil.



## Sainaithint (Féach fosta eolas ag leibhéal uilescoile & céim 1)



Seans go mbeidh tuilleadh tacaíochta spriocdhírithe de dhíth ar roinnt paistí agus daoine óga le constaicí féideartha roimh an dul chun cinn a shárú agus leis an tacaíocht atá de dhíth chun iad seo a shárú a shainaithint.


Mar gheall ar na dúshláin atá á léiriú, tá tacaíocht sa mhullach air sin atá ar fáil ag leibhéal uilescoile agus céim 1 de dhíth ar roinnt páistí/daoine óga bodhra, agus léiríonn sé seo gur gá bogadh go dtí céim 2.

Déanfaidh an MCPDÓB na riachtanais a mheas, lena n-áirítear an bhfuil teicneolaíocht bhreise éisteacha, comhairle agus eolas de dhíth ar an fhoireann ar fad atá ag obair leis an dalta.

Bíonn deacrachtaí ag go leor páistí bodhra le sealbhú na teanga labhartha agus bíonn drochthionchar dian agus fadtéarmach ag an tearcrochtain ar theanga. Tháinig deiseanna iontacha chun cinn le rochtain a fháil ar an teanga labhartha trí theicneolaíochtaí ar nós áiseanna éisteachta digiteacha agus ionphlanduithe cochla; ach ní thugann siad ar ais an ghnáthéisteacht. Déanfaidh an scoil spriocanna PPF a fhorbairt agus straitéisí a chur i bhfeidhm le tacú leis an pháiste/an duine óg ag céim 2 den Chód Cleachtais.



**Pleanáil & Gníomhú** (Iarrtar ort amharc air seo taobh leis an Treoir maidir le Coigeartuithe Réasúnta (Comhad na Freagartha Grádaithe) le tacú le PDÓ a bhfuil Lagú Céadfach acu) Féach fosta pleanáil & gníomhú uilescoile & céim 1 [Reasonable Adjustments Guidance (Graduated Response Folder)]



**Chomh maith leis na straitéisí uilescoile agus céim 1, a chuideoidh le hionchuimsitheacht a chinntiú, mar gheall ar na dúshláin a thagann le caillteanas éisteachta do go leor daltaí bodhra, thiocfadh leis na rudaí seo a leanas a bheith san áireamh ina bplean:**


- Na spriocanna a bhaineann le forbairt teanga, cumarsáide, litearthachta, muiníne agus scileanna sóisialta agus an tacaíocht agus na hidirghabhálacha atá de dhíth
- Soláthar agus cothabháil na teicneolaíochta éisteachta
- Coincheapa/stór focal ábharbhunaithe a theagasc roimh ré. Eolas a bhriseadh síos ina chodanna níos lú; eolas a athrá nó a rá ar bhealach eile; ceisteanna cúramacha a úsáid le tuiscint a sheiceáil.
- Is féidir tacú le teagasc an fhoclóra trí stór focal a chur ar fáil do thuismitheoirí le húsáid sa bhaile fosta
- Cinnte a dhéanamh go bhfuil an fhoireann agus páistí/daoine óga eile 'feasach' ar an bhodhaire agus go bhfuil tuiscint mhaith acu ar a bhfuil le déanamh acu lena chinntiú go bhfuil páirt ag an dalta bhodhar sa scoil
- Teicneolaíocht chúnta éisteachta a úsáid, amhail áiseanna raidió agus córais réimse fuaime
- Sleamhnán PowerPoint a chur ar fáil roimh an cheacht le nótaí a bhreacadh síos le linn an ionchuir theagaisc le smaoineamh ar na dúshláin a bhaineann le héisteacht agus nótaí a bhreacadh síos ag an am chéanna
- Cur i bhfeidhm na straitéisí atá molta ag an MCPDÓB
- Deiseanna a chur ar fáil do pháistí/daoine óga le bheith ag obair duine le duine nó i ngrúpa beag i dtimpeallacht chiúin éisteachtale teanga a threisiú
- Am breise a thabhairt le heolas a phróiseáil nó le freagairt ar cheist
- Leideanna a thabhairt do pháiste nó duine óg atá ag caint nó má bhíonn athrú ar ábhar an chomhrá; acmhainní breise scríofa a chur ar fáil le tacú leis an radharc

**Cé go dtugann na moltaí seo sampla den dea-chleachtas, ní liosta iomlán é. Tá riachtanais éagsúla ag páistí agus daoine óga a bhfuil lagú céadfach acu agus ba chóir coigeartuithe a dhéanamh de réir riachtanais an duine.**

**Féach fosta an nasc thíos:**

[Reasonable Adjustments in Schools (guidedogs.org.uk)]

## Monatóireacht, Meastóireacht & Athbhreithniú



Ag céim 2 den Chód Cleachtais, beidh **dlúth-rannpháirtíocht** idir an **scoil** agus an **tseirbhís sheachtrach** (An tÚO/ISCS) atá ag tacú le riachtanas an pháiste/an duine óig nár sásaíodh. Tarlóidh an mhonatóireacht, an mheastóireacht agus an t-athbhreithniú a dhéanann an scoil ar an PPF i gcomhar leis an tseirbhís sheachtrach, agus cuirfear an páiste/an duine óg agus a dtuismitheoir(í) san áireamh. In éineacht lena chéile, déanfaidh siad cinntí eolacha ar éifeachtúlacht na hidirghabhála/an tsoláthair atá i bhfeidhm.

**Le cuidiú leis an éifeachtúlacht seo a thomhas, b'fhéidir go ndéanfadh tÚO na rudaí seo a leanas:**


Athbhreithniú ar spriocanna/torthaí a bhfuiltear ag súil leo → Tuarascálacha agus moltaí a eisiúint, ar ceart iad a chur san áireamh sna PPFanna sa todhchaí → Soláthar curtha ar fáil do scoileanna, amhail acmhainní, aithris, oiliúint, teagasc srl...

Tá sé tábhachtach gur follasach an chomhairle agus an treoir a chuireann Seirbhís Céadfaí an ÚO nó ISCS ar fáil i dtaca leis na torthaí agus na cuir chuige a úsáidtear i bpleanáil PPF don pháiste nó don duine óg.

**Beidh ort smaoineamh ar na rudaí seo a leanas:**

- eolas a bhaineann le leibhéal gnóthachtála
- féinmheastóireacht an pháiste/an duine óig ar na riachtanais tacaíochta
- an riachtanas le rochtain a fháil ar theicneolaíocht más gá (mar atá molta ag an MCPDÓB
- inrochtaineacht an ábhair
- rath an pháiste/an duine óig i dtaca le cumarsáid a dhéanamh le daoine eile, bualadh le daoine, agus cairdeas a dhéanamh
- cothromaíocht idir rochtain ar fhoghlaim agus foghlaim fá rochtain
- éifeachtúlacht na tacaíochta cumarsáide
- athruithe ar bith ar leibhéal éisteachta an pháiste/an duine óig

## Monatóireacht, Meastóireacht & Athbhreithniú



TÁ Seicliosta Feabhsaithe Caighdeáin curtha le chéile ag an NDCS atá úsáideach don Mhonatóireacht, Meastóireacht agus Athbhreithniú.

I gcás nach raibh tionchar ag soláthar chéim 2 ach ar éigean, agus go bhfuil riachtanais an pháiste/an duine óig go fóill suntasach/casta, agus nach raibh tionchar ach ar éigean ar a bhfoghlaim/a gcumas le rochtain a fháil ar an churaclam go héifeachtach, beidh cur chuige níos déine de dhíth.


Is féidir smaoineamh ar iarratas a dhéanamh ar mheasúnú reachtúil ag céim 2. Agus an tÚO ag machnamh an mbeadh sé fóirsteanach measúnú reachtúil a dhéanamh agus, ba cheart don scoil PPF an pháiste a chur i bhfeidhm, agus ba cheart monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh air.

**Féach fosta Sreabhchairteacha agus Seicliostaí na Roinne Oideachais:**

Flowcharts and Checklists



## Sainaithint (féach fosta sainaithint uilescoile,céim 1 & céim 2)



Nuair a dhéantar iarratas ar mheasúnú reachtúil, agus an toradh air sin ná go ndéanann an tÚO **ráiteas ar riachtanais speisialta oideachais**, sainaithneofar go bhfuil an páiste/an duine óg ag céim 3 den Chód Cleachtais.




**San áireamh leis na haitheantóirí eile:**

- Tá deacrachtaí an pháiste/an duine óig suntasach agus/nó casta agus/nó tá níos mó ná ceann amháin ann
- B'fhéidir go bhfuil sé ag cur isteach ar a chumas an pháiste/an duine óig le bheith rannpháirteach i ngníomhaíochta ranga ar leith agus/nó i ngnéithe eile de shaol na scoile
- B'fhéidir go bhfuil riachtanais chéadfacha an pháiste/an duine óig ag cur isteach ar a dhul chun cinn oideachasúil, sóisialta, mothúchánach
- Níor riar na bearta fóirsteanacha córasacha a rinne an scoil agus saineolaithe seachtracha ar riachtanais an pháiste/an duine óig
- Tá soláthar speisialta oideachais sa bhreis de dhíth, nach féidir a chur ar fáil leis na hacmhainní a bhíonn ar fáil i scoileanna príomhshrutha de ghnáth

# Soláthar Speisialta Oideachais, Céim 3 - Céadfach - Bodhaire/Lagú Éisteachta

**Pleanáil & Gníomhú** (Iarrtar ort amharc air seo taobh leis an Treoir maidir le Coigeartuithe Réasúnta (Comhad na Freagartha Grádaithe) le tacú le PDÓ a bhfuil Lagú Céadfach acu) Féach fosta pleanáil & gníomhú uilescoile, céim 1 & céim 2 [Reasonable Adjustments Guidance (Graduated Response Folder)]




**Chomh maith leis na straitéisí atá oiriúnach don bhodhaire, seans go mbeidh cuid de na rudaí seo a leanas nó iad uilig de dhíth ar roinnt páistí agus daoine óga:**

- Ionchur rialta ó MCPDÓB don teagasc dhíreach tacaíocht, comhairle agus oiliúint ranga d'fhoireann na scoile, ionchur in aon rannpháirtíocht ilghníomhaireachtaí; teagmháil le tuismitheoirí/cúramóirí; sainmheasúnuithe
- Rochtain ar shainchomhairle agus pleanáil don aosacht ó bhliain 10 ar aghaidh
- Bearta le scileanna neamhspleáchais a fhorbairt, neamhspleáchas mar fhoghlaimeoir san áireamh, an cumas le trealamh a úsáid agus a chothabháil agus scileanna féinabhcóideachta/féinchinntiúcháin
- Leibhéil arda tacaíochta ar bhonn aonair leis na réimsí seo a leanas a fhorbairt:
  - 1. éisteacht agus aird
  - 2. teanga
  - 3. scileanna cumarsáide
- Soláthar na tacaíochta cumarsáide de réir mar is gá, ar nós Teanga Chomharthaíochta na Breataine, Teanga Chomharthaíochta na hÉireann
- Straitéisí teagaisc agus acmhainní ar leith le rochtain ar theagasc agus foghlaim a chinntiú
- Scileanna cumarsáide, litearthachta, muiníne agus sóisialta agus an tacaíocht agus na hidirghabhálacha atá de dhíth leis na torthaí a bhaint amach
- Bíonn cúntóir ranga ag roinnt páistí/daoine óga bodhra i suíomhanna scoile le tacú leo ó thaobh cumarsáid chomharthaíochta de
- Tacaíocht ar bith atá de dhíth le féinmheas agus scileanna sóisialta a fheabhsú feasacht ar an bhodhaire san áireamh. Thiocfadh dó go mbeadh deiseanna le bualadh le piaraí atá bodhar san áireamh leis seo

**Cé go dtugann na moltaí seo sampla den dea-chleachtas, ní liosta iomlán é. Tá riachtanais éagsúla ag páistí agus daoine óga a bhfuil lagú céadfach acu agus ba chóir coigeartuithe a dhéanamh de réir riachtanais an duine.**

# Soláthar Speisialta Oideachais, Céim 3 - Céadfach - Bodhaire/Lagú Éisteachta

**Pleanáil & Gníomhú** (Iarrtar ort amharc air seo taobh leis an Treoir maidir le Coigeartuithe Réasúnta (Comhad na Freagartha Grádaithe) le tacú le PDÓ a bhfuil Lagú Céadfach acu) Féach fosta pleanáil & gníomhú uilescoile, céim 1 & céim 2 [Reasonable Adjustments Guidance (Graduated Response Folder)]



## Naisc Úsáideacha


- NatSIP - A place to start - Working with a child or young person with sensory impairment
- Supporting the achievement of deaf children who use English as an additional language (EAL) (ndcs.org.uk)
- Deaf-friendly teaching: Northern Ireland | Documents and resources (ndcs.org.uk)
- Deaf-friendly education: Northern Ireland | Documents and resources (ndcs.org.uk)
- Creating good listening conditions | Information for professionals (ndcs.org.uk)

**Eolas úsáideach:**

- Cás-staidéar 2018-02 MTP HI Case Study (NatSIP Format) v1.pdf



## Monatóireacht, Meastóireacht & Athbhreithniú



**I gcás páiste/duine óg a bhfuil riachtanas céadfach aige, smaoinigh ar:**


- Éifeachtacht na teicneolaíochta
- Inrochtaineacht an ábhair mar shampla, ag seiceáil go bhfuil an dalta ábalta an teanga agus na coincheapa atá in úsáid sna ceachtanna a thuiscint nó ag cinntiú cá háit agus cá huair a bhíonn na deacrachtaí is measa ag an dalta ag éisteacht lena bhfuil á rá
- Rath an pháiste/an duine óig i dtaca le cumarsáid a dhéanamh le daoine eile, bualadh le daoine, agus cairdeas a dhéanamh Mar shampla, má tá tacaíocht chomharthaíochta á tabhairt ag cúntóir ranga, an bhfuil siad ábalta an méid atá á rá ag an mhúinteoir a thuiscint go cruinn agus go líofa?
- Féinmheastóireacht an pháiste/an duine óig ar na riachtanais tacaíochta
- Cothromaíocht idir rochtain ar fhoghlaim agus foghlaim fá rochtain
- Gnóthachtáil agus dul chun cinn i réimsí na cumarsáide, na teanga, na forbartha coincheapa, na scileanna sóisialta, na scileanna luaileacha, an treoshuímh agus na soghluaisteachta, na scileanna neamhspleáchais agus na forbartha mothúchánaí
- An cumas le bheith ag foghlaim go neamhspleách, trealamh a bhainistiú agus a gcuid riachtanas agus roghanna a chur in iúl

Nuair nach bhfuil an dul chun cinn a bhfuiltear ag súil leis á dhéanamh ag an pháiste/duine óg, caithfear smaoineamh ar achan ghné den phlean go mion mar tá sé an-tábhachtach bunús na ndeacrachtaí a shainaithint agus an plean a leasú.

**Féach fosta Sreabhchairteacha agus Seicliostaí na Roinne Oideachais:**

[Flowcharts and Checklists]

## Monatóireacht, Meastóireacht & Athbhreithniú



Ag céim 3, tá ráiteas ar Riachtanais Speisialta Oideachais ag an pháiste/an duine óg. Leanfar de chur i bhfeidhm an PPF agus tá sé ag brath ar mhonatóireacht, meastóireacht, agus athbhreithniú rialta. Beidh an PPF mar bhonn faoin eolas oideachais le tacú le heolas a dhéanamh don athbhreithniú bhliantúil ar an ráiteas Tá an scoil go fóill freagrach as foghlaim laethúil an pháiste/an duine óig, ag roinnt na freagrachta leis an ÚO agus, nuair is cuí, leis an Iontaobhas SCS.

**PPF**

Tá monatóireacht leanúnach ar PPF an pháiste/an duine óig de dhíth lena dhul chun cinn a shocrú i dtaca leis na torthaí pearsantaithe a bhaint amach. Sa mheastóireacht agus san athbhreithniú ar an PPF, ba chóir go ndéanfar machnamh ar:

- Éifeachtúlacht na straitéisí
- Tionchar an tsoláthair/na soláthar
- Eolas nua nó tosca atá ar eolas anois
- Cinnteoidh na próisis mheastóireachta agus athbhreithnithe seo go bhfuil soláthar ón ÚO tráthúil agus freagrúil i dtaca leis an riachtanas/na riachtanais atá ag athrú.

**Athbhreithniú Bliantúil**


Déanfar athbhreithniú ar an ráiteas ar riachtanais oideachais le dul chun cinn an pháiste/an duine óig a shocrú. Ionchur ó ghairmithe oideachais agus/nó Gairmithe Sláinte Leighis/Comhghaolmhara, éifeachtúlacht na straitéisí, tionchar na n-idirghabhálacha roimhe seo, eolas nó tosca nua a roinnt, lena chinntiú go bhfuil an ráiteas ar riachtanais oideachais ag freastal ar riachtanais an pháiste/an duine óig.

**Barúlacha an Pháiste/an Duine Óig & Tuismitheoir(í)**

Beidh ionchur agus barúlacha an pháiste/an duine óig agus an tuismitheora/na dtuismitheoirí lárnach sa phróiseas monatóireachta, meastóireachta agus athbhreithnithe.

**Leanfaidh an páiste ar aghaidh ag Céim 3 agus gheobhaidh sé tacaíocht go dtí go gcinnfidh an tÚO nár chóir an ráiteas a choinneáil ag dul.**

## Sainaithint




Caitheann a lán páistí agus daoine óga spéaclaí/lionsaí tadhaill le hearráid athraonta a chur ina ceart, agus don fhormhór, beidh an radharc s'acu "normálta" nó "chóir a bheith normálta" dá bharr.

Tá **lagú radhairc** ag páiste nuair nach mbíonn a radharc "normálta" nó "chóir a bheith normálta" de bharr spéaclaí, nó nuair a bhíonn caillteanas suntasach ar an réimse radhairc nó lagú radhairc ceirbreach. B'fhéidir go gcaitheann nó nach gcaitheann páiste/duine óg a bhfuil lagú radhairc aige spéaclaí, ag brath ar an chúis atá leis an chaillteanas radhairc.


Sa **tsoláthar uilescoile**, is féidir riachtanais an pháiste/an duine óig a bhainistiú go maith i rang príomhshrutha le **difreáil fhóirsteanach** ó thaobh tascanna agus **stíl teagaisc** de.

**Is féidir le lagú radhairc dul i bhfeidhm ar achan ghné den fhorbairt, lena n-áirítear:**

- Scileanna oll-luaile agus mínluaile
- Teanga
- Scileanna cognaíocha
- Scileanna sóisialta agus cumarsáide, rud a laghdaíonn a gcumas le ciall a bhaint as a bhfuil ag dul ar aghaidh thart orthu, agus a mhéadaíonn imní



## Sainaithint




**Is féidir le lagú radhairc dul i bhfeidhm ar achan ghné den fhorbairt, lena n-áirítear:**

- Scileanna oll-luaile agus mínluaile
- Teanga
- Scileanna cognaíocha
- Scileanna sóisialta agus cumarsáide, rud a laghdaíonn a gcumas le ciall a bhaint as a bhfuil ag dul ar aghaidh thart orthu, agus a mhéadaíonn imní

**Do thromlach na bpáistí/na ndaoineóga a bhfuil lagú radhairc acu, bíonn na riachtanais sainaitheanta sula dtosaíonn siad i suíomh agus bíonn pleananna tacaíochta comhaontaithe cheana féin.**


**Mar sin féin, má shíleann tú go bhfuil lagú radhairc ag duine:**

- Pléigh leis an teaghlach/cúramóirí/caomhnóirí fán imní atá ort . Mol dóibh iarradh ar an DG nó Radharceolaí iad a atreorú chuig Oftailmeolaíocht
- Má tá siad ar oideas, ba chóir do pháiste nó duine óg spéaclaí a chaitheamh le tacú lena lagú radhairc



# Soláthar Oideachais Uilescoile - Céadfach - Lagú Radhairc

## Pleanáil & Gníomhú (Iarrtar ort amharc air seo taobh leis an Treoir maidir le Coigeartuithe Réasúnta (Comhad na Freagartha Grádaithe) le tacú le PDÓ a bhfuil Laguithe Céadfacha acu, mar aon le pleananna agus gníomhuithe) [Reasonable Adjustments Guidance (Graduated Response Folder)]




Más rud é nach ndéanann páiste nó duine óg an dul chun cinn a rabhthas ag súil leis, mar an chéad fhreagairt, ba chóir teagasc ar ardchaighdeán a chur i bhfeidhm atá dírithe ar an riachtanas/na riachtanais atá aige, agus ba chóir smaoineamh ar choigeartuithe réasúnta sa timpeallacht foghlama/na coigeartuithe sin a chur i bhfeidhm.

**Thiocfadh dó go mbeadh réimse straitéisí agus idirghabhálacha de dhíth ar pháistí nó daoine óga ar leith ó roinn amháin nó níos mó de na cinn seo a leanas. Is gá gan iad seo a úsáid mar liosta le bheith ag obair tríd.**


- Tá iniúchadh úsáideach curtha le chéile ag Positive Eye i dtaca le timpeallachtaí ionchuimsitheacha do gach páiste agus duine óg ***( féach Aguisín sa cháipéis Sensory RA fá choinne cóip den iniúchadh).***

[NatSIP - What Good Looks Like]

- Tá ról lárnach ag an teicneolaíocht chúnta le foghlaimeoirí a bhfuil lagú radhairc acu ag aoiseanna agus cumais éagsúla a chumasú le rochtain a fháil ar an churaclam go neamhspleách, sa dóigh nach mbíonn siad ag brath barraíocht ar dhaoine fásta. Tugtar as 'foghlaim fá rochtain' air seo, i gcodarsnacht le 'rochtain ar fhoghlaim'



## Monatóireacht, Meastóireacht & Athbhreithniú




Agus **tionchar an tsoláthair oideachais uilescoile** á mheas, cuimhneofar ar **mhonatóireacht an mhúinteora**, mar shampla, breathnóireachtaí, measúnuithe, fianaise a bhailítear agus breithiúnas gairmiúil mar aon le **barúlacha an pháiste/an duine óig agus a dtuismitheoirí.**

**Ba chóir don athbhreithniú na nithe seo a leanas a mheas:**

- An bhfuil dul chun cinn déanta?
- Má tá dul chun cinn déanta, cad iad na coigeartuithe/straitéisí eile a thacódh níos mó leis an pháiste/an duine óg?
- Na chéad chéimeanna eile (curtha le chéile i gcomhar le múinteoirí, comhordaitheoirí agus tuismitheoirí)

**Má lorgaítear barúlacha ó achan duine atá páirteach, agus má fhaightear freagra ar na heochaircheisteanna seo, cuideofar le pleanáil amach anseo.**

Ba chóir iarraidh ar pháiste/duine óg a bhfuil riachtanais chéadfacha aige aiseolas rialta a thabhairt le monatóireacht a dhéanamh ar a rochtain ar cheachtanna agus le fáil amach cad é atá ag obair go maith nó cad é atá le coigeartú.
Faigh eolas ó MCLR i gcónaí lena chinntiú go bhfuil na straitéisí cuí i bhfeidhm do dhaltaí ar leith. Thiocfadh dó go mbeadh sé seo mar chuid de phróisis leanúnacha na scoile i dtaca le monatóireacht, meastóireacht agus athbhreithniú.



# Soláthar Speisialta Oideachais, Céim 1 - Céadfach - Lagú Radhairc

## Sainaithint ((Iarrtar ort amharc air seo taobh leis an Treoir maidir le Coigeartuithe Réasúnta (An Fhreagairt Ghrádaithe) le tacú le PDÓ a bhfuil Lagú Céadfach acu)

[Reasonable Adjustments Guidance (Graduated Response Folder)]



Ag **céim 1**, ba chóir riachtanais an pháiste/an duine óig a bhainistiú i **rang príomhshrutha le coigeartuithe réasúnta** agus **difreáil** fóirsteanach ó thaobh tascanna agus **stíl teagaisc** de.

Tá a fhios againn go bhfuil constaicí móra ag baint le lagú radhairc do pháistí agus daoine óga maidir le bunscileanna a fháil agus a fhorbairt.

Tá a fhios againn fosta gur féidir na constaicí seo a mhaolú, nó a bhaint, má fhaigheann páistí agus daoine óga a bhfuil lagú radhairc acu an teagasc cuí i dtimpeallacht chuí teagaisc.

Déanann an scoil spriocanna PPF a fhorbairt agus straitéisí a chur i bhfeidhm le tacú leis an pháiste/an duine óg ag céim 1 den Chód Cleachtais.

Deanfaidh sainchleachtóirí cailithe, MCLRí san áireamh agus saineolaithe slánaithe in amanna, sainscileanna riachtanacha a theagasc, scileanna atá de dhíth ar pháistí agus daoine óga a bhfuil LR acu lena rochtain ar fhoghlaim a fhorbairt, leis an oiread neamhspleáchais agus is féidir agus le hullmhú don aosacht, ar nós úsáid na teicneolaíochta cúnta.

Sainaithnítear na scileanna seo sa Curriculum Framework for Children and Young People with Vision Impairment (CFVI).

Is féidir leMCLRí tacú le múinteoirí ranga le tuiscint a fháil ar an lagú radhairc atá ag foghlaimeoir, agus na himpleachtaí atá aige ar a rochtain ar fhoghlaim agus forbairt i gcoitinne.

**Faigh eolas ó MCLR i gcónaí lena chinntiú go bhfuil na straitéisí cuí i bhfeidhm do dhaltaí ar leith.**

# Soláthar Speisialta Oideachais, Céim 1 - Céadfach - Lagú Radhairc

**Pleanáil & Gníomhú** (Iarrtar ort amharc air seo taobh leis an Treoir maidir le Coigeartuithe Réasúnta (Comhad na Freagartha Grádaithe) le tacú le PDÓ a bhfuil Lagú Céadfach acu) Féach fosta pleanáil & gníomhú uilescoile Reasonable Adjustments Guidance (Graduated Response Folder)



- Má tá lagú radhairc éadrom agus nisteagmas ag an pháiste nó duine óg, féach fosta ar leathanach comhairle na seirbhíse céadfaí maidir le nisteagmas. Nisteagmas (eani.org.uk)
- I bhformhór na gcásanna, ní bhíonn sain-idirghabhálacha ó MCLR de dhíth ar na páistí agus na daoine óga seo.
- Ná déan dearmad a chinntiú go roinntear faisnéis maidir le radharc an pháiste nó an duine óig le múinteoirí nua roimh thús gach bliana acadúla
- Ba chóir spéaclaí a chaitheamh an t-am ar fad, am súgartha agus Corpoideachas san áireamh. Ba chóir do na spéaclaí a bheith glan agus ba chóir páistí a spreagadh le freagracht a ghlacadh as iad a ghlanadh go minic le linn an lae.

**Iarrtar ort amharc air seo taobh leis an Treoir maidir le Coigeartuithe Réasúnta le tacú le PDÓ a bhfuil Laguithe Céadfacha acu, mar aon le pleananna agus gníomhuithe**

Cé go dtugann na moltaí seo sampla den dea-chleachtas, ní liosta iomlán é.

Tá riachtanais éagsúla ag páistí agus daoine óga a bhfuil lagú céadfach acu agus ba chóir coigeartuithe a dhéanamh de réir riachtanais an pháiste/an duine óig i gcomhthéacs ar leith.



## Monatóireacht, Meastóireacht & Athbhreithniú



B’fhéidir go mbeadh **idirghabháil agus cuir chuige bhreise de dhíth** ar roinnt páistí/daoine óga chomh maith lena bhfuil curtha ar fáil sa tsoláthar uilescoile, is féidir iad seo a chur ar fáil trí sholáthar speisialta oideachais na scoile ag **céim 1** den Chód Cleachtais.

Leagtar amach sa Chód Cleachtais gur gá don scoil **monatóireacht, meastóireacht, agus athbhreithniú rialta** a dhéanamh ar an tsoláthar seo, i gcomhar leis **an pháiste/an duine óg agus a dtuismitheoirí**.

Bainfidh an scoil úsáid as Plean Pearsanta Foghlama **(PPF)**, ina leagfar amach an soláthar atá á úsáid ag an scoil leis an pháiste/an duine óg atá sa bhreis ar an tsoláthar atá á chur ar fáil ag leibhéal uilescoile. Tabharfar eolas ann fá na spriocanna atá beartaithe, agus ba chóir iad seo a rianú agus a athbhreithniú go rialta, ba chóir d’fhoireann na scoile é seo a dhéanamh **2 uair sa bhliain ar a laghad** i gcomhar leis an pháiste/an duine óg agus tuismitheoir(í).

**Agus athbhreithniú á dhéanamh agat, déan do mhachnamh:**

- **Ar bhain an páiste/duine óg amach na torthaí a rabhthas ag súil leo?**
- **An raibh an soláthar éifeachtach?**
- **An raibh na straitéisí a cuireadh i bhfeidhm ábhartha agus fóirsteanach?**
- **An ndearna an páiste/duine óg dul chun cinn?**



## Monatóireacht, Meastóireacht & Athbhreithniú



**Cuideoidh an próiseas monatóireachta, meastóireachta agus athbhreithnithe seo leis na chéad chéimeanna eile a shainaithint i dtaca le foghlaim agus soláthar don pháiste/duine óg.**

I gcás páiste/duine óg a bhfuil riachtanais chéadfacha aige de bharr **lagú radhairc**, thiocfadh leis na rudaí seo a leanas a bheith san áireamh leis an **mheasúnú agus athbhreithniú**:


- féinmheastóireacht an pháiste/an duine óig ar na riachtanais tacaíochta
- eolas a bhaineann le leibhéal gnóthachtála i gcomparáid le piaraí
- inrochtaineacht an ábhair
- an ról atá ag speisialtóirí ar nós MCLR fá choinne comhairle leanúnach nuair is gá
- an riachtanas le rochtain a fháil ar theicneolaíocht más gá (mar atá molta ag an MCLR)
- rath an pháiste/an duine óig i dtaca le cumarsáid a dhéanamh le daoine eile, bualadh le daoine, agus cairdeas a dhéanamh

**Féach fosta Sreabhchairteacha agus Seicliostaí na Roinne Oideachais:**

**Flowcharts and Checklists**

Nuair atá dul chun cinn maith déanta aige, b'fhéidir go rachadh sé ar ais chuig an tsoláthar uilescoile agus go mbainfí a ainm de chlár RSO na scoile. I gcás nach ndéanann an páiste/an duine óg dul chun cinn ach ar éigean cé gur cuireadh réimse iomlán na straitéisí agus na gcur chuige i bhfeidhm i dtaca le mapa soláthair speisialta oideachas na scoile, is féidir smaoineamh ar iarratas a dhéanamh ar sholáthar seachtrach, **soláthar níos déine** ina gcuireann an tÚO agus/nó ISCS saintacaíocht ar fáil.

## Sainaithint (féach fosta sainaithint uilescoile)




Seans go mbeidh **tuilleadh tacaíochta spriocdhírithe** de dhíth ar **roinnt** paistí agus daoine óga le constaicí féideartha roimh an dul chun cinn a shárú agus leis an tacaíocht atá de dhíth chun iad seo a shárú a shainaithint.

- Tacóidh an MCLR leis an scoil le tuiscint a fháil ar na himpleachtaí praiticiúla a bhaineann le deacrachtaí radhairc don rochtain atá ag páiste/duine óg ar an fhoghlaim.
- Déanfaidh an MCLR na riachtanais a mheas, lena n-áirítear an bhfuil teicneolaíocht bhreise, comhairle agus eolas de dhíth ar an fhoireann ar fad atá ag obair leis an pháiste/an duine óg.
- Ag brath ar chineál an chaillteanais amhairc, aon teicneolaíocht chúnta a úsáideann siad nó tacaíocht eile a fhaigheann siad, b’fhéidir go mbeadh ort do stíl teagaisc/tacaíochta a leasú lena chinntiú go bhfuil siad go iomlán páirteach i do cheachtanna.



# Soláthar Speisialta Oideachais, Céim 2 -  Céadfach - Lagú Radhairc

**Pleanáil & Gníomhú** (Iarrtar ort amharc air seo taobh leis an Treoir maidir le Coigeartuithe Réasúnta (Comhad na Freagartha Grádaithe) le tacú le PDÓ a bhfuil Lagú Céadfach acu) Féach fosta pleanáil & gníomhú uilescoile & céim 1 [Reasonable Adjustments Guidance (Graduated Response Folder)]



**Déanann an scoil spriocanna PPF a fhorbairt agus straitéisí a chur i bhfeidhm le tacú leis an pháiste/an duine óg ag céim 2 den Chód Cleachtais.**


Tugann na deacrachtaí a bhaineann le lagú radhairc le fios, i dtaca le cuid mhór foghlaimeoirí, gur dócha go mbeidh spriocanna agus/nó straitéisí ina gcuid pleananna sna réimsí seo a leanas:

- Bearta le scileanna neamhspleáchais a fhorbairt, lena n-áirítear obair gan tacaíocht sa rang an cumas le trealamh a úsáid agus a chothabháil agus scileanna féinabhcóideachta/féinchinntiúcháin
- Soláthar agus cothabháil na teicneolaíochta cúnta agus oiliúint
- Measúnuithe lagamhairc agus oideas d'áiseanna lagamhairc/formhéadaitheoirí
- Tabharfaidh an MCLR comhairle maidir leis na straitéisí fóirsteanacha le cur le féinmheas, cairdeas a éascú, cumarsáid fhiúntach a chumasú, agus feasacht na bpiaraí ar mhíchumas an dalta agus na riachtanais a bhaineann leis (de réir mar is cuí agus i gcomhaontú leis an dalta/na tuismitheoirí)
- Forbairt na scileanna slánaithe (mar shampla, soghluaisteacht agus neamhspleáchas)
- Ionchur rialta ó speisialtóirí na foirne ar nós MCLR agus speisialtóirí cláraithe cáilithe slánaithe (RQHS) ar mhaithe le hobair chomhairleach
- Soláthar na tacaíochta do choigeartú tráthúil na n-acmhainní
- Straitéisí teagaisc agus acmhainní ar leith le rochtain ar theagasc a chinntiú

**Naisc Úsáideacha:** Tá acmhainn úsáideach curtha le chéile ag an Royal National Institute for Blind (RNIB): [Rochtain ar Oideachas]

**Cé go dtugann na moltaí seo sampla den dea-chleachtas, ní liosta iomlán é.  Tá riachtanais éagsúla ag páistí agus daoine óga a bhfuil lagú céadfach acu agus ba chóir coigeartuithe a dhéanamh de réir riachtanais an pháiste/an duine óig i gcomhthéacs ar leith.**

## Monatóireacht, Meastóireacht & Athbhreithniú



Ag céim 2 den Chód Cleachtais, beidh **dlúth-rannpháirtíocht** idir an **scoil** agus an **tseirbhís sheachtrach** (An tÚO/ISCS - MCLRsan áireamh) fá choinne comhairle leanúnach mar atá de dhíth le tacú le riachtanas an pháiste/an duine óig nár sásaíodh.

Tarlóidh an **mhonatóireacht, an mheastóireacht agus an t-athbhreithniú** a dhéanann an scoil ar an PPF i gcomhar leis an tseirbhís sheachtrach, agus cuirfear an páiste/an duine óg agus a dtuismitheoir(í) san áireamh.

In éineacht lena chéile, déanfaidh siad cinntí eolacha ar éifeachtúlacht na hidirghabhála/an tsoláthair atá i bhfeidhm.


**Le cuidiú leis an éifeachtúlacht seo a thomhas, b'fhéidir go ndéanfadh tÚO na rudaí seo a leanas:**

- **Athbhreithniú ar spriocanna/torthaí a bhfuiltear ag súil leo**
- **Tuarascálacha agus moltaí a eisiúint, ar ceart iad a chur san áireamh sna PPFanna sa todhchaí**
- **Soláthar a chur ar fáil do scoileanna, amhail acmhainní, aithris, oiliúint, teagasc srl.**

**Athbhreithniú ar spriocanna/torthaí a bhfuiltear ag súil leo**

**Tá sé tábhachtach gur follasach an chomhairle agus an treoir a chuireann Seirbhís Céadfaí an ÚO nó ISCS ar fáil i dtaca leis na torthaí agus na cuir chuige a úsáidtear i bpleanáil PPF don pháiste nó don duine óg.**

## Monatóireacht, Meastóireacht & Athbhreithniú



**I gcás páiste/duine óg a bhfuil riachtanas céadfach aige, smaoinigh ar:**

- eolas a bhaineann le leibhéal gnóthachtála
- féinmheastóireacht an pháiste/an duine óig ar na riachtanais tacaíochta
- an riachtanas le rochtain a fháil ar theicneolaíocht más gá (mar atá molta ag an MCLR)
- inrochtaineacht an ábhair
- rath an pháiste/an duine óig i dtaca le cumarsáid a dhéanamh le daoine eile, bualadh le daoine, agus cairdeas a dhéanamh

I gcás **nach raibh tionchar ag soláthar chéim 2 ach ar éigean, agus go bhfuil riachtanais an pháiste/an duine óig go fóill suntasach/casta**, agus nach raibh tionchar ach ar éigean ar a bhfoghlaim/a gcumas le rochtain a fháil ar an churaclam go héifeachtach, beidh **cur chuige níos déine** de dhíth.


Is féidir smaoineamh ar **iarratas a dhéanamh ar mheasúnú reachtúil** ag céim 2.

Agus an tÚO ag machnamh an mbeadh sé fóirsteanach measúnú reachtúil a dhéanamh agus, ba cheart don scoil PPF an pháiste a chur i bhfeidhm, agus ba cheart monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh air.



# Soláthar Speisialta Oideachais, Céim 3 - Céadfach - Lagú Radhairc

**Sainaithint** (Iarrtar ort amharc air seo taobh leis an Treoir maidir le Coigeartuithe Réasúnta (Comhad na Freagartha Grádaithe) le tacú le PDÓ a bhfuil Lagú Céadfach acu) Féach fosta sainaithint uilescoile, céim 1 & céim 2 [Reasonable Adjustments Guidance (Graduated Response Folder)]



**Ní féidir riar ar riachtanais ropinnt páistí nó daoine óga trí idirghabháil spriocdhírithe nó cuir chuige tacaíochta uilescoile amháin.**

Sna cásanna seo, is dócha go bhfuil na deacrachtaí radhairc suntasach agus fadtéarmach nó go n-éireoidh siad níos measa sa todhchaí.

Tá ráiteas ar Riachtanais Speisialta Oideachais ag páistí/daoine óga ag céim 3 ina leagtar amach na deacrachtaí atá acu agus an soláthar atá de dhíth le tacú leo déileáil leis na deacrachtaí seo sa scoil.




**Seans go mbeidh na rudaí seo a leanas acu:**

- Laghdú suntasach ar an ghéire amhairc
- Laghdú suntasach ar an ghearr-radharc, agus bíonn clómhéid níos mó ná pointe 36 de dhíth dá bharr
- Fadhbanna eile súl diagnóisithe, a bhfuil tionchar nach beag acu ar a gcumas le rochtain a fháil ar an churaclam
- Bíonn leibhéal ard tacaíochta de dhíth orthu sa rang agus leibhéal ard ullmhaithe de na hacmhainní mar bíonn na hábhair ar fad le cur i láthair ar bhealach coigeartaithe
- Laghdú suntasach ar an ghearr-radharc, agus bíonn clómhéid níos mó ná pointe 36 de dhíth dá bharr
- Laghdú suntasach ar an réimse radhairc
- Foghlaimíonn siad trí mhodhanna tadhlacha ar nós Braille
- Bíonn siad ag brath ar saintrealamh le rochtain a fháil ar an churaclam

# Soláthar Speisialta Oideachais, Céim 3 - Céadfach - Lagú Radhairc

**Pleanáil & Gníomhú** (Iarrtar ort amharc air seo taobh leis an Treoir maidir le Coigeartuithe Réasúnta (Comhad na Freagartha Grádaithe) le tacú le PDÓ a bhfuil Laguithe Céadfacha acu) Féach fosta pleanáil & gníomhú uilescoile, céim 1 & céim 2 Reasonable Adjustments Guidance (Graduated Response Folder)



**Beidh leibhéal níos airde tacaíochta/idirghabhála ó dhaoine fásta de dhíth ar pháistí agus daoine óga le gnáthaimh ranga agus foghlaim a leanúint nó beidh siad ag brath ar acmhainní atá leasaithe/coigeartaithe go suntasach.**

Beidh cur chuige an-phearsanta de dhíth orthu, ag tarraingt ar idirghabhálacha breise agus tacaíocht ó chúntóirí ranga oilte a bhfuil tuiscint acu ar na himpleachtaí a bhaineann le lagú radhairc agus riachtanais rochtana an duine óig.

**Thiocfadh leis na rudaí seo a leanas a bheith san áireamh:**

- Rochtain ar an churaclam atá coigeartaithe le riar ar riachtanais radhairc ar nó Braille, acmhainní tadhlacha, acmhainní méadaithe
- Teagasc idirghabhálach ó MCLR le sainscileanna a theagasc taobh leis an churaclam príomhsrutha
- Beidh gá le measúnuithe measúnuithe agus monatóireacht rialta ar na riachtanais TF
- CÁS-STAIDÉIR - Sliocht as Lámhleabhar na Múinteoirí: RSOM (NASEN) – LCH. 177
- Treoir fhoirmiúil leanúnach d'fhorbairt na scileanna soghluaisteachta agus ionduchtaithe agus an neamhspleáchais
- Bíonn Braille nó MOON de dhíth orthu, léaráidí tadhlacha, léirithe 3T, rudaí agus éispéiris phraiticiúla, ábhar foghlama ilchéadfaí le rochtain a fháil ar an churaclam
- Tacaíocht ó shainchúntóir ranga le rochtain, ionchuimsitheacht agus deiseanna foghlama neamhspleácha a éascú


**Naisc Úsáideacha:**

NatSIP - A place to start - Working with a child or young person with sensory impairment

Tá rochtain ar chló ríthábhachtach don fhoghlaim. Tá achoimre san fhíseán seo ón Astráil ar roinnt roghanna agus prionsabal comhchoiteann: Supporting Students to Access Print: A Classroom Teacher's Guide

Common misconceptions about vision impairment (guidedogs.org.uk)

## Monatóireacht, Meastóireacht & Athbhreithniú



**Ag céim 3**, tá **ráiteas ar Riachtanais Speisialta Oideachais** ag an pháiste/an duine óg. Leanfar de chur i bhfeidhm an PPF agus tá sé ag brath ar mhonatóireacht, meastóireacht, agus athbhreithniú rialta. Beidh an PPF mar bhonn faoin eolas oideachais le tacú le heolas a dhéanamh don athbhreithniú bhliantúil ar an ráiteas Tá an scoil go fóill freagrach as foghlaim laethúil an pháiste/an duine óig, ag roinnt na freagrachta leis an ÚO agus, nuair is cuí, leis an Iontaobhas SCS. Ba chóir go mbeadh tagairt shonrach do spriocanna físe ina bhfuil straitéisí agus acmhainní le dul chun cinn an pháiste/an duine óig a éascú san áireamh leis na hathbhreithnithe ar dhul chun cinn.

### PPF

Tá monatóireacht leanúnach ar PPF an pháiste/an duine óig de dhíth lena dhul chun cinn a shocrú i dtaca leis na torthaí pearsantaithe a bhaint amach. Sa mheastóireacht agus san athbhreithniú ar an PPF, ba chóir go ndéanfar machnamh ar:

- Éifeachtúlacht na straitéisí
- Tionchar an tsoláthair/na soláthar
- Eolas nua nó tosca atá ar eolas anois
- Cinnteoidh na próisis mheastóireachta agus athbhreithnithe seo go bhfuil soláthar ón ÚO tráthúil agus freagrúil i dtaca leis an riachtanas/na riachtanais atá ag athrú.

### Athbhreithniú Bliantúil


Déanfar athbhreithniú ar an ráiteas ar riachtanais oideachais le dul chun cinn an pháiste/an duine óig a shocrú. Ionchur ó ghairmithe oideachais agus/nó Gairmithe Sláinte Leighis/Comhghaolmhara, éifeachtúlacht na straitéisí, tionchar na n-idirghabhálacha roimhe seo, eolas nó tosca nua a roinnt, lena chinntiú go bhfuil an ráiteas ar riachtanais oideachais ag freastal ar riachtanais an pháiste/an duine óig.

### Barúlacha an Pháiste/an Duine Óig & Tuismitheoir(í)

Beidh ionchur agus barúlacha an pháiste/an duine óig agus an tuismitheora/na dtuismitheoirí lárnach sa phróiseas monatóireachta, meastóireachta agus athbhreithnithe.

**Leanfaidh an páiste ar aghaidh ag Céim 3 agus gheobhaidh sé tacaíocht go dtí go gcinnfidh an tÚO nár chóir an ráiteas a choinneáil ag dul.**

## Monatóireacht, Meastóireacht & Athbhreithniú



Sna hathbhreithnithe, ba chóir smaoineamh ar an **Curriculum Framework for Children and Young People with Vision Impairment** (CFVI).

**I gcás páiste/duine óg a bhfuil riachtanas céadfach aige, smaoinigh ar:**

- féinmheastóireacht an pháiste/an duine óig ar na riachtanais tacaíochta
- beidh rochtain de dhíth ar an pháiste/duine óg ar cháipéisí i bhformáidí inrochtana, m.sh. Braille/cló mór. Beidh duine fásta a bhfuil aithne aige air de dhíth ar an duine óg le tacú leo a mbarúlacha a chur in iúl
- eolas a bhaineann le leibhéal gnóthachtála i gcomparáid le piaraí
- barúlacha na dtuismitheoirí/na gcúramóirí maidir le soláthar cuí
- inrochtaineacht an ábhair
- an ról atá ag speisialtóirí ar nós MCLR fá choinne comhairle leanúnach nuair is gá
- an riachtanas le rochtain a fháil ar theicneolaíocht más gá (mar atá molta ag an MCLR)
- ba chóir go mbeadh ionchur ó ghairmithe seachtracha sna hathbhreithnithe nuair is cuí
- an cumas lena bhfoghlaim a phleanáil agus a eagrú agus bogadh idir gníomhaíochtaí agus timpeallachtaí a bhainistiú, bogadh go muiníneach thart fán scoile san áireamh
- an cumas le bheith ag foghlaim go neamhspleách, trealamh a bhainistiú agus a gcuid riachtanas agus roghanna a chur in iúl
- rath an pháiste/an duine óig i dtaca le cumarsáid a dhéanamh le daoine eile, bualadh le daoine, agus cairdeas a dhéanamh
- cothromaíocht idir rochtain ar fhoghlaim agus foghlaim fá rochtain

Nuair nach bhfuil an dul chun cinn a bhfuiltear ag súil leis á dhéanamh ag an pháiste/duine óg, caithfear smaoineamh ar achan ghné den phlean go mion mar tá sé an-tábhachtach bunús na ndeacrachtaí a shainaithint agus an plean a leasú.

**Féach fosta Sreabhchairteacha agus Seicliostaí na Roinne Oideachais:**

**Flowcharts and Checklists**

# Lagú Ilchéadfach (LIC)

Tá lagú radhairc agus éisteachta ag páistí agus daoine óga a bhfuil lagú ilchéadfach (LIC) acu. Bíonn dúshláin eile le sárú ag go leor páistí/daoine óga fosta, ar nós fadhbanna leighis nó míchumais fhisiciúla. Is lagú an-annamh é LIC, go háirithe i bpáistí/daoine óga. Meastar go bhfuil 4,000 páiste/duine óg a bhfuil LIC acu sa Ríocht Aontaithe (thart fá 3 as gach 10,000 páiste).

Tá réimse laguithe ann ó éadrom go trom, d'fhéadfadh siad luainiú nó caillteanas seasmhach a chruthú, agus d'fhéadfadh siad cur isteach ar ghlacadh nó ar phróiseáil na faisnéise céadfaí. Tá líon an-bheag páistí agus daoine óga a bhfuil LIC acu go hiomlán dall agus bodhar, ach tá radharc agus/nó éisteacht úsáideach ag a fhormhór. B'fhéidir nach mbeadh sé soiléir ar dtús an méid is féidir le páiste/duine óg a fheiceáil nó a chluinstin, go háirithe má tá riachtanais bhreise acu.

Is féidir le réimse fadhbanna LIC a chruthú. Níl aon chúis aonair nó príomhchúis ann. Is féidir go nglacann diagnóis am agus bíonn sé seo an-deacair ar go leor tuismitheoirí/cúramóirí. Tá sé an-tábhachtach tuiscint a fháil ar an dóigh a bhféadfadh fadhb a pháiste/duine óig dul chun cinn a dhéanamh sa todhchaí.

Is míchumas ar leith é an bodhaire agus daille. Méadaíonn an dá lagú, caillteanas radhairc agus caillteanas éisteachta tionchar an dá réimse le chéile. Beidh deacrachtaí cumarsáide, soghluaisteachta neamhspleácha, treoshuímh agus rochtain ar fhaisnéis ag PDÓ bodhar agus dall.


Is féidir le múinteoir cáilithe do lagú ilchéadfach (MCLIC) a oibríonn i gcomhar le múinteoir cáilithe do pháistí agus daoine óga bodhra agus múinteoir cáilithe do lagú radhairc comhairle agus tacaíocht a thabhairt do theaghlaigh agus suíomhanna oideachais maidir le LIC páiste/duine óig, le straitéisí le tacú le rochtain ar an churaclam.

Bíonn riachtanais bhreise chasta ag thart fá 80% de pháistí agus daoine óga a bhfuil LIC acu. Bíonn saintacaíocht agus cuir chuige de dhíth ar pháistí agus daoine óga a bhfuil LIC acu maidir le teagasc, foghlaim, agus neamspleáchas a fhorbairt.

**Le haghaidh tuilleadh eolais, féach na moltaí atá leagtha amach sna ranna Bodhar/Lagú Éisteachta agus Lagú Radharc.**



## Sainaithint




Caitheann a lán páistí/daoine óga spéaclaí nó lionsaí tadhaill agus bíonn páistí/daoine óga ann atá ar bheagán radhairc i súil amháin. Seans go mbeidh oiriúnuithe áirithe de dhíth orthu le tacú lena rochtain, ach ní léiríonn sé seo riachtanas speisialta oideachais ann féin.Bíonn caillteanas éisteachta de chineál éigin ag a lán páistí/daoine óga ag pointe éigin le linn na mblianta scoile s'acu. Is féidir leis seo cur isteach ar chluas amháin nó an dá cheann agus is féidir leis a bheith athraitheach. Má bhíonn an caillteanas éisteachta sealadach agus má réitíonn spéaclaí an radharc, níor chóir glacadh leis, mar sin, go bhfuil RSOM ag an duine óg.


**Is féidir Lagú Ilchéadfach a rangú mar seo a leanas:**

- caillteanas éadrom ilchéadfach - délagú le caillteanas éadrom an dá mhódúlachta
- caillteanas measartha ilchéadfach - délagú le caillteanas measartha an dá mhódúlachta
- caillteanas dian ilchéadfach - délagú le caillteanas dian an dá mhódúlachta nó an ceann is measa
- caillteanas trom ilchéadfach - délagú le caillteanas trom an dá mhódúlachta nó an ceann is measa

Is féidir leis cur isteach ar an dá chéadfa ag an am chéanna nó ar cheann amháin ar dtús (m.sh. éisteacht) agus ansin ar an cheann eile de réir a chéile (m.sh. radharc).

# Soláthar Oideachais Uilescoile - LIC

## Pleanáil & Gníomhú (Iarrtar ort amharc ar an Treoir maidir le Coigeartuithe Réasúnta (Comhad na Freagartha Grádaithe) le tacú le PDÓ a bhfuil Lagú Céadfach acu, ar chóir amharc air taobh le pleananna agus gníomhuithe.) [Reasonable Adjustments Guidance (Graduated Response Folder)]





Féach na moltaí atá leagtha amach sna ranna Bodhar/Lagú Éisteachta agus Lagú Radharc.

Seans go mbeidh níos mó de dhíth ar pháiste nó duine óg atá sainaitheanta le LIC ná straitéisí uilescoile. Faigh eolas ó MCLIC i gcónaí lena chinntiú go bhfuil na straitéisí cuí i bhfeidhm do dhaltaí ar leith.

NatSIP - What Good Looks Like



## Meastóireacht & Athbhreithniú




Agus tionchar an tsoláthair oideachais uilescoile á mheas, cuimhneofar ar mhonatóireacht an mhúinteora, mar shampla, breathnóireachtaí, measúnuithe, fianaise a bhailítear agus breithiúnas gairmiúil mar aon le barúlacha an pháiste/an duine óig agus a dtuismitheoirí.

**Féach fosta Sreabhchairteacha agus Seicliostaí na Roinne Oideachais le cuidiú leis an phróiseas seo.**

[Flowcharts and Checklists]

**Ba chóir don athbhreithniú na nithe seo a leanas a mheas:**

An bhfuil dul chun cinn déanta?

→ Má tá dul chun cinn déanta, cad iad na coigeartuithe/ straitéisí eile a thacódh níos mó leis an pháiste/an duine óg?

→ Na chéad chéimeanna eile (curtha le chéile i gcomhar le múinteoirí, comhordaitheoirí agus tuismitheoir/í)?

**Má lorgaítear barúlacha ó achan duine atá páirteach, agus má fhaightear freagra ar na heochaircheisteanna seo, cuideofar le pleanáil amach anseo.**

Ba chóir iarraidh ar pháiste/duine óg a bhfuil riachtanais chéadfacha aige aiseolas rialta a thabhairt le monatóireacht a dhéanamh ar a rochtain ar cheachtanna agus le fáil amach cad é atá ag obair go maith nó cad é atá le coigeartú. Faigh eolas ó MCLIC i gcónaí lena chinntiú go bhfuil na straitéisí cuí i bhfeidhm do dhaltaí ar leith. Thiocfadh dó go mbeadh sé seo mar chuid de phróisis leanúnacha na scoile i dtaca le monatóireacht, meastóireacht agus athbhreithniú.

## Sainaithint (féach fosta sainaithint uilescoile)



Seans go mbeidh tuilleadh tacaíochta scoilbhunaithe de dhíth ar roinnt paistí agus daoine óga le tacú leo constaicí féideartha a shárú.

Ag céim 1, ba chóir riachtanais an pháiste/an duine óig a bhainistiú i rang príomhshrutha le coigeartuithe réasúnta agus difreáil fóirsteanach ó thaobh tascanna agus stíl teagaisc de.



# Céim 1 Soláthar Speisialta Oideachais - LIC

**Pleanáil & Gníomhú** **(Iarrtar ort amharc air seo taobh leis an Treoir maidir le Coigeartuithe Réasúnta (Comhad na Freagartha Grádaithe) le tacú le PDÓ a bhfuil Lagú Céadfach acu) Féach fosta pleanáil & gníomhú uilescoile** [Reasonable Adjustments Guidance (Graduated Response Folder)]



Déanann an scoil spriocanna PPF a fhorbairt agus straitéisí a chur i bhfeidhm le tacú leis an pháiste/an duine óg ag céim 1 den Chód Cleachtais.

**Chomh maith leis na moltaí atá leagtha amach sna ranna Bodhar/Lagú Éisteachta agus Lagú Radharc:**

- Is duine aonair é achan fhoghlaimeoir – labhair leis an fhoghlaimeoir, lena dteaghlaigh/gcúramóirí/gcaomhnóirí, le múinteoirí a bhí acu roimhe seo, le MCLIC agus le gníomhaireachtaí seachtracha, chun tuiscint a fhorbairt ar riachtanais aonair an fhoghlaimeora agus ar na straitéisí agus na hidirghabhálacha ar féidir leo tacú lena rochtain ar an fhoghlaim.
- Déan ceachtanna áirithe agus an lá scoile i gcoitinne a phleanáil le gnáthamh agus go seasmhach.
- Cuir deiseanna ar fáil don réamhfhoghlaim agus don rófhoghlaim.
- Bris na tascanna suas ina smutáin sholáimhsithe agus cuir isteach sosanna céadfacha de réir mar is gá.
- Tabhair am breise don bhogadh thart fan tseomra ranga agus fan scoil.



## Pleanáil & Gníomhú (Iarrtar ort amharc air seo taobh leis an Treoir maidir le Coigeartuithe Réasúnta le tacú le PDÓ a bhfuil Lagú Céadfach acu) Féach fosta pleanáil & gníomhú uilescoile [Reasonable Adjustments Guidance (Graduated Response Folder)]



Smaoinigh ar riachtanais an fhoghlaimeora agus an timpeallacht ranga á cruthú:

- tá an foghlaimeoir ina shuí ag an áit is fearr a thacaíonn le radharc agus éisteacht úsáideach ar bith
- tá an seomra ranga eagraithe ar bhealach a sholáthraíonn conairí gluaiseachta sábháilte, agus coinnítear slachtmhar agus eagraithe é
- coinnítear trup cúlra chomh híseal agus is féidir m.sh. súnn cairpéid, cuirtíní agus feistis bhog eile trupanna isteach a tháirgtear le linn gníomhaíochtaí laethúla
- tá rochtain ag an fhoghlaimeoir ar theicneolaíocht chúnta agus acmhainní tadhlacha le tacú lena bhfoghlaim (má tá sé sin de dhíth agus má tá sé molta ag Seirbhís na gCéadfaí)

- Ba chóir ábhar an cheachta a chur i láthair ar bhealach a fhreastalaíonn ar na riachtanais chéadfacha ar leith atá ag an fhoghlaimeoir
- Bíodh gnáthamh laethúil agat lena sheiceáil go bhfuil na spéaclaí glan agus go bhfuil na háiseanna éisteachta ag feidhmiú, ag spreagadh an neamhspleáchais nuair is féidir (má chaitear iad).
- Tabhair eispéiris nithiúla don fhoghlaimeoir nuair is féidir de bharr go gcailleann foghlaimeoirí LIC amach ar fhoghlaim theagmhasach
- Bí ábalta teacht roimh thuirse agus spreag sosanna beaga céadfacha

**Cé go dtugann na moltaí seo sampla den dea-chleachtas, ní liosta iomlán é. Tá riachtanais éagsúla ag páistí agus daoine óga a bhfuil lagú céadfach acu agus ba chóir coigeartuithe a dhéanamh de réir riachtanais an pháiste/an duine óig i gcomhthéacs ar leith.**

## Monatóireacht, Meastóireacht & Athbhreithniú



B’fhéidir go mbeadh idirghabháil agus cuir chuige bhreise de dhíth ar roinnt páistí/daoine óga chomh maith lena bhfuil curtha ar fáil sa tsoláthar uilescoile, is féidir iad seo a chur ar fáil trí sholáthar speisialta oideachais na scoile ag **céim 1** den Chód Cleachtais. Leagtar amach sa Chód Cleachtais gur gá don scoil **monatóireacht, meastóireacht, agus athbhreithniú rialta** a dhéanamh ar an tsoláthar seo, i gcomhar leis **an pháiste/an duine óg agus a dtuismitheoirí**. Bainfidh an scoil úsáid as **Plean Pearsanta Foghlama** (PPF) **A Personal Learning Plan** , ina leagfar amach an soláthar atá á úsáid ag an scoil leis an pháiste/an duine óg atá sa bhreis ar an tsoláthar atá á chur ar fáil ag leibhéal uilescoile. Tabharfar eolas ann fá na spriocanna atá beartaithe, agus ba chóir iad seo a rianú agus a athbhreithniú go rialta, ba chóir d’fhoireann na scoile é seo a dhéanamh **2 uair sa bhliain ar a laghad** i gcomhar leis an pháiste/an duine óg agus tuismitheoir(í).

**Agus athbhreithniú á dhéanamh agat, déan do mhachnamh:**

- **Ar bhain an páiste/duine óg amach na torthaí a rabhthas ag súil leo?**
- **An raibh an soláthar éifeachtach?**
- **An raibh na straitéisí a cuireadh i bhfeidhm ábhartha agus fóirsteanach?**
- **An ndearna an páiste/duine óg dul chun cinn?**

**Cuideoidh an próiseas monatóireachta, meastóireachta agus athbhreithnithe seo leis na chéad chéimeanna eile a shainaithint i dtaca le foghlaim agus soláthar don pháiste/duine óg.**

## Monatóireacht, Meastóireacht & Athbhreithniú



**I gcás páiste/duine óg a bhfuil riachtanais chéadfacha aige de bharr caillteanas éisteachta, thiocfadh leis na rudaí seo a leanas a bheith san áireamh leis an mheasúnú agus athbhreithniú:**

- foireann na scoile ag teacht le chéile le tacaíocht chomhairleach na gcéadfaí/saineolaithe mar chuid den phróiseas athbhreithnithe
- féinmheastóireacht an pháiste/an duine óig ar na riachtanais tacaíochta
- the need to access technology if required
- rath an pháiste/an duine óig i dtaca le cumarsáid a dhéanamh le daoine eile, bualadh le daoine, agus cairdeas a dhéanamh


Nuair atá dul chun cinn maith déanta aige, b'fhéidir go rachadh sé ar ais chuig an tsoláthar uilescoile agus go mbainfí a ainm de chlár RSO na scoile.

I gcás nach ndéanann an páiste/an duine óg dul chun cinn ach ar éigean cé gur cuireadh réimse iomlán na straitéisí agus na gcur chuige i bhfeidhm i dtaca le mapa soláthair speisialta oideachas na scoile, is féidir smaoineamh ar iarratas a dhéanamh ar sholáthar seachtrach, **soláthar níos déine** ina gcuireann an tÚO agus/nó ISCS saintacaíocht ar fáil.

**Féach fosta Sreabhchairteacha agus Seicliostaí na Roinne Oideachais:**

Flowcharts and Checklists

## Sainaithint (Féach fosta eolas ag leibhéaluilescoile & céim 1)



Beidh leibhéal deacrachta an pháiste nó an duine óig ag brath ar an méid éisteachta agus radhairc úsáidigh atá acu.




**Seans go dtiocfaidh deacrachtaí aníos sna réimsí seo a leanas:**

- An cumas le rochtain a fháil ar an churaclam
- Foghlaim agus forbairt shóisialta agus mhothúchánach
- An cumas le straitéisí féin-chuidithe a fhorbairt
- An ábaltacht le scileanna gabhchumais agus ginchumais chumarsáide a fhorbairt

**Seans go mbeidh na rudaí seo a leanas acu:**

- caillteanas radhairc nach féidir a réiteach le spéaclaí, rud a laghdaíonn an gearr-radharc nó an fadradharc
- caillteanas éisteachta sainaitheanta

**Pleanáil & Gníomhú** (Iarrtar ort amharc air seo taobh leis an Treoir maidir le Coigeartuithe Réasúnta (Comhad na Freagartha Grádaithe) le tacú le PDÓ a bhfuil Lagú Céadfach acu) (Féach fosta pleanáil & gníomhú céim 1 agus uilescoile) Reasonable Adjustments Guidance (Graduated Response Folder)




Chomh maith leis an chomhairle agus na straitéisí don Bhodhaire/Lagú Éisteachta agus Lagú Radhairc:

**Déanfaidh bainistiú maith ar an timpeallacht ranga na rudaí seo a leanas:**

- Rochtain ar fhaisnéis éisteachta agus radhairc a chinntiú (féach na moltaí sa roinn Bodhaire/Lagú Éisteachta)
- Úsáid a bhaint as straitéisí cumarsáide pearsanta an fhoghlaimeora mar atá aitheanta ag an MCLIC le tús agus deireadh soiléir an cheachta a chur in iúl
- Úsáid a bhaint as straitéisí cúiteacha cuí ar nós leideanna radhairc, éisteachta agus tadhlacha, leideanna agus aithris lena chinntiú go bhfuil go leor eolais ag an fhoghlaimeoir le bheith ag obair go neamhspleách
- Rochtain ar an churaclam a chur san áireamh atá coigeartaithe le riar ar riachtanais radhairc, bíodh siad leictreonach, méadaithe, nó tadhlach
- Na tascanna a bhriseadh suas ina smutáin sholáimhsithe
- Difreáil a chur san áireamh - réamhobair, ró-obair nó na tascanna atá de dhíth ar an fhoghlaimeoir le smaoineamh ar an ráta próiseála níos moille a chur in ord tosaíochta, an fhaisnéis atá saofa nó in easnamh atá á fáil ag an fhoghlaimeoir
- Teagmháil agus comhairliúchán le gníomhaireachtaí sealadacha a chur san áireamh
- Féach na Socruithe Rochtana sa Treoir maidir le Coigeartuithe Réasúnta
- Reasonable Adjustments in Schools (guidedogs.org.uk)

**Cé go dtugann na moltaí seo sampla den dea-chleachtas, ní liosta iomlán é. Tá riachtanais éagsúla ag páistí agus daoine óga a bhfuil lagú céadfach acu agus ba chóir coigeartuithe a dhéanamh de réir riachtanais an pháiste/an duine óig i gcomhthéacs ar leith.**

## Monatóireacht, Meastóireacht & Athbhreithniú



Ag céim 2 den Chód Cleachtais, beidh **dlúth-rannpháirtíocht** idir an **scoil** agus an **tseirbhís sheachtrach** (An tÚO/ISCS) atá ag tacú le riachtanas an pháiste/an duine óig nár sásaíodh. Tarlóidh an mhonatóireacht, an mheastóireacht agus an t-athbhreithniú a dhéanann an scoil ar an PPF i gcomhar leis an tseirbhís sheachtrach, agus cuirfear an páiste/an duine óg agus a dtuismitheoir(í) san áireamh. In éineacht lena chéile, déanfaidh siad cinntí eolacha ar éifeachtúlacht na hidirghabhála/an tsoláthair atá i bhfeidhm.

**Le cuidiú leis an éifeachtúlacht seo a thomhas, b'fhéidir go ndéanfadh tÚO na rudaí seo a leanas:**


Athbhreithniú ar spriocanna/torthaí a bhfuiltear ag súil leo → Tuarascálacha agus moltaí a eisiúint, ar ceart iad a chur san áireamh sna PPFanna sa todhchaí → Soláthar curtha ar fáil do scoileanna, amhail acmhainní, aithris, oiliúint, teagasc srl...

Tá sé tábhachtach gur follasach an chomhairle agus an treoir a chuireann Seirbhís Céadfaí an ÚO nó ISCS ar fáil i dtaca leis na torthaí agus na cuir chuige a úsáidtear i bpleanáil PPF don pháiste nó don duine óg.

**Beidh ort smaoineamh ar na rudaí seo a leanas:**

- eolas a bhaineann le leibhéal gnóthachtála
- féinmheastóireacht an pháiste/an duine óig ar na riachtanais tacaíochta
- an riachtanas le rochtain a fháil ar theicneolaíocht más gá (mar atá molta ag an mhúinteoir chomhairleach)
- inrochtaineacht an ábhair
- rath an pháiste/an duine óig i dtaca le cumarsáid a dhéanamh le daoine eile, bualadh le daoine, agus cairdeas a dhéanamh
- cothromaíocht idir rochtain ar fhoghlaim agus foghlaim fá rochtain
- éifeachtúlacht na tacaíochta cumarsáide
- athruithe ar bith ar leibhéal éisteachta an pháiste/an duine óig

## Monatóireacht, Meastóireacht & Athbhreithniú



Tá Seicliosta Feabhsaithe Caighdeáin curtha le chéile ag an NDCS atá úsáideach don Mhonatóireacht, Meastóireacht agus Athbhreithniú.

I gcás nach raibh tionchar ag soláthar chéim 2 ach ar éigean, agus go bhfuil riachtanais an pháiste/an duine óig go fóill suntasach/casta, agus nach raibh tionchar ach ar éigean ar a bhfoghlaim/a gcumas le rochtain a fháil ar an churaclam go héifeachtach, beidh cur chuige níos déine de dhíth. Is féidir smaoineamh ar iarratas a dhéanamh ar mheasúnú reachtúil ag céim 2. Agus an tÚO ag machnamh an mbeadh sé fóirsteanach measúnú reachtúil a dhéanamh agus, ba cheart don scoil PPF an pháiste a chur i bhfeidhm, agus ba cheart monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh air.


**Féach fosta Sreabhchairteacha agus Seicliostaí na Roinne Oideachais:**

Flowcharts and Checklists



# Céim 3 - Soláthar Speisialta Oideachais – LIC

## Sainaithint (Féach fosta eolas ag céim 2 , céim 1 agus leibhéal uilescoile)



Bíonn tionchar ag lagú ilchéadfach ar achan réimse forbartha mar go dtagann an chuid is mó den fhaisnéis a úsáidtear le haghaidh foghlama trí radharc agus/nó éisteacht.

Bíonn meascán riachtanas ar leith ag achan pháiste/duine óg atá bodhar agus dall/a bhfuil LIC aige agus beidh tacaíocht atá curtha in oiriúint don duine aonair de dhíth. Tá roinnt eolais ar thimpeallachtaí foghlama cuí, ar straitéisí curaclaim agus teagaisc le fáil ar an tsuíomh idirlín SENSE, ach is iad gairmithe na scoile agus an MCLIC do thacaíocht chéadfach a bhfuil aithne mhaith acu ar an dalta nó an duine óg aonair a shocróidh formhór na gcoigeartuithe.


Is minic a bhíonn riachtanais chasta ag páistí/daoine óga atá bodhar agus dall/a bhfuil LIC acu agus bíonn líon mór gairmithe ag tabhairt tacaíochta dóibh. Tá teagmháil leanúnach agus comhthuiscint ar fhorbairt iomlán an dalta lárnach le freastal ar riachtanais an pháiste/duine óig.

Tá ráiteas ar Riachtanais Speisialta Oideachais ag páistí/daoine óga ag céim 3 ina leagtar amach na deacrachtaí atá acu agus an soláthar atá de dhíth le tacú leo sa scoil.

**Is dócha go mbeidh tionchar ar leith ar na gnéithe foghlama seo a leanas:**

- Rochtain ar fhaisnéis trí éisteacht, radharc, agus na céadfaí eile
- Cumarsáid agus forbairt teanga
- Forbairt na gcoincheapa teibí
- Caidreamh sóisialta agus caidrimh
- Feidhm feidhmiúcháin
- Am próiseála
- Athruithe agus imeachtaí nó coincheapa coimhthíocha
- Foghlaim theagmhasach
- Ginearálú na scileanna agus na gcoincheapa
- Scileanna neamhspleáchais
- Taiscéalaíocht agus teagmháil leis an timpeallacht fhisiciúil
- Bogadh, soghluaisteacht, agus treoshuíomh
- Forbairt mhothúchánach agus féin-mheas
- Próiseáil chéadfach agus imeascadh

## Pleanáil & Gníomhú (Féach fosta na straitéisí tacaíochta sna ranna Lagú Radhairc agus Bodhaire/Lagú Éisteachta) (Féach fosta eolas ag céim 2 , céim 1 agus leibhéal uilescoile)



Tugann na dúshláin a bhaineann le lagú ilchéadfach le fios gur dócha, i gcás go leor páistí/daoine óga atá bodhar agus dall/a bhfuil LIC acu, go n-áireofaí ina bplean, spriocanna a bhaineann le forbairt na cumarsáide, teanga, forbairt coincheapa, scileanna sóisialta, scileanna luaile, treoshuíomh agus soghluaisteacht, scileanna neamhspleáchais, forbairt mhothúchánach, an tacaíocht, agus na hidirghabhálacha atá de dhíth leis na spriocanna seo a bhaint amach.




**Beidh na rudaí seo a leanas de dhíth ar líon beag páistí/daoine óga:**

- Rochtain ar an churaclam atá coigeartaithe go suntasach le riar ar a riachtanais ilchéadfacha
- Tacaíocht shuntasach sa bhreis le gluaiseacht shábháilte thart fán scoil a chinntiú, tacaíocht le haistrithe a bhainistiú san áireamh
- Soláthar tacaíochta i dtaca le gabhchumas agus ginchumas cumarsáide, úsáid na modhanna cumarsáide malartacha, leasaithe nó méadaithe san áireamh más gá
- Rochtain ar shainchomhairle agus pleanáil gairme/aistrithe don aosacht ó bhliain 10 ar aghaidh
- Cuairteanna rialta ó shainmhúinteoirí agus rochtain ar thacaíocht ó speisialtóirí na foirne ar nós MCLIC, MCB, MCLR, teiripeoirí urlabhra agus teanga, teiripeoirí saothair agus oifigigh shlánaithe
- Am breise le gnáth-thascanna agus gníomhaíochtaí ranga a dhéanamh le tacaíocht ó dhaoine fásta
- Saintrealamh ar bith a sholáthar agus a chothabháil ar nós trealamh éisteachta agus amhairc, áiseanna soghluaisteachta, áiseanna cumarsáide agus teicneolaíocht chúnta eile (más cuí agus mar atá molta ag an tSeirbhís Chéadfach).

# Céim 3 - Soláthar Speisialta Oideachais – LIC

**Pleanáil & Gníomhú** ((Iarrtar ort amharc ar an Treoir maidir le Coigeartuithe Réasúnta (Comhad na Freagartha Grádaithe) le tacú le PDÓ a bhfuil Lagú Céadfach acu, ar chóir amharc air taobh le pleananna agus gníomhuithe.) [Reasonable Adjustments Guidance (Graduated Response Folder)]



- Cur chuige an-phearsanta de dhíth orthu, ag tarraingt ar idirghabhálacha breise agus tacaíocht
- Bearta le scileanna neamhspleáchais a fhorbairt, neamhspleáchas mar fhoghlaimeoir san áireamh, an cumas le trealamh a úsáid agus a chothabháil agus scileanna féinabhcóideachta/féinchinntiúcháin
- Leibhéal níos airde tacaíochta/idirghabhála le gnáthaimh ranga agus foghlaim a leanúint
- A chinntiú go bhfuil baill foirne agus daltaí eile ar an eolas fá riachtanais an pháiste nó an duine óig atá bodhar-dall/a bhfuil LIC aige agus cad is féidir a dhéanamh le constaicí roimh fhoghlaim agus rannpháirtíocht a shárú.

**Naisc Úsáideacha:**

**Cás-staidéar** NatSIP - Multi-sensory Impairment Case Study


Acmhainní do ghairmithe oideachais agus luathbhlianta - Sense

Is féidir treoracha do Shasana, d'Albain, agus don Bhreatain Bheag a fháil ar an shúiomh idirlín Guide Dogs.

- Tacaíocht ar bith atá de dhíth le féinmheas agus scileanna sóisialta a fheabhsú
- Straitéisí teagaisc agus acmhainní ar leith le rochtain ar theagasc agus foghlaim a chinntiú
- Coigeartuithe ar bith atá de dhíth le freastal ar riachtanais bhreise fhisiciúla, leighis nó eile, amhail sainteiripeoir urlabhra agus teanga le cuidiú le deacrachtaí itheacháin
- Más cuí, oiliúint treoshuímh agus soghluaisteachta faoi stiúir oifigigh shlánaithe
- Sonraí maidir le cé atá freagrach as comhordú iomlán an phlean, cé atá freagrach as príomhghnéithe an tsoláthair a sheachadadh agus cén dóigh a mbainisteofar an t-idirchaidreamh idir an réimse gairmithe agus tuismitheoirí.

**Cé go dtugann na moltaí seo sampla den dea-chleachtas, ní liosta iomlán é. Tá riachtanais éagsúla ag páistí agus daoine óga a bhfuil lagú céadfach acu agus ba chóir coigeartuithe a dhéanamh de réir riachtanais an pháiste/an duine óig i gcomhthéacs ar leith.**

## Monatóireacht, Meastóireacht & Athbhreithniú



Ag céim 3, tá ráiteas ar Riachtanais Speisialta Oideachais ag an pháiste/an duine óg. Leanfar de chur i bhfeidhm an PPF agus tá sé ag brath ar mhonatóireacht, meastóireacht, agus athbhreithniú rialta. Beidh an PPF mar bhonn faoin eolas oideachais le tacú le heolas a dhéanamh don athbhreithniú bhliantúil ar an ráiteas Tá an scoil go fóill freagrach as foghlaim laethúil an pháiste/an duine óig, ag roinnt na freagrachta leis an ÚO agus, nuair is cuí, leis an Iontaobhas SCS.

**PPF**

Tá monatóireacht leanúnach ar PPF an pháiste/an duine óig de dhíth lena dhul chun cinn a shocrú i dtaca leis na torthaí pearsantaithe a bhaint amach. Sa mheastóireacht agus san athbhreithniú ar an PPF, ba chóir go ndéanfar machnamh ar:

- Éifeachtúlacht na straitéisí
- Tionchar an tsoláthair/na soláthar
- Eolas nua nó tosca atá ar eolas anois
- Cinnteoidh na próisis mheastóireachta agus athbhreithnithe seo go bhfuil soláthar ón ÚO tráthúil agus freagrúil i dtaca leis an riachtanas/na riachtanais atá ag athrú.

**Athbhreithniú Bliantúil**


Déanfar athbhreithniú ar an ráiteas ar riachtanais oideachais le dul chun cinn an pháiste/an duine óig a shocrú. Ionchur ó ghairmithe oideachais agus/nó Gairmithe Sláinte Leighis/Comhghaolmhara, éifeachtúlacht na straitéisí, tionchar na n-idirghabhálacha roimhe seo, eolas nó tosca nua a roinnt, lena chinntiú go bhfuil an ráiteas ar riachtanais oideachais ag freastal ar riachtanais an pháiste/an duine óig.

**Barúlacha an Pháiste/an Duine Óig & Tuismitheoir(í)**

Beidh ionchur agus barúlacha an pháiste/an duine óig agus an tuismitheora/na dtuismitheoirí lárnach sa phróiseas monatóireachta, meastóireachta agus athbhreithnithe.

**Leanfaidh an páiste ar aghaidh ag Céim 3 agus gheobhaidh sé tacaíocht go dtí go gcinnfidh an tÚO nár chóir an ráiteas a choinneáil ag dul.**

## Monatóireacht, Meastóireacht & Athbhreithniú



**Ba chóir go mbeadh na rudaí seo a leanas san áireamh leis an mheasúnú agus an t-athbhreithniú:**

- féinmheastóireacht an pháiste/an duine óig ar na riachtanais tacaíochta
- beidh rochtain de dhíth ar an pháiste/duine óg ar cháipéisí i bhformáidí inrochtana, m.sh. Braille/cló mór. Beidh duine fásta a bhfuil aithne aige air de dhíth ar an duine óg le tacú leo a mbarúlacha a chur in iúl
- eolas a bhaineann le leibhéal gnóthachtála i gcomparáid le piaraí
- gnóthachtáil agus dul chun cinn i réimsí na cumarsáide, na teanga, na forbartha coincheapa, na scileanna sóisialta, na scileanna luaileacha, an treoshuímh agus na soghluaisteachta, na scileanna neamhspleáchais agus na forbartha mothúchánaí
- inrochtaineacht an ábhair - mar shampla, ag seiceáil go bhfuil an páiste/duine óg ábalta an teanga agus na coincheapa atá in úsáid sna ceachtanna a thuiscint nó aird a choinneáil go dtí deireadh an cheachta ina bhfuil ard-éilimh radhairc agus éisteachta.
- éifeachtacht na teicneolaíochta agus an trealaimh eile.
- athruithe ar bith ar leibhéal éisteachta, radharc, scileanna luaile nó réimse eile forbartha an pháiste/an duine óig.
- rath i dtaca le cumarsáid a dhéanamh le daoine eile, bualadh le daoine, agus cairdeas a dhéanamh
- an cumas le bheith ag foghlaim go neamhspleách, trealamh a bhainistiú agus a gcuid riachtanas agus roghanna a chur in iúl
- an cumas lena bhfoghlaim a phleanáil agus a eagrú agus bogadh idir gníomhaíochtaí agus timpeallachtaí a bhainistiú, bogadh go muiníneach thart fán scoile san áireamh
- an ról atá ag speisialtóirí fá choinne comhairle leanúnach nuair is gá
- cothromaíocht idir rochtain ar fhoghlaim agus foghlaim fá rochtain
- ba chóir go mbeadh ionchur ó ghairmithe seachtracha sna hathbhreithnithe nuair is cuí

Nuair nach bhfuil an dul chun cinn a bhfuiltear ag súil leis á dhéanamh ag an pháiste/duine óg, caithfear smaoineamh ar achan ghné den phlean go mion mar tá sé an-tábhachtach bunús na ndeacrachtaí a shainaithint agus an plean a leasú.

**Féach fosta Sreabhchairteacha agus Seicliostaí na Roinne Oideachais:**

[Flowcharts and Checklists]

# Riachtanais Choirp

An Fhreagairt Ghrádaithe



## Riachtanais Choirp

Is téarma ginearálta é míchumas coirp a chuimsíonn réimse leathan fadhbanna. Thiocfadh leis an fhadhb a bheith ó bhroinn amhail Spina Bifida, Diostróife Mhatánach nó Pairilis Cheirbreach nó fadhb a fhaightear in am ar bith, mar shampla, i ndiaidh timpiste, siad, nó stróc. Is féidir cur síos a dhéanamh ar mhíchumas coirp mar mhíchumas fadtéarmach, a mhaireann ar feadh an tsaoil de ghnáth, agus is annamh a bhíonn sé socair, mar sin ba chóir athbhreithniú a dhéanamh ar riachtanais go minic.

Is féidir le roinnt páistí/daoine óga rochtain a fháil ar an churaclam agus a bheith ag foghlaim go héifeachtach gan soláthar breise  oideachais. B'fhéidir go bhfuil míchumas orthu agus go bhfuil coigeartuithe réasúnta de dhíth orthu, ach nach bhfuil riachtanas speisialta oideachais acu. Ba chóir na páistí/na daoine óga seo a chlárú **ar an Chlár Leighis amháin**.

I gcás daoine eile, b'fhéidir go bhfuil an tionchar ar a n-oideachas níos suntasaí. Déanfar páistí/daoine óga a bhfuil diagnóis leighis nó fadhb fhisiciúil acu a théann i bhfeidhm ar a gcuid riachtanas coirp a thaifeadadh ar an Chlár RSO fosta má tá gá le soláthar speisialta oideachais ar scoil. Sna cásanna seo, ba chóir páistí/daoine óga a chlárú **ar an Chlár Leighis agus an Clár RSO**, de réir Alt 3 2b den Education (Northern Ireland) Order 1996.

Bíonn soláthar speisialta oideachais de dhíth ar roinnt páistí agus daoine óga mar go bhfuil míchumas orthu atá sainaitheanta **liachleachtóirí** a chuireann cosc nó bac orthu úsáid a bhaint as na háiseanna oideachais a sholáthraíonn scoileanna de ghnáth. Bíonn tacaíocht agus trealamh breise leanúnach de dhíth ar roinnt páistí agus daoine óga atá faoi mhíchumas coirp (MC) le rochtain a fháil ar na deiseanna uilig atá ar fáil dá gcuid bpiaraí. Seans go mbeidh oiriúnuithe áirithe de dhíth orthu le tacú lena rochtain ar fhoghlaim agus deiseanna sóisialta, ach ní léiríonn sé seo riachtanas speisialta oideachais ann féin.

Thiocfadh dó go bhfuil na deacrachtaí coirp nó leighis seo ag baint le haois agus is féidir leo athrú thar am. Mar sin de, tá sé tábhachtach dlúth-idirchaidreamh a choinneáil leis na gairmithe uilig a bhfuil baint acu le cúram agus oideachas an pháiste/an duine óig.

**Riachtanais Choirp (RC)**

Tá réimse leathan míchumas coirp ann a théann i bhfeidhm ar pháistí ar fud an réimse chumais:

- Gortú Inchinne Faighte
- Galar na gCnámh Briosc
- Pairilis Cheirbreach
- Mínormáltachtaí: Ó bhroinn, Géag Íochtair, Géag Uachtair, Trámach
- Diostróife Mhatánach
- Spina bifida – le Hidriceifealas
- Spina bifida – gan Hidriceifealas



**Diagnóis leighis**


DI measc samplaí de dhiagnóisí leighis atá sainaitheanta agus comhaontaithe ag an Roinn Sláinte go coitianta agus a tharlaíonn taobh istigh de dhaonra na scoile, tá:

- Anaifiolacsas
- Plúcadh
- Diaibéiteas
- Titimeas
- Fadhb/Neamhord Leighis Eile
- Míchumas Coirp
- Gortú suntasach de thaisme

Is féidir liosta níos cuimsithí de dhiagnóisí a fháil ar:

[Cáipéis RSO/Leighis an RS]

## Sainaithint





Is gá scoileanna a chur ar an eolas fá riachtanais choirp/leighis atá ag páiste/duine óg, má tá measúnú á dhéanamh air nó nuair a thagann fadhb fhisiciúil/leighis air. Bíonn freagairtí éagsúla ag páistí/daoine óga ar fhadhb fhisiciúil/leighis ar leith, agus baineann sé seo le scoileanna ag freagairt do riachtanais chúraim sláinte ar bhonn aonair.

Murab ionann agus deacrachtaí foghlama a shainaitheant, níl múinteoirí ná síceolaithe oideachais cáilithe ná freagrach as fadhb fhisiciúil/leighis atá ag páiste/duine óg a dhiagnóisiú. Nuair atá fianaise ann ó ghairmí sláinte cláraithe nó ón ISCS go bhfuil fadhb fhisiciúil/leighis ar an pháiste/duine óg, ba cheart don scoil, chomh maith lena thaifeadadh ar chlár leighis, a bheith san airdeall ar dhrochthionchar ar bith a d'fhéadfadh a bheith ar a gcuid foghlama agus rannpháirtíochta sa scoil.



## Pleanáil agus Gníomhú

Más rud é nach ndéanann páiste nó duine óg an dul chun cinn a rabhthas ag súil leis, mar an chéad fhreagairt, ba chóir teagasc ar ardchaighdeán a chur i bhfeidhm atá dírithe ar an riachtanas/na riachtanais atá aige, agus ba chóir smaoineamh ar choigeartuithe réasúnta sa timpeallacht foghlama/na coigeartuithe sin a chur i bhfeidhm.




SFS ÚO (Freagairt Ghrádaithe/SOU/Fillteán SSO, Bunscolaíocht/Iar-bhunscolaíocht)

**Thiocfadh dó go mbeadh na rudaí seo a leanas i gceist le Pleanáil agus Gníomhú:**

**Mapáil Soláthair le Coigeartuithe Réasúnta ag Leibhéal Uilescoile:**

Ní mór don fhoireann achan bheart ó mhapa soláthair na scoile a ghlacadh le coigeartuithe agus soláthair réasúnta a chur i bhfeidhm.

***Sampla de choigeartú réasúnta:*** *i gcás daltaí a théann chuig coinní ospidéil ar bhonn rialta, thiocfadh dó go mbeadh gá le socruithe speisialta, mar shampla, seisiúin le teacht suas ag baint úsáid as Google Classroom*

Ba chóir go mbeadh **Polasaithe/Nósanna Imeachta/Próisis Uilescoile** fóirsteanach le tacú le páistí/daoine óga a bhfuil riachtanais choirp agus/nó leighis acu (agus ní mór dóibh treoir reatha agus dea-chleachtas a léiriú). Ba chóir polasaithe scoile a chur i bhfeidhm ar bhonn uilíoch ach chan go dolúbtha ná go neamhíogair. Ba chóir go mbeadh sraith Polasaithe ag scoileanna, Polasaí Tréadchúraim, Polasaí Tinrimh, Polasaí Garchabhrach (agus Garchabhróirí oilte) agus Polasaí maidir le Cógas a Thabhairt, ag teacht leis an RO ag tacú leis an pháiste/duine óg a bhfuil Riachtanais Chógais orthu.

**Oiliúint Measúnaithe Riosca.** Aithnítear coincheap an mheasúnaithe riosca mar mhodh éifeachtach le riosca a rialú agus daltaí a choinneáil sábháilte.

Nasc chuig an oiliúint mheasúnaithe riosca don fhoireann

**Oiliúint Cúraim Sláinte:** Is gá do scoileanna an oiliúint is ábhartha a shainaithint le tacú lena bpáiste/duine óg a bhfuil riachtanais choirp/leighis aige.

Ba chóir go ndéanfadh gach ball foirne (teagaisc agus neamhtheagaisc) léirithe feasachta ar fhadhbanna leighis éagsúla.

Oiliúint Feasachta Sláinte

Is gá plean inrochtaineachta a bheith i bhfeidhm. Is dualgas réamhghníomhach, onnghníomhach agus frithghníomhach é an dualgas le coigeartuithe réasúnta atá ábhartha agus fiúntach a dhéanamh.

Pleanáil Inrochtaineachta ÚO - Treoirleabhar

**Acmhainní Úsáideacha**

https://send.eani.org.uk/support-services/medical-needs/useful-resources-and-links

## Monatóireacht, Meastóireacht agus Athbhreithniú

Agus tionchar an tsoláthair oideachais uilescoile á mheas mar chuid den mheasúnú leanúnach taobh istigh d’achar sainithe ama i scoil, cuimhneofar ar mhonatóireacht an mhúinteora, mar shampla, breathnóireachtaí, measúnuithe, fianaise a bhailítear agus breithiúnas gairmiúil mar aon le barúlacha an pháiste/an duine óig agus a dtuismitheoirí.

Ba chóir …

An bhfuil dul chun cinn déanta?

Má tá dul chun cinn déanta, cad iad na coigeartuithe/straitéisí eile a thacódh níos mó leis an pháiste/an duine óg?

Na chéad chéimeanna eile (curtha le chéile i gcomhar le múinteoirí, comhordaitheoirí agus tuismitheoirí)? Ar chóir Taifead Imní a scríobh?

Déantar an dul chun cinn a mheas tríd an timthriall leanúnach, **Sainaithint, Pleanáil, Gníomhú, Monatóireacht, Meastóireacht & Athbhreithniú.** Ba chóir rannpháirtíocht fhoireann na scoile, an pháiste/an duine óig agus na dtuismitheoirí a chur san áireamh sa timthriall 6-chuid.

Déanfaidh foireann an tsuímh monatóireacht, meastóireacht agus athbhreithniú ar éifeachtacht na bpolasaithe, na nósanna imeachta, na bpróiseas, na gcoigeartuithe agus an tsoláthair a chuireann an suíomh oideachais i bhfeidhm uair sa bhliain ar a laghad agus ar aon dul le feabhsú agus pleanáil buiséid na scoile más bainteach.

Is é an cleachtas is fearr a mholtar ná monatóireacht a dhéanamh uair sa téarma ar phleananna faoi seach agus meastóireacht agus tuarascáil deireadh bliana agus a thabhairt don Bhord Gobharnóirí.


Ba chóir d’fhoireann na scoile athbhreithniú a dhéanamh ar an Phlean Bainistithe Riosca (PBR) atá i bhfeidhm de réir mar is gá, mar shampla, i ndiaidh teagmhas suntasach lena bhfuil foghlamtha a chur san áireamh. Sampla eile is ea monatóireacht ar thinreamh

**Má lorgaítear barúlacha ó achan duine atá páirteach, agus má fhaightear freagra ar na heochaircheisteanna seo, cuideofar le pleanáil amach anseo.**

**Féach fosta Sreabhchairteacha agus Seicliostaí na Roinne Oideachais le cuidiú leis an phróiseas seo.** [Flowcharts and Checklists]

# Céim 1 - Soláthar Speisialta Oideachais.

## Sainaithint



D’ainneoin soláthair uilsecoile agus coigeartuithe réasúnta, déanann an páiste nó an duine óg dul chun cinn níos moille ó thaobh foghlama de mar gheall ar an tionchar atá ag a fhadhb.

Sainaithnítear go bhfuil **soláthar breise, nó soláthair difriúil de dhíth** ar an pháiste/an duine óg i gcomparáid leo siúd atá ar comhaois leis. Cuirtear ar chlár RSO na scoile iad ag céim 1, i gcomhar leis na tuismitheoirí. Cuirfear Plean Pearsanta Foghlama (PPF) i bhfeidhm don pháiste/duine óg.


Bainfidh an scoil úsáid as a **mapa soláthair speisialta oideachais** leis na straitéisí/soláthair chéim 1 atá ar fáil le cuidiú leis an pháiste/an duine óg a shainaithint.

**Thiocfadh leis na rudaí seo a leanas a bheith san áireamh leis na táscairí eile riachtanas mar gheall ar thionchar na ndeacrachtaí corpartha/leighis:**

- Easpa airde nó cumais le bheith go hiomlán spreagtha, de bharr cógais nó nádúr na deacrachta fisiciúla nó leighis
- Gnéithe den fhéinchúram, amhail úsáid leithris, ithe agus gléasadh
- Dul chun cinn acadúil a dhéanamh ar aon dul le piaraí
- Deacrachtaí le scileanna oll-luaileacha/mínluaileacha agus/nó scileanna féinchuidithe
- Rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí sa tsuíomh/seomra ranga agus tascanna áirithe a dhéanamh mbíonn tionchar suntasach acu ar luas na hoibre i gcomparáid le piaraí
- Imní maidir le hionchuimsitheacht shóisialta
- Coigeartuithe beaga de dhíth le rochtain a fháil ar an churaclam agus timpeallacht an tsuímh
- Easpa féinmheasa agus féinmhuiníne mar gheall ar riachtanais choirp/leighis

# Céim 1 - Soláthar Speisialta Oideachais.

## Pleanáil agus Gníomhú



Ullmhaítear PPF leis an chatagóir (nó na catagóirí) RSO a léiriú, scríobhtar torthaí le soláthar agus straitéisí le tacú leis an pháiste/an duine óg ag céim 1 den Chód Cleachtais a chur san áireamh.

**Thiocfadh leis na rudaí seo a leanas a bheith san áireamh le pleananna agus gníomhartha:**

- **Mapáil Soláthair -** Múinteoirí ranga le dul i gcomhairle leis an CTF agus pleanáil a dhéanamh leis le spriocanna ar leith a aontú don PPF, de réir riachtana(i)s an pháiste/duine óig, le tacaíocht ó sholáthar céim 1 mar atá leagtha amach i mapa soláthair na scoile.

- **Measúnú Riosca/Pleanáil Bainistithe Riosca -** Moltar athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar an Mheasúnú Riosca agus an Plean Bainistithe Riosca, ar aon dul le riachtanais an pháiste/duine óig atá ag méadú.  Tá Plean Bainistithe Riosca na Scoile lárnach do bhainistíocht shláinte agus shábháilteacht an pháiste/duine óig taobh istigh den scoil, is gá dó a bheith seasmhach agus ba chóir go léireodh sé na bearta rialaithe a chuirfear i bhfeidhm agus an plean cúram sláinte á chur i bhfeidhm don duine aonair. Is faoin scoil/Bhord Gobharnóirí a bheidh síniú na dtuismitheoirí ar an phlean chomhaontaithe


- Comhaontú idir tuismitheoirí agus an scoil maidir le cógas ordaithe ar bith atá luaite sa **Phlean Cúraim Sláinte** a thabhairt agus cé a thabharfaidh an cógas. Mar shampla: más tuismitheoirí amháin atá freagrach nó má tá baill foirne ann a thairgeann cógas a thabhairt, altra scoile/comhordaitheoir leighis nó, má tá socrú comhaontaithe maidir le féintabhairt

- I gcás páistí/daoine óga a bhfuil fadhbanna acu a bhfuil cógas de dhíth orthu go rialta nó a bhfuil cógas éigeandála de dhíth orthu, tá gá le Plean Pearsanta Cógais/Cúraim (nó a chomhionann), agus caithfidh sé a bheith seasmhach fosta.

# Céim 1 - Soláthar Speisialta Oideachais.

## Monatóireacht, Meastóireacht agus Athbhreithniú

B’fhéidir go mbeadh idirghabháil agus cuir chuige bhreise de dhíth ar roinnt páistí/daoine óga chomh maith lena bhfuil curtha ar fáil sa tsoláthar uilescoile, is féidir iad seo a chur ar fáil trí sholáthar speisialta oideachais na scoile ag **céim 1** den Chód Cleachtais. Leagtar amach sa Chód Cleachtais gur gá don scoil **monatóireacht, meastóireacht, agus athbhreithniú rialta** a dhéanamh ar an tsoláthar seo, i gcomhar leis **an pháiste/an duine óg agus a dtuismitheoirí**. Bainfidh an scoil úsáid as **Plean Pearsanta Foghlama** **(PPF)**, ina leagfar amach an soláthar atá á úsáid ag an scoil leis an pháiste/an duine óg atá sa bhreis ar an tsoláthar atá á chur ar fáil ag leibhéal uilescoile. Tabharfar eolas ann fá na spriocanna atá beartaithe, agus ba chóir iad seo a rianú agus a athbhreithniú go rialta, ba chóir d’fhoireann na scoile é seo a dhéanamh **2 uair sa bhliain ar a laghad** i gcomhar leis an pháiste/an duine óg agus tuismitheoir(í). **Agus athbhreithniú á dhéanamh agat, déan do mhachnamh:**




**Cuideoidh an próiseas monatóireachta, meastóireachta agus athbhreithnithe seo leis na chéad chéimeanna eile a shainaithint i dtaca le foghlaim agus soláthar don pháiste/duine óg.**


**Féach fosta Sreabhchairteacha agus Seicliostaí na Roinne Oideachais:** Flowcharts and Checklists

Nuair atá dul chun cinn maith déanta aige, b’fhéidir go rachadh sé ar ais chuig an tsoláthar uilescoile agus go mbainfí a ainm de chlár RSO na scoile. I gcás nach ndéanann an páiste/an duine óg dul chun cinn ach ar éigean cé gur cuireadh réimse iomlán na straitéisí agus na gcur chuige i bhfeidhm i dtaca le mapa soláthair speisialta oideachas na scoile, is féidir smaoineamh ar iarratas a dhéanamh ar sholáthar seachtrach, **soláthar níos déine** ina gcuireann an tÚO agus/nó ISCS saintacaíocht ar fáil.

Cuireann na CSCí a bhfuil baint acu le cúram sláinte an dalta an Plean Cúraim ar fáil don tsuíomh oideachais agus do thuismitheoirí, agus sonraíonn an plean an cúram atá de dhíth fad is atá an dalta sa tsuíomh oideachais. Tá CSCí freagrach as Plean Cúraim an dalta a athbhreithniú/a nuashonrú. Is cleachtóirí neamhspleácha iad na CSCí, rud a chiallaíonn go ndéanann siad daoine a mheas, a dhiagnóisiú, cóir leighis a chur agus daoine a scaoileadh, rud a rachaidh i bhfeidhm ar na dátaí athbhreithnithe.

# Céim 2 Soláthar Speisialta Oideachais

## Sainaithint



Tá roinnt páistí/daoine óga ann nach ndéanfaidh dul chun cinn le soláthair uilescoile ná soláthar chéim 1. Beidh saintacaíocht bhreise de dhíth orthu ó sheirbhísí seachtracha ón Údarás Oideachais agus/nó ISCS.

Tá **diantáscairí tacaíochta ag céim 2** páistelárnach. Úsáidtear iad le cuidiú le machnamh a dhéanamh ar an leibhéal tacaíochta a d'fhéadfadh a bheith de dhíth le linn an athbhreithnithe.

**Cuireann na táscairí na rudaí seo a leanas san áireamh:**


- Comhairle leighis atá ar fáil
- Dáta na diagnóise/deimhniú diagnóise le déanaí
- Drochtheagmhas criticiúil/suntasach
- Leibhéil chumais an pháiste/an duine óig
- Cúinsí an duine aonair

Ní dhéantar machnamh ar tháscairí ina n-aonar ach is cuid de chur chuige comhtháite iad maidir tacaíocht a thabhairt don tsuíomh. Tugtar acmhainní le cur leis an tsoláthar atá déanta ag an scoil cheana féin. Cuirtear tacaíocht ar fáil ar bhonn riachtanas.

Nuair a shainaithníonn suíomh nó tuismitheoir foghlaim bhreise chomh maith le riachtanais leighis, ba chóir comhairle a lorg ó na gairmithe ábhartha.



## Pleanáil agus Gníomhú



Déantar an PPF a nuashonrú lena léiriú go bhfuil an páiste anois ag céim 2 agus ba chóir go dtaifeadfar an soláthar seachtrach atá á chur i bhfeidhm ann le cur leis an tsoláthar speisialta oideachais a chuireann an scoil ar fáil. Ag céim 2, beidh dlúth-rannpháirtíocht idir Seirbhís Ionchuimsithe RSO an ÚO (Riachtanais Leighis) agus an scoil. Fanfaidh an páiste/an duine óg ag céim 2 agus an scoil ag baint leas iomlán as an réimse straitéisí agus tacaíochtaí taobh istigh de mhapa soláthair speisialta oideachais na scoile, le tacaíocht ón ÚO le dul chun cinn a bhaint amach.

**Mapáil Soláthair:**

Leanfaidh an scoil ar aghaidh ag tarraingt ar a mapa soláthair fad is a fhanann an phríomhfhreagracht as freastal ar riachtanais leighis na bpáistí/na ndaoine óga ar an tsuíomh, d'fhéadfadh SIRSO ÚO Riachtanais Leighis diantacaíocht chéim 2 a chur ar fáil do shuíomh nuair is cuí le cúnamh ginearálta a chistiú, **cistiú** sealadach san áireamh.

Déantar an leithdháileadh sealadach acmhainní seo le hathbhreithniú ar an scoil, ag tógáil ar choigeartuithe réasúnta agus ar an tsoláthar atá i bhfeidhm cheana féin agus ag éascú ionchuimsitheacht do phaistí/daoine óga ainmnithe nach bhfuil, mar shampla, neamhspleách go fóill ina gcúram leighis.

**Measúnú Riosca/Pleanáil Bhainistithe Riosca** Moltar go leanfaidh an scoil nó go gcuirfidh siad i bhfeidhm Measúnú Riosca cuí agus Plean Bainistíochta Riosca atá leordhóthanach, dírithe ag an fhoireann ar an tsuíomh nó an riosca ar leith. Bainfidh foireann na scoile úsáid as an eolas sa phlean atá curtha ar fáil ag an ghairmí cúraim sláinte le heolas a dhéanamh don Phlean Bainistíochta Riosca.

San áireamh leis an **diantacaíocht ag céim 2**, tá acmhainní sealadacha le cur ar fáil le cuidiú le scoileanna na pleananna cúraim sláinte do pháistí/daoine óga a mbaineann a gcuid riachtanas le leigheas amháin a chur i bhfeidhm, gan ráiteas ar Riachtanais Speisialta Oideachais. https://send.eani.org.uk/support-services/medical-needs

## Monatóireacht, Meastóireacht agus Athbhreithniú

Ag céim 2 den Chód Cleachtais, beidh **dlúth-rannpháirtíocht** idir an **scoil** agus an **tseirbhís sheachtrach** (An tÚO/ISCS) atá ag tacú le riachtanas an pháiste/an duine óig nár sásaíodh. Tarlóidh an mhonatóireacht, an mheastóireacht agus an t-athbhreithniú a dhéanann an scoil ar an PPF i gcomhar leis an tseirbhís sheachtrach, agus cuirfear an páiste/an duine óg agus a dtuismitheoir(í) san áireamh.  In éineacht lena chéile, déanfaidh siad cinntí eolacha ar éifeachtúlacht na hidirghabhála/an tsoláthair atá i bhfeidhm.

**Le cuidiú leis an éifeachtúlacht seo a thomhas, b'fhéidir go ndéanfadh tÚO na rudaí seo a leanas:**

Athbhreithniú ar spriocanna/torthaí a bhfuiltear ag súil leo → Na tuairiscí agus na moltaí deiridh a eisiúint, ar chóir iad a chur san áireamh i PPFanna amach anseo → Soláthar a chur ar fáil do scoileanna, amhail acmhainní, comhairle, oiliúint srl...

B'fhéidir go gcaithfidh an CSC an **plean cúraim sláinte** a nuashonrú/athbhreithniú, le soláthar céim 2 ón ÚO a bheith tráthúil agus freagrúil d'aon riachtanas athraitheach. Seans go mbeidh an soláthar le coigeartú le freagairt ar:

Riachtanais leighis an pháiste/an duine óig atá ag athrú → Cumais an pháiste/an duine óig atá ag forbairt → Drochtheagmhais chriticiúla/shuntasacha

*Má léiríonn an páiste/duine óg neamhspleáchas méadaithe i mbainistiú a gcúraim, mar shampla, mar atá léirithe sa phlean cúram sláinte don duine aonair, laghdaítear an leithdháileadh cistithe ón ÚO de réir a chéile.* Rachaidh go leor daltaí ar aghaidh trí sholáthar chéim 2 agus i ndiaidh tréimhse tacaíochta, ní bheidh an soláthar seachtrach de dhíth a thuilleadh ó fhoireann 'áitiúil' tacaíochta RSO an ÚO nó ISCS, agus rachaidh siad ar ais go céim 1 den Chód Cleachtais.

I gcás nach raibh tionchar ag soláthar chéim 2 ach ar éigean, agus go bhfuil riachtanais an pháiste/an duine óig go fóill suntasach/casta, agus nach raibh tionchar ach ar éigean ar a bhfoghlaim/a gcumas le rochtain a fháil ar an churaclam go héifeachtach, beidh cur chuige níos déine de dhíth. Is féidir smaoineamh ar iarratas a dhéanamh ar mheasúnú reachtúil ag céim 2. Agus an tÚO ag machnamh an mbeadh sé fóirsteanach measúnú reachtúil a dhéanamh agus, ba cheart don scoil PPF an pháiste a chur i bhfeidhm, agus ba cheart monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh air.

**Féach fosta Sreabhchairteacha agus Seicliostaí na Roinne Oideachais:** [Flowcharts and Checklists]

# Céim 3 - Soláthar Speisialta Oideachais

## Sainaithint



Nuair a dhéantar iarratas ar mheasúnú reachtúil, agus an toradh air sin ná go n-eisíonn an tÚO **ráiteas ar riachtanais speisialta oideachais**, sainaithneofar go bhfuil an páiste/an duine óg ag céim 3 den Chód Cleachtais.

**Táscairí riachtanas -** nuair a léiríonn fianaise ó Chleachtóirí Sláinte Comhghaolmhara/ISCS:

- Tá deacrachtaí an pháiste/an duine óig suntasach agus/nó casta agus/nó tá níos mó ná ceann amháin ann
- B'fhéidir go bhfuil sé ag cur isteach ar a chumas an pháiste/an duine óig le bheith rannpháirteach i ngníomhaíochta ranga ar leith agus/nó i ngnéithe eile de shaol na scoile
- B'fhéidir go gcuirfidh riachtanais choirp/leighis isteach ar an dul chun cinn a dhéanann siad i dtaca le forbairt oideachais, shóisialta nó mhothúchánach
- Níor riar na bearta fóirsteanacha córasacha a rinne an scoil agus saineolaithe seachtracha ar riachtanais an pháiste/an duine óig
- Tá soláthar speisialta oideachais sa bhreis de dhíth, nach féidir a chur ar fáil leis na hacmhainní a bhíonn ar fáil i scoileanna príomhshrutha de ghnáth.



## Pleanáil agus Gníomhú



Déantar an PPF a nuashonrú lena thaifeadadh go bhfuil an páiste/an duine óg anois ag céim 3. Ba chóir don PPF:

- ábhar an ráitis a léiriú
- a bheith bunaithe ar chuspóirí an tsoláthair speisialta oideachais.
- soláthar ar bith ón ÚO/ISCS a chur san áireamh agus
- ná soláthar breise nó leasuithe a dhéantar ar an churaclam a chur san áireamh, de réir mar atá siad miondealaithe i roinn a trí den ráiteas.

**Thiocfadh leis na rudaí seo a leanas a bheith san áireamh leis na straitéisí agus soláthar:**

- Na **pleananna** agus na **gníomhartha** atá ar fáil ó sholáthar seachtrach le cur leis an tsoláthar speisialta oideachais a dhéanann an scoil, agus moladh ar bith atá sa Ráiteas ar Riachtanais Speisialta Oideachais san áireamh.
- Ba chóir go mbeadh na sainriachtanais don pháiste/duine óg leagtha amach sa ráiteas RSO.
- Taifeadfar i gCéim 3 an dlúth-rannpháirtíocht leanúnach tÚO, Gairmithe Sláinte Leighis/Comhghaolmhara, agus an scoil.
- Tuismitheoirí/cúramóirí le freastal ar chruinnithe rialta le foireann na scoile agus saineolaithe ar bith atá i gceist, ag cur deis ar fáil le heolas a roinnt agus cur chuige seasmhach comhtháirgiúil a fhorbairt
- Comhairle, oiliúint, treoir lorgtha ó SIRSO (Riachtanais Leighis) agus/nó ón ISCS ach iad a iarraidh
- Tacaíocht le rochtain a fháil ar an churaclam ón chúntóir ranga RSO ainmnithe nó roinnte más gá

**Measúnú Riosca/Oiliúint Bainistithe Riosca**

Moltar go leanfaidh an scoil nó go gcuirfidh siad i bhfeidhm Measúnú Riosca cuí agus Plean Bainistíochta Riosca atá leordhóthanach, dírithe ag an fhoireann ar an tsuíomh nó an riosca ar leith.

Bainfidh foireann na scoile úsáid as an eolas sa phlean atá curtha ar fáil ag na gairmithe cúraim sláinte le heolas a dhéanamh don Phlean Bainistíochta Riosca.

## Monatóireacht, Meastóireacht agus Athbhreithniú

Ag céim 3, tá ráiteas ar Riachtanais Speisialta Oideachais ag an pháiste/an duine óg. Leanfar de chur i bhfeidhm an PPF agus tá sé ag brath ar mhonatóireacht, meastóireacht, agus athbhreithniú rialta. Beidh an PPF mar bhonn faoin eolas oideachais le tacú le heolas a dhéanamh don athbhreithniú bhliantúil ar an ráiteas Tá an scoil go fóill freagrach as foghlaim laethúil an pháiste, ag roinnt na freagrachta leis an ÚO agus, nuair is cuí, leis an Iontaobhas SCS.

**PPF**

**Tá monatóireacht leanúnach ar PPF an pháiste/an duine óig de dhíth lena dhul chun cinn a shocrú i dtaca leis na torthaí a bhaint amach don duine aonair. Sa mheastóireacht agus san athbhreithniú ar an PPF, ba chóir go ndéanfar machnamh ar:**

- **Éifeachtúlacht na straitéisí**
- **Tionchar an tsoláthair/na soláthar**
- **Eolas nua nó tosca atá ar eolas anois**
- **Cinnteoidh na próisis mheastóireachta agus athbhreithnithe seo go bhfuil soláthar ón ÚO tráthúil agus freagrúil i dtaca leis an riachtanas/na riachtanais atá ag athrú.**

→

**Athbhreithniú Bliantúil**

**Déanfar athbhreithniú ar an ráiteas ar riachtanais oideachais le dul chun cinn an pháiste/an duine óig a shocrú. Le hionchur ó ghairmithe oideachais agus/nó Gairmithe Sláinte Leighis/Comhghaolmhara, déantar éifeachtúlacht na straitéisí, tionchar na n-idirghabhálacha roimhe seo, eolas nó tosca nua a roinnt, lena chinntiú go bhfuil an ráiteas ar riachtanais oideachais ag freastal ar riachtanais an pháiste/an duine óig. Is féidir comhairle agus treoir a lorg fosta ó** SIRSO (Riachtanais Leighis)

→

**Barúlacha an Pháiste/an Duine Óig & Tuismitheoir(í)**

**Beidh ionchur agus barúlacha an pháiste/an duine óig agus an tuismitheora/na dtuismitheoirí lárnach sa phróiseas monatóireachta, meastóireachta agus athbhreithnithe.**

Ba chóir an plean cúraim sláinte a athbhreithniú agus a leasú más gá le freagairt ar:

- riachtanais leighis an pháiste/an duine óig atá ag athrú
- cumais an pháiste/an duine óig atá ag forbairt
- drochtheagmhais chriticiúla/shuntasacha

Naisc agus acmhainní úsáideacha: ***https://send.eani.org.uk/support-services/medical-needs/useful-resources-and-links***

**Féach fosta Sreabhchairteacha agus Seicliostaí na Roinne Oideachais:** Flowcharts and Checklists

# Uathachas

Riachtanais Shóisialta, Iompraíochta, Mhothúchánacha agus Folláine agus/nó Urlabhra, Teanga agus Chumarsáide a bhaineann le hUathachas

An Fhreagairt Ghrádaithe



# Uathachas

**Téarmaíocht:**

Aithnítear go bhfuil roghanna éagsúla in úsáid i dtaca leis na téarmaí agus an teanga a bhaineann leis an uathachas. Is téarma foirmiúil diagnóiseach é Neamhord de chuid Speictream an Uathachais (NSU), ach déanfaidh muidne tagairt don téarma “Uathachas” sa cháipéis seo.
Chomh maith leis sin, athraíonn roghanna maidir le féin-shainaithint, agus is fearr le roinnt daoine ‘duine nó paiste uathach’ agus is fearr le daoine eile ‘duine a bhfuil uathachas air’. Dar leis an National Autistic Society (2024), is fearr le tromlach na ndaoine uathacha teanga “sainiúlacht ar dtús” agus amharcann siad ar an uathachas mar chuid lárnach thábhachtach dá sainiúlacht. Mar sin de, baintear úsáid as an dá leagan sa cháipéis seo. De réir Straitéis an Uathachais Thuaisceart Éireann (2023 – 2028) agus treoirlínte NICE (nuashonraithe 2021), is í an téarmaíocht atá in úsáid sa doiciméad seo ná ‘páiste nó duine óg uathach’ nó ‘páiste nó duine óg a bhfuil uathachas air’.

Is iad ár ndaltaí uathacha cumasacha a chruthaigh an saothar ealaíne ar fad sa roinn seo cruthaithe go sciliúil agus taispeánadh ar dtús é sa Taispeántas Ealaíne ‘Creative Voices: What autism means to me’, ar taispeáint in áiteanna éagsúla ar fud Thuaisceart Éireann. Gabhann muid ár mbuíochas ó chroí leis na daltaí a cheadaigh go fial a gcuid saothair a chuimsiú sa doiciméad seo, rud a d’ardaigh guthanna agus léirithe ealaíne ár bpobail uathachais.




Saothar ealaíne le Emma

***tagraíonn an téarma ‘scoileanna’ do gach scoil agus suíomh oideachais príomhshrutha.**
***tagraíonn an téarma ‘tuismitheoirí’ do gach tuismitheoir/cúramóir agus caomhnóir**

# Uathachas

"*Autism is a lifelong, developmental disability which affects how people communicate and interact with the world*" (National Autistic Society, 2024, lch 1) Úsáidtear an téarma 'diad laguithe' le cur síos a dhéanamh ar dhá réimse difríochta a tharlaíonn ag an am chéanna i bpáistí/daoine óga uathacha. Is é atá sa 'diad' ná na critéir dhiagnóiseacha don uathachas agus tá sé comhdhéanta de dhifríochtaí in idirchaidreamh sóisialta agus cumarsáid, agus iompraíochtaí atriallacha agus srianta, lena n-áirítear mothálachtaí céadfacha. D'fhéadfadh tionchar a bheith ag na riachtanais seo ar scileanna sóisialta an pháiste/duine óig uathaigh, i dtaca le caidrimh a dhéanamh agus a choinneáil leo siúd thart orthu, agus i dtaca le mothúcháin a thuiscint agus a chur in iúl go cuí i gcásanna éagsúla. Corruair, d'fhéadfadh sé go mbeadh scileanna sóisialta ag an pháiste/duine óg atá neamhaibí go sóisialta de réir piaraí den aois chéanna. Thiocfadh le roinnt páistí/daoine óga a gcuid mothúchán a eismheánú, agus thiocfadh daoine eile a gcuid mothúchán a inmheánú agus d'fhéadfaí é seo a léiriú trí iompar. Mar shampla, iompraíochtaí imní a léiriú, daoine a bheith seachanta, iompraíochtaí féindochracha srl. Is gá dúinn a chuimhneamh gurb ionann gach iompraíocht a léirítear agus cumarsáid. Má leanann na hiompraíochtaí seo ar aghaidh, ar feadh tamall fada, b'fhéidir go léireodh sé riachtanas a bhfuil tacaíocht de dhíth air.

Ba cheart go mbeadh deis ag tuismitheoirí agus ag foireann na scoile a bheith ag obair le chéile le riachtanais athraitheacha an pháiste/duine óig a shainaithint m.sh. idirchaidreamh sóisialta, tinreamh, iompraíocht, srl. agus mar chúiteamh, **freagairt ghrádaithe** a chur i bhfeidhm le tacú leo. An fhoireann **ar fad** atá freagrach as riar ar na riachtanais seo i scoileanna.

**Tabhair fá deara: Ba chóir don Chomhordaitheoir RSO/Comhordaitheoir Tacaíochta Foghlama agus múinteoirí a bheith beacht agus iad ag cinneadh an bhfuil RSO bainteach fosta ag dalta a bhfuil diagnóis leighis NSU aige agus níor cheart ach iad siúd a bhfuil soláthar speisialta oideachais de dhíth orthu a thaifeadadh ar an chlár RSO. Má bhaineann Riachtanais Shóisialta, Iompraíochta, Mhothúchánacha agus Folláine agus/nó Urlabhra, Teanga agus Cumarsáide an pháiste/duine óig le diagnóis leighis ar nós uathachais, agus go bhfuil tionchar suntasach ag riachtanais an pháiste/duine óig ar rochtain ar an churaclam, ba chóir an dalta a thaifeadadh mar RSO sa chatagóir seo, chomh maith lena dhiagnóis a thaifeadadh ar an Chlár Leighis.**



**Nasc úsáideach de chuid an ISCS: Seirbhísí Uathachais do Phaistí agus Daoine Óga**


| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Iontaobhas Bhéal Feirste | Iontaobhas an Deiscirt | Iontaobhas an Tuaiscirt | Iontaobhas an Iarthair | Iontaobhas an Iardheiscirt |

# Próiseáil chéadfach

Próiseáil chéadfach is ea an dóigh a n-úsáideann muid an fhaisnéis a sholáthraíonn na céadfaí uilig taobh istigh dár gcorp agus ónár dtimpeallachtaí. Cuidíonn ár gcéadfaí linn freagairt do mhothúcháin m.sh. bainfidh muid an geansaí olla tochasach dínn nó b'fhéidir go nglacfaidh muid anáil dhomhain leis na bláthanna a bholú. Seans go mbeidh ar pháistí/daoine óga a bhfuil dúshláin phróiseála céadfaí acu, áfach, ag obair níos crua le tuiscint a fháil ar cad atá ag tarlú taobh istigh agus taobh amuigh dá gcorp. Seans go mbeidh sé doiligh acu tuartha a dhéanamh maidir le hionchur céadfach.

"I'm sensitive to sounds. Loud sounds. Sudden sounds. Worse yet, loud, and sudden sounds I don't expect. Worst of all, loud and sudden sounds I do expect but cannot control - a common problem in people with autism. Balloons terrified me as a child because I didn't know when they were going to pop. ..... I've heard a lot of people with autism say that if they can initiate the sound, they're more likely to be able to tolerate it. The same is true if they know the sound is coming". Temple Grandin (2014)

Is féidir le difríochtaí céadfacha dul i bhfeidhm ar gharspriocanna fisiciúla ar nós an leithreas a úsáid agus forbairt itheacháin. B'fhéidir go n-ardóidh siad seo imní do pháistí/daoine óga agus agus dóibh siúd a thugann aire dóibh. Mar sin de, b'fhéidir go mbeadh sé deacair ag páistí/daoine óga ar a bhfuil uathachas a chur in iúl cad é mar a mhothaíonn siad agus b'fhéidir go mbeadh sé deacair orthu spreagthaí céadfacha a bhíonn ag athrú i gcónaí a phróiseáil i ndomhan atá saoithiúil.





Saothar Ealaíne: - Sensory Overload like a 'static TV' le Asher

## Samplaí de Dhifríochtaí Céadfacha

| | | | |
|---|---|---|---|
| Rófhreagrúlacht nó tearcfhreagrúlacht neamhghnách ar spreagthaí céadfacha m.sh. tadhall nó trup a bhfuil tionchar acu ar ghnáthimeachtaí nó gníomhaíochtaí m.sh. sa phroinnteach. | D'fhéadfadh comharthaí a bheith ann go bhfuil moill ar chomhordú lámh/súl agus/nó scileanna mínluaileacha/oll-luaileacha nó go dtaispeánfadh sé gluaiseachtaí neamhghnácha coirp ar nós croitheadh, siúl ar na méara coise, ticeanna, nó staidiúir neamhghnách. | Píoca:- Substaintí a shantú nó a chogaint nach bhfuil aon luach cothaitheach acu, amhail oighear, cré, ithir nó páipéar | D'fhéadfadh siad freagairtí céadfacha neamhghnácha ar an timpeallacht a léiriú nuair a bhíonn siad faoi strus níos airde. |

Is gá do gach ball foirne scoile coigeartuithe a dhéanamh a chuireann ar chumas páistí/daoine óga ní amháin déileáil agus feidhmiú i dtimpeallachtaí nach féidir a thuar, ach fosta le ligean dóibh sult a bhaint as an scoil agus barr a gcumais a bhaint amach. Tá a lán coigeartuithe réasúnta saor. Is iad athruithe cleachtais agus feasacht ar roghanna agus stíleanna foghlama éagsúla a dhéanann difear mór, chan trealamh costasach nó foireann bhreise a sholáthar.



SAOTHAR EALÍNE LE SPOOKY

## Oiriúnaithe Timpeallachta


I gcás roinnt paistí/daoine óga, b'fhéidir gurb é an éiginnteacht agus an dothuarthacht a chuireann tús le ró-ualach céadfach. D'fhéadfaí iarracht a dhéanamh timpeallacht na scoile a chur in oiriúint leis an éiginnteacht seo a laghdú trí:

- Bheith ag smaoineamh ar aistrithe le linn an lae scoile le ró-ualach céadfach a sheachaint m.sh. ligean don dalta an rang a fhágáil ar dtús/ar deireadh le dorchlaí gnóthacha nó seomraí cótaí a sheachaint
- Áit chiúin, gan aon rud ag cur isteach, a thabhairt isteach sa seomra ranga fá choinne obair aonair
- Suíochán an dalta a choigeartú sa rang m.sh. ag amharc ar an mhúinteoir, ar shiúil ó áiteanna gnóthacha callánacha amhail an doirteal, an seomra cótaí, nó an cófra acmhainní
- Ag cinntiú go bhfuil radharc soiléir ag daltaí ar an mhúinteoir le leideanna neamhbhriathartha a thabhairt fá deara
- Gnáthaimh a úsáid le hintuarthacht a mhéadú agus struchtúr a sholáthar
- Áit/áiteanna oibre aonair a thabhairt isteach a mhionathraítear don dalta m.sh. chiúin/gan mórán rudaí le cur isteach, áiseanna amhairc, córas ciseán oibre
- Áiteanna le 'scíth a ligean'/sosanna gluaiseachta/áiteanna faoisimh a sholáthar le cuidiú le rialú mothúchánach (féinrialú agus comhrialú)
- Oiriúnuithe cuí a dhéanamh do dhaltaí ag am lóin
- Cinnte a dhéanamh nach bhfuil seomraí ranga trína chéile agus nach bhfuil mórán décor ná taispeántas balla
- Oiriúnuithe ar an éide scoile, sosanna gasta ó rudaí a chruthaíonn strus m.sh. tionól, níos mó ama le hathrú don Chorpoideachas, éide Coirpoideachais a chaitheamh ar laethanta nuair atá Corpoideachas agat srl.


**Is féidir le Seirbhísí Teiripe Páistí (TUAT, TS, agus TS na gcéadfaí) tú a threorú chuig acmhainní, ábhar, agus oiliúint.**



## Sainaithint - Riachtanais Shóisialta, Iompraíochta, Mhothúchánacha agus Folláine (SIMF) & Uathachas




Agus muid ag obair le paistí agus daoine óga uathacha a bhfuil Riachtanais Shóisialta, Iompraíochta, Mhothúchánach agus Folláine (SIMF) agus/nó Urlabhra, Teanga agus Cumarsáide (RUTC) acu, tá aitheantóirí, pleananna agus gníomhartha coitianta a bhaineann leis na riachtanais seo.





Saothar ealaíne le Asher

**D'fhéadfadh páiste/duine óg uathach a bhfuil riachtanais Shóisialta, Iompraíochta, Mhothúchánach agus Folláine (SIMF) aige na hiompraíochtaí seo a leanas a léiriú.**

- Féinscoite nó scoite amach ó thimpeallacht na scoile
- Deacrachtaí maidir le tinreamh ar scoil
- Dúshláin i dtaca le rudaí a roinnt agus sealaíocht a dhéanamh
- Dúshláin lena gcuid mothúchán a chur in iúl agus deacrachtaí mothúchánacha a chur in iúl m.sh. caointeach nó feargach
- Dúshláin le haird ar choinneáil sa ghearrthéarma
- Dearbhú nó athdhearbhú a lorg ó dhaoine fásta agus/nó piaraí go rómhinic
- Cúlánta agus seachantach
- Dúshláin maidir le hionchais shóisialta a thuiscint
- Dúshláin maidir le rialacha sláinte agus sábháilteachta a thuiscint
- Iompraíocht féindíobhálach (IFB)
- Dúshláin maidir le feidhm feidhmiúcháin, mar shampla, drocheagrú
- Dúshláin le cairdeas a choinneáil nó go leor cairde i ngrúpa a láimhseáil
- Easpa féinmheasa

## Sainaithint - Riachtanais Urlabhra, Teanga agus Chumarsáide (RUTC) & Uathachas




Thiocfadh dó go mbeadh difríochtaí ann maidir le páistí agus daoine óga uathacha ó thaobh cumarsáid shóisialta de; tá sé tábhachtach a aithint, áfach, gur dócha nach ionann na difríochtaí seo do gach duine.





Saothar ealaíne le Beth

**B'fhéidir go léireodh páiste/duine óg uathach a bhfuil Riachtanais Urlabhra, Teanga agus Chumarsáide (RUTC) aige na rudaí seo a leanas:**

- Deacrachtaí maidir le teanga agus treoracha ó bhéal a phróiseáil
- Tacaíocht de dhíth nuair a thagann athrú ar ghnáthaimh
- Tuiscint litriúil ar theanga
- Is gá dó na rudaí ceánna a dhéanamh ar an dóigh chéanna agus is fearr i bhfad leis na gnáthaimh chéanna
- Iompraíochtaí seachanta nuair a chuirtear tascanna nó cásanna i láthair lena n-áirítear obair nó súgradh le daoine eile
- Leideanna breise/leideanna eile de dhíth gníomhaíochtaí laethúla agus tascanna foghlama a dhéanamh
- Dúshláin ann maidir le bheith mar chuid de ghrúpa gan tacaíocht nó struchtúr breise
- Dúshláin maidir le ciall a bhaint as idirchaidrimh shóisialta
- Dúshláin maidir le cumarsáid neamhbhriathartha a úsáid agus a thuiscint, amhail amharc sa tsúil, comharthaí coirp agus gothaí.

## Pleanáil & Gníomhú




Más rud é nach ndéanann páiste nó duine óg an dul chun cinn a rabhthas ag súil leis, mar an chéad fhreagairt, ba chóir teagasc ar ardchaighdeán/oiriúnaitheach a chur i bhfeidhm atá dírithe ar an riachtanas/na riachtanais atá aige, agus ba chóir smaoineamh ar choigeartuithe réasúnta sa timpeallacht foghlama/na coigeartuithe sin a chur i bhfeidhm.


Ba chóir do scoileanna athbhreithnithe rialta ar dhul chun cinn na bpáistí/na ndaoine óga ar fad i dtaca le cumarsáid a chur ar fáil don tuismitheoir/na tuismitheoirí. Ba chóir go leanfadh sé seo timthriall measúnaithe uilescoile le gnóthachtáil agus dul chun cinn an pháiste/duine óig a athbhreithniú. Ba chóir go mbeadh an chumarsáid le tuismitheoirí oscailte agus furasta, ag tógáil iontaoibhe agus muiníne, sa dóigh is go mbeidh tuismitheoirí ábalta eolas tábhachtach a roinnt fá shaol an pháiste/duine óig sa bhaile ar nós imeachtaí suntasacha.

Spreagtar scoileanna le leas a bhaint as cláir oiliúna SPDÓ ar líne, na deiseanna foghlama gairmiúla agus an chomhairle agus treoir atá ar fáil saor in aisce tríd na Foirne Áitiúla TIONCHAIR de chuid an ÚO.




Saothar ealaíne le May

## Pleanáil & Gníomhú





**Ba chóir go mbeadh Pleanáil agus Gníomhú ina chur chuige comhroinnte le foireann na scoile agus go mbeadh na rudaí seo a leanas i gceist leis:**

- Clár oiliúna AAIS ar líne a chríochnú agus na straitéisí ón chlár a chur i bhfeidhm
- Monatóireacht leanúnach ar an tsoláthar atá i bhfeidhm don pháiste/duine óg ag múinteoirí ranga/ábhair
- Láidreachtaí agus suimeanna an pháiste/duine óig a aithint agus leas a bhaint astu
- Difreáil a dhéanamh ar an churaclam de réir luais, leibhéil nó torthaí m.sh. scafall, níos lú ceisteanna, nótaí réamhphriontáilte srl
- Difreáil a dhéanamh ar thascanna agus obair bhaile le freastal ar riachtanais agus cumas na bpáistí/na ndaoine óga
- Cur chuige uilescoile a fhorbairt le paistí/daoine óga a theagasc fá rialú mothúchánach (Nasc chuig oiliúint fán Zón Rialaithe)
- Úsáid **sheasmhach** a bhaint as áiseanna amhairc taobh istigh den tseomra ranga lena n-áirítear cláir ama amhairc agus sceidil suite i limistéar atá sofheicthe don pháiste/duine óg
- Pleananna suíochán taobh istigh den tseomra ranga m.sh. ag an tosach nó in aice le doras
- Gnáthaimh laethúla a bhunú, ag cinntiú go gcuirtear an timpeallacht foghlama i láthair ó thaobh amhairc de, agus go bhfuil na ceachtanna struchtúrtha agus soiléir
- An páiste/duine óg a ullmhú roimh ré le haghaidh athraithe, maidir le hamharc, scríobh nó labhairt. Cuideoidh úsáid na n-áiseanna amhairc le neamhspleáchas a fhorbairt agus déanfaidh sé daoine a theagasc ó amharc fá athrú, m.sh. amchláir amhairc, achoimre ar na tascanna
- Má dhéantar suimeanna na bpáistí/daoine óga a chomhtháthú sa lá is féidir cuidiú le paistí/daoine óga a spreagadh agus a bheith páirteach i dtasc foghlama. Is féidir suimeanna a úsáid fosta mar uirlis suaimhnithe, scíthe agus mar spreagthaí
- Rochtain ar amadóir amhairc agus áiseanna le tacú le haistriú amhail spot-amadóir nó amadóir digiteach
- Moladh agus duaiseanna úsáideacha fiúntacha

# Soláthar Oideachais Uilescoile - Uathachas

## Pleanáil & Gníomhú




**Ba chóir go mbeadh Pleanáil agus Gníomhú ina chur chuige comhroinnte le foireann na scoile agus go mbeadh na rudaí seo a leanas i gceist leis:**


- Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 den oiliúint AAIS ar líne a chríochnú
- Feasacht agus glacadh maidir leis an uathachas a chur chun cinn taobh istigh de phobal na scoile m.sh. Oiliúint Glactha Piaraí
- Teagmháil **dhearfach** rialta le tuismitheoirí trí mhodh bunaithe, m.sh. leabhar teagmhála, comhráite laethúla leis an fhoireann, ríomhphost
- Úsáid a bhaint as leabhráin aistrithe/scéalta sóisialta le cuidiú le bogadh idir eochairchéimeanna/athrú scoile/athrú ranga srl.
- Córas tacaíochta a chur ar bun do pháistí/daoine óga taobh istigh den tseomra ranga, sa chlós súgartha, amanna neamhstruchtúrtha, más cuí m.sh. grúpa tacaíochta cairde
- Aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna mothúchánacha agus sóisialta ag leibhéal uilescoile m.sh. forbairt phearsanta, tionóil, rang foirme
- Áit thiomnaithe sa scoil fá choinne amanna neamhstruchtúrtha sa lá scoile nó nuair a bhíonn sos de dhíth
- Feasacht na foirne a ardú ar na difríochtaí idir páistí agus daoine óga uathacha agus na dúshláin a bhíonn rompu

**Acmhainní agus eolas úsáideach eile:**

- An tÚdarás Oideachais
- Middletown Centre for Autism
- Autism NI
- National Autistic Society
- RISE NI (go dtí deireadh R4)



## Pleanáil & Gníomhú





**Agus straitéisí á gcur i bhfeidhm ag leibhéal uileshuímh/ranga, lean den mhonatóireacht agus meastóireacht leis na heochaircheisteanna seo**

- **Cad é atá ag dul go maith?**
- **Cad é atá ag cuidiú?**
- **Cad é nach bhfuil ag dul go maith?**
- **Cad é a chuideodh?**

**I measc na bpleananna agus na ngníomhartha breise le tacú le paiste/duine óg uathach a bhfuil riachtanais Shóisialta, Iompraíochta, Mhothúchánach agus Folláine (SIMF) aige, tá:**

- Úsáid a bhaint as straitéisí díghéaraithe agus teicnící comhrialaithe
- Bealaí eile cumarsáide a thairiscint m.sh. cártaí “time out” agus/nó leideanna neamhbhriathartha
- Spreagadh le freastal ar chlub ag amanna neamhstruchtúrtha m.sh. club lóin, club i réimse sainspéise srl.
- Úsáid a bhaint as bréagáin “fidget” nó áiseanna céadfacha
- Úsáid a bhaint as comhráite “Comic Strip” le tacaíocht amhairc a thabhairt agus le cuidiú le tuiscint a fháil ar chás áirithe sóisialta
- Bealaí eile le hobair a chríochnú sa rang curtha san áireamh – úsáid TFC, tarraingt, rólimirt srl.
- Sosanna céadfacha agus gluaiseachta atá sceidealaithe isteach sa chlár ama – Nasc Oiliúna
- Ag smaoineamh ar choigeartuithe i dtimpeallacht na scoile uile m.sh. pasanna ceaintín, pas dorchla, Pas Gluaiseachta, Pas “Chill Out”
- An páiste/duine óg a ullmhú roimh ré maidir le hathrú agus roghanna eile a thairiscint. Is féidir Scéalta Sóisialta a úsáid le cuidiú le páistí/daoine óga a ullmhú le haghaidh athruithe/imeachtaí/gníomhaíochtaí/turais srl.
- Aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna mothúchánacha agus sóisialta ag leibhéal uilescoile m.sh. forbairt phearsanta, tionóil, rang foirme
- Teagasc cás-bhunaithe ag leibhéal an ranga iomláin lena n-áirítear teagasc an ranga iomláin maidir le heachtraí a d’fhéadfadh a bheith ann
- Cúiseanna/strus a laghdú i dtimpeallacht na scoile, m.sh. bogadh thart fán scoil ag am eile, dul chuig an cheaintín níos luaithe, spás ciúin ag am sosa srl
- Úsáid struchtúir fhisiciúil agus teagaisc struchtúrtha le cuidiú le feidhmiú feidhmiúcháin agus imní a laghdú

## Pleanáil & Gníomhú





**Agus straitéisí á gcur i bhfeidhm ag leibhéal uileshuímh/ranga, lean den mhonatóireacht agus meastóireacht leis na heochaircheisteanna seo**

- **Cad é atá ag dul go maith?**
- **Cad é atá ag cuidiú?**
- **Cad é nach bhfuil ag dul go maith?**
- **Cad é a chuideodh?**

**I measc na bpleananna agus na ngníomhartha breise le tacú le páiste/duine óg uathach a bhfuil riachtanais urlabhra, teanga agus cumarsáide (RUTC) aige, tá:**

- Treoracha a choinneáil soiléir agus simplí
- Am a thabhairt le rudaí a phróiseáil sula ndeir tú na treoracha arís. Cuimhnigh ar an riail 10 soicind agus tabhair am don pháiste/duine óg freagra a thabhairt.
- Treoracha amhairc a úsáid. Mar shampla, úsáid sceidil amhairc, córas oibre, agus leideanna le meabhrúcháin ar ghnáthaimh a chur ar fáil, mar shampla leithreas a úsáid, lámha a ní, tasc a thosú
- Úsáid straitéisí amhairc, ar nós Scéalta Sóisialta, Mapáil Iompraíochta Sóisialta agus Comhráite 'Comic Strip' le cuidiú leis an pháiste/duine óg tuiscint a fháil ar an dóigh a mothaíonn daoine eile i gcás sóisialta ar leith
- Bealaí eile a thabhairt le cumarsáid a dhéanamh Mar shampla, pas 'Chill out' nó córais amhairc a úsáid le cuidiú a iarraidh
- Cláir uilescoile nó grúpa a chur ar fáil, le tuiscint shóisialta agus scileanna sóisialta a fhorbairt
- Clubanna uilescoile a chur ar bun ag am sosa agus am lóin. Mar shampla, Club Lego nó clubanna i réimsí suime na ndaltaí
- Deiseanna tacaíochta a sholáthar do dhaoine fásta le linn amanna sóisialta, m.sh. clubanna, aithris ar iompar sóisialta agus teanga na ndaoine fásta, córais cairde a fhorbairt
- Tacaíocht a sholáthar do réiteach fadhbanna idirphearsanta le teanntás agus scileanna idirbheartaíochta a chur chun cinn m.sh. trí thábhacht choibhneasta na bhfadhbanna a rangú, tacaíochtaí amhairc le mothúcháin a chur in iúl, comhráite 'comic strip'
- Searbhas, meafair, nó nathanna cainte a sheachaint
- Ionchais ar leith a chur ar fáil trí úsáid a bhaint as teanga dhearfach, m.sh. cad é atá le déanamh seachas cad é nach bhfuil le déanamh
- Spreagadh leanúnach an pháiste/duine óig lena gcuid smaointe agus tuairimí a roinnt leis an fhoireann agus/nó le piaraí, nuair is cuí.
- An curaclam a dhifreáil trí chur i láthair chomh maith le comhthéacs, m.sh. píosaí cuí oibre

## Monatóireacht, Meastóireacht & Athbhreithniú




Agus tionchar an tsoláthair oideachais uilescoile á mheas, cuimhneofar ar mhonatóireacht an mhúinteora, mar shampla, breathnóireachtaí, measúnuithe agus breithiúnas gairmiúil mar aon le barúlacha an pháiste/an duine óig agus a dtuismitheoirí.

Ba chóir d’fhoireann na scoile athbhreithniú rialta tráthúla a chur ar fáil sa dóigh is go dtig leis an pháiste/an duine óg, tuismitheoirí agus liachleachtóirí/cleachtóirí sláinte comhghaolmhara (más gá) plé a dhéanamh ar an fhoghlaim agus an soláthar cuí a aontú. Thiocfadh dó go mbeadh sé seo mar chuid de phróisis leanúnacha na scoile i dtaca le monatóireacht, meastóireacht agus athbhreithniú.

**Má lorgaítear barúlacha ó achan duine atá páirteach, agus má fhaightear freagra ar na heochaircheisteanna seo, cuideofar le pleanáil amach anseo:**

- Cad é atá ag dul go maith?
- Cad é nach bhfuil ag dul go maith?
- Cad é atá ag cuidiú?
- Cad é a chuideodh níos mó?


**Féach fosta Sreabhchairteacha agus Seicliostaí na Roinne Oideachais le cuidiú leis an phróiseas.**

[Flowcharts and Checklists]



# Céim 1 - Soláthar Speisialta Oideachais - Uathachas

## Sainaithint (féach fosta leibhéal uilescoile)



I roinnt cásanna, sainaithnítear go bhfuil Riachtanas Speisialta Oideachais ag an pháiste/an duine óg uathach, agus go bhfuil **soláthar breise, nó soláthar difriúil** de dhíth air i gcomparáid leo siúd atá ar comhaois leis. Más amhlaidh atá, ba chóir an páiste/duine óg a chur ar chlár RSO na scoile ag céim 1, i gcomhar leis na tuismitheoirí. Cuirfear Plean Pearsanta Foghlama (PPF) i bhfeidhm don pháiste/duine óg.

Bainfidh an scoil úsáid as a **mapa soláthair** leis na straitéisí/soláthair chéim 1 atá ar fáil le cuidiú leis an pháiste/an duine óg a shainaithint.


**In ainneoin an tsoláthair uilescoile agus na gcoigeartuithe réasúnta, b'fhéidir go léireodh páiste/duine óg uathach a bhfuil riachtanais Shóisialta Iompraíochta Mhothúchánacha agus Folláine (SIMF) agus/nó urlabhra, teanga agus cumarsáide (RUTC) aige na rudaí seo a leanas:**

- Deacrachtaí ag leanúint treoracha ó dhaoine fásta/bheith féintreoraithe
- Próifíl bhiorach idir aois na forbartha agus aois chróineolaíoch
- Bailbhe roghnach
- Dúshláin agus iad mar chuid de ghrúpa gan tacaíocht nó struchtúr breise
- Bheadh sé dúshlánach tascanna a thosú gan tacaíocht bhreise
- Dúshláin maidir le foghlaim fhoirmiúil
- Dúshláin maidir le athruithe ar ghnáthaimh
- Rannpháirtíocht agus rannchuidiú i ngníomhaíochtaí ranga a sheachaint i gcónaí
- Diagnóisí taobh lena chéile agus/nó riachtanais bhreise
- Diagnóisí taobh lena chéile agus/nó riachtanais bhreiseMéadú ar iompar steiréitipiciúil a léiriú (croitheadh na lámh, fliceáil na méara, luascadh, trupanna scornúlacha, srl)
- Rudaí a cheilt (iarrachtaí comhfhiosacha nó neamhchomhfhiosacha tréithe agus iompraíochtaí uathacha ar leith a chosc i gcásanna sóisialta) agus rudaí a fholú (an próiseas ina ndéanann daoine uathacha a n-iompraíochtaí nádúrtha sóisialta a athrú le deileáil leis an tsaol shóisialta agus le tionchar a imirt air, saol atá néaraitipiciúil den chuid is mó (nach bhfuil uathach).

**Ba chóir na táscairí seo a úsáid taobh leo siúd atá liostaithe i roinn uilescoile na cáipéise seo**

# Céim 1 - Soláthar Speisialta Oideachais - Uathachas

## Sainaithint (Féach fosta leibhéal uilescoile)



**Táscairí breise do pháiste/duine óg uathach a bhfuil riachtanais Shóisialta, Iompraíochta, Mhothúchánacha agus Folláine aige (SIMF):**

- B'fhéidir go léiríonn sé iompraíochtaí seachanta m.sh ag iarraidh imeacht ón rang, ag teacht chuig an rang go mall, ag titim ina chodladh
- B'fhéidir go léiríonn sé iompraíochtaí ar ábhar imní iad i dtaca le cairdeas a choinneáil beag beann ar na hiarmhairtí
- B'fhéidir go léiríonn sé iompraíochtaí ar ábhar imní shábháilteachta iad
- B'fhéidir go mbíonn níos mó dúshlán acu maidir le tinreamh scoile / seachaint scoile

**Ba chóir na táscairí seo a úsáid taobh leo siúd atá liostaithe i roinn uilescoile na cáipéise seo**


**I measc na dtáscairí breise do pháiste/duine óg uathach a bhfuil riachtanais urlabhra, teanga agus cumarsáide aige (RUTC), tá:**

- A bheith an-litriúil sa chiall a mbaineann siad as cásanna agus teanga
- Dúshláin a bheith acu le páirt a ghlacadh i ngrúpaí gan tacaíocht bhreise
- Iompraíochtaí seachanta a léiriú nuair a thugtar tascanna nó cásanna dóibh, obair nó súgradh le daoine eile mar shampla
- A bheith thar a bheith féintreoraithe agus léiríonn siad deacrachtaí ag leanúint treoracha ó dhaoine fásta
- Léiríonn siad dúshláin maidir le próiseáil teanga
- Dúshláin ag dul i mbun gníomhaíochtaí gan leideanna breise ó dhaoine fásta



# Céim 1 - Soláthar Speisialta Oideachais - Uathachas

## Pleanáil & Gníomhú (féach fosta leibhéaluilescoile)




Ullmhaítear **Plean Pearsanta Foghlama (PPF)** leis an chatagóir (nó na catagóirí) RSO a léiriú, scríobhtar torthaí le soláthar agus straitéisí le tacú leis an pháiste/an duine óg ag céim 1 den Chód Cleachtais a chur san áireamh.

**Chomh maith leis na straitéisí a chuirtear i bhfeidhm ag leibhéal uilescoile, thiocfadh dó go mbeadh na rudaí seo a leanas i gceist le straitéisí agus soláthair ag Céim 1:**


- Múinteoirí ranga/ábhair ag dul i mbun plé agus ag pleanáil le Comhordaitheoir RSO/CTF na scoile le torthaí ar leith a aontú mar atá leagtha amach sa PFP atá nasctha le riachtana(is) an pháiste/an duine óig, a fhaigheann tacaíocht ó sholáthar chéim 1 mar atá leagtha amach i mapa soláthair na scoile
- Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 den oiliúint AAIS ar líne a chríochnú agus riachtanais eile oiliúna don fhoireann a shainaithint agus a chríochnú, agus na straitéisí cuí a chur i bhfeidhm ar bhonn seasmhach
- Láidreachtaí agus suimeanna an pháiste/duine óig a shainaithint agus leas a bhaint astu
- Níos mó tacaíochta le linn amanna neamhstruchtúrtha sa lá scoile, obair bhaile, clubanna am sosa/am lóin
- Cuir chuige solúbtha maidir le pleanáil curaclaim uilescoile m.sh. gníomhaíocht amháin i ngrúpa beag in aghaidh an tseisiúin, pleanáilte agus déanta ag am cuí ag leibhéal forbartha an pháiste/duine óig nó idirghabháil spriocdhírithe le freastal ar na riachtanais chéadfacha a chuirtear a léirítear
- Tacaíocht/am breise le socrú isteach sa tsuíomh le tacaíochtaí amhairc
- Tacaíocht bhreise le linn obair ghrúpa i gceachtanna trí acmhainní agus torthaí a dhifreáil
- Rannpháirtíocht fhoireann na scoile, an pháiste/an duine óig agus a dtuismitheoir(í) i monatóireacht, meastóireacht agus athbhreithniú ar riachtanais an pháiste/duine óig
- Measúnú Riosca agus Plean Gníomhaíochta um Laghdú Riosca i bhfeidhm, más gá.

# Céim 1 - Soláthar Speisialta Oideachais - Uathachas

## Pleanáil & Gníomhú (féach fosta leibhéaluilescoile)



- Méadú ar an difreáil agus an úsáid a bhaintear as coigeartuithe réasúnta le rochtain ar an churaclam a chinntiú agus méadú ar dheiseanna foghlama neamhspleácha
- Cinnte a dhéanamh go ndéantar pleanáil chúramach ar aistrithe agus go dtacaítear leo - Oiliúint aistrithe: EA's CYPS Transition Programme.
- A bheith in ann rochtain a fháil ar áit shábháilte réamh-shainaitheanta i dtimpeallacht na scoile, fá choinne rialú mothúchánach. Tá sé tábhachtach a chinntiú go mbíonn spás sábháilte ar fáil i gcónaí - seomraí oiliúna céadfaí AAISNasc úsáideach:
- Nasc chuig acmhainn úsáideach: Acmhainní céadfacha Middletown


A Resource for schools to support children who have or may have Special Educational Needs

Chapter: Anxiety and Autism

Author: Middletown Centre for Autism


Date: June 2020

- Acmhainn do scoileanna le tacú le páistí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu, nó a mb'fhéidir go bhfuil Caibidil: Anxiety and Autism Údar: Middletown Centre for Autism Date: Meitheamh 2020 (Ctrl & cliceáil ar an íomhá)

**I measc na bpleananna agus na ngníomhartha breise le tacú le páiste/duine óg uathach a bhfuil riachtanais Shóisialta, Mhothúchánacha, Iompraíochta agus Folláine aige ag céim 1, tá:**

- Teagasc soiléir agus atreisiú maidir le gnáthaimh ranga seanbhunaithe, lena n-áirítear aithris agus íomhánna le tacú leo
- Méadú ar dheiseanna, lena n-áirítear tacaíocht aonair agus/nó i ngrúpa beag, soláthraithe ag foireann na scoile m.sh. rialú mothúchánach nó scileanna sóisialta a theagasc
- Rochtain ar dhuine fásta tábhachtach ar scoil le seiceáil isteach go rialta leis an pháiste/duine óg le tacaíocht a fháil. Ní mór méid na seiceanna isteach a chinneadh de réir riachtanais an pháiste/duine óig m.sh. laethúil/seachtainiúil
- Difreáil ar an chlár ama agus ar an churaclam i gcomhaontú le tuismitheoirí
- Pleanáil sholúbtha le spásanna oibre malartacha a chur san áireamh, m.sh. stáisiún oibre don duine aonair
- Rochtain ar shosanna céadfacha agus gluaiseachta a chuirtear isteach i gclár ama an pháiste/duine óig níos minice. Ba chóir go mbeadh sé seo réamhghníomhach seachas frithghníomhach
- Breathnóireachtaí rialta déanta ag foireann na scoile le hamharc amach d'iompraíocht, patrúin, agus cúiseanna taobh istigh de thimpeallacht na scoile


## Pleanáil & Gníomhú (féach fosta leibhéaluilescoile)



**I measc na bpleananna agus na ngníomhartha breise le tacú le páiste uathach a bhfuil riachtanais urlabhra, teanga agus cumarsáide (RUTC) aige ag céim 1, tá:**


- Straitéisí a úsáid le tacú le páistí a roghanna a chur in iúl agus a dtuairimí a chur in iúl
- Cinnte a dhéanamh go bhfuil tús agus deireadh soiléir ag achan tasc.Is féidir tascanna a dheighilt agus iad a thairiscint céim ar chéim le tacú le tuiscint agus críochnú tascanna
- Rochtain ar rudaí tagartha, pictiúir, siombailí, nó an focal scríofa le cur lena dtuiscint
- Úsáid a bhaint as córais mhéadaithe cumarsáide. B'fhéidir go mbeadh córas cumarsáide amhairc de dhíth ar roinnt páistí ar nós PECS nó úsáid a bhaint as iPad. Nuair is gá, téigh i gcomhairle le seirbhísí ISCS.
- Deiseanna don rófhoghlaim. Príomhscileanna sóisialta agus stór focal a réamh-theagasc agus a theagasc arís
- Deiseanna a sholáthar d'aithris daoine fásta le scileanna a fhorbairt le bheith ag obair i ngrúpa
- Tacaíocht bhreise le linn obair ghrúpa i gceachtanna trí acmhainní agus torthaí a dhifreáil
- Is féidir seisiúin oiliúna Attention Autism a úsáid le tacú le forbairt na scileanna comh-airde
- Áit oibre gan aon rud ag cur isteach a sholáthar ina bhfuil spreagthaí amhairc teoranta
- Amchláir don duine aonair a sholáthar le tacú leis an pháiste nó an duine óg
- Réimse ábhar foghlama a fháil agus a fhorbairt, a thacaíonn le tuiscint ar an timpeallacht agus na tascanna atá leagtha. San áireamh leis seo, tá: amchlár amhairc, cláir roghanna, córas 'first/then', fráma scríbhneoireachta, agus leideanna amhairc

## Pleanáil & Gníomhú (féach fosta leibhéaluilescoile)



**I measc na bpleananna agus na ngníomhartha breise le tacú le páiste uathach a bhfuil riachtanais urlabhra, teanga agus cumarsáide (RUTC) aige ag céim 1, tá:**


- Tascanna a sholáthar atá soiléir ó thaobh amhairc de agus eagraithe, ba chóir go mbeadh tús, lár agus deireadh soiléir acu
- Cur chuige dian idirghníomhach a úsáid le caidrimh agus scileanna cumarsáide a thógáil go luath
- Córas oibre don duine aonair a fhorbairt le haird agus críochnú neamhspleách na dtascanna a chur chun cinn
- Deiseanna a sholáthar le scileanna saoil a fheabhsú m.sh. smailc a déanamh
- Rochtain ar an obair ar dtús agus ansin ar chóras spreagtha/súgartha
- Spás sábháilte a chur ar fáil don pháiste/duine óg lena bharúlacha a roinnt go hoscailte
- Deiseanna a fhorbairt fá choinne tacaíocht ó dhaoine fásta le linn amanna sóisialta, m.sh. clubanna, aithris ar dhaoine fásta i dtaca le hiompar sóisialta agus teanga, cairde súgartha a spreagadh




Saothar ealaíne le Sophie

# Céim 1 - Soláthar Speisialta Oideachais

## Monatóireacht, Meastóireacht & Athbhreithniú



B'fhéidir go mbeadh idirghabháil agus cuir chuige bhreise de dhíth ar roinnt páistí/daoine óga chomh maith lena bhfuil curtha ar fáil sa tsoláthar oideachais uilescoile, is féidir iad seo a chur ar fáil trí sholáthar speisialta oideachais na scoile ag **céim 1** den Chód Cleachtais. Leagtar amach sa Chód Cleachtais gur gá don scoil **monatóireacht, meastóireacht, agus athbhreithniú rialta** a dhéanamh ar an tsoláthar seo, i gcomhar leis an **pháiste/an duine óg (más cuí) agus a dtuismitheoirí**. Bainfidh an scoil úsáid as **Plean Pearsanta Foghlama** (PPF), ina leagfar amach an soláthar atá á úsáid ag an scoil leis an pháiste/an duine óg atá sa bhreis ar an tsoláthar atá á chur ar fáil ag leibhéal uilescoile. Tabharfar eolas ann fá na spriocanna atá beartaithe, agus ba chóir iad seo a rianú agus a athbhreithniú go rialta, ba chóir d'fhoireann na scoile é seo a dhéanamh **2 uair sa bhliain ar a laghad** i gcomhar leis an pháiste/an duine óg agus tuismitheoir(í).

**Agus athbhreithniú á dhéanamh agat, déan do mhachnamh:**

- Ar bhain an páiste/an duine óg na spriocanna a bhí leagtha amach dó?
- An raibh an soláthar éifeachtach?
- An raibh na straitéisí a cuireadh i bhfeidhm ábhartha agus fóirsteanach?
- An bhfuil dul chun cinn déanta ag an pháiste/duine óg?

**Cuideoidh an próiseas monatóireachta, meastóireachta agus athbhreithnithe seo leis na chéad chéimeanna eile a shainaithint i dtaca le foghlaim agus soláthar don pháiste/duine óg.**


Nuair atá dul chun cinn maith déanta aige, b'fhéidir go rachadh sé ar ais chuig an tsoláthar uilescoile agus go mbainfí a ainm de chlár RSO na scoile. I gcás nach ndéanann an páiste/an duine óg dul chun cinn ach ar éigean cé gur cuireadh réimse iomlán na straitéisí agus na gcur chuige i bhfeidhm i dtaca le mapa soláthair speisialta oideachas na scoile, is féidir smaoineamh ar iarratas a dhéanamh ar sholáthar seachtrach, **soláthar níos déine** ina gcuireann Foireann Áitiúil TIONCHAIR an ÚO agus/nó ISCS saintacaíocht ar fáil.

**Féach fosta Sreabhchairteacha agus Seicliostaí na Roinne Oideachais:**

[Flowcharts and Checklists](Flowcharts and Checklists)

# Soláthar Speisialta Oideachais - Céim 2 - Uathachas


## Sainaithint (féach fosta leibhéaluilescoile& céim 1)



**Chomh laith leis sin, d'fhéadfadh páiste/duine óg uathach a bhfuil riachtanais Shóisialta, Iompraíochta, Mhothúchánach agus Folláine (SIMF) aige na hiompraíochtaí seo a leanas a léiriú:**

- Iompraíochtaí atá ina n-ábhar imní go minic D'fhéadfadh tionchar a bheith ag na hiompraíochtaí ar a chumas le rochtain a fháil ar an churaclam agus ar ghnéithe sóisialta den fhoghlaim agus tionchar suntasach a bheith acu ar shláinte agus folláine mhothúchánach
- Dúshláin shuntasacha ag leanúint treoracha ó dhaoine fásta
- Iompraíochtaí seachanta m.sh ag iarraidh imeacht ón rang, ag teacht chuig an rang go mall, ag titim ina chodladh
- Dúshláin shuntasacha maidir le haird a choinneáil, fiú thar threimhsí gairide
- Dúshláin maidir le feidhm feidhmiúcháin, mar shampla, drocheagrú
- Iompraíochtaí ar ábhar imní shábháilteachta iad
- Níos mó dúshlán acu maidir le tinreamh scoile / seachaint scoile
- Iompraíochtaí ar ábhar imní iad i dtaca le cairdeas a choinneáil beag beann ar na hiarmhairtí
- Laghdú suntasach nó seachaint iomlán i dtaca le rannpháirtíocht agus ionchur i ngníomhaíochtaí ranga
- Méadú ar iompar steiréitipiciúil a léiriú (croitheadh na lámh, fliceáil na méara, luascadh, trupanna scornúlacha, srl)
- Rudaí a cheilt (iarrachtaí comhfhiosacha nó neamhchomhfhiosacha tréithe agus iompraíochtaí uathacha ar leith a chosc i gcásanna sóisialta) agus rudaí a fholú (an próiseas ina ndéanann daoine uathacha a n-iompraíochtaí nádúrtha sóisialta a athrú le deileáil leis an tsaol shóisialta agus le tionchar a imirt air, saol atá néaraitipiciúil den chuid is mó (nach bhfuil uathach).

## Sainaithint (féach fosta leibhéal uilescoile & céim 1)



**Chomh maith leis sin, b’fhéidir go léireodh páiste uathach a bhfuil Riachtanais Urlabhra, Teanga agus Chumarsáide (RUTC) aige na rudaí seo a leanas:**


- Iompraíochtaí a bhaineann le céim i bhfad níos ísle ó thaobh forbartha de i gcomparáid lena aois
- Srianta suntasacha i dtaca le tuiscint shóisialta, a bhfuil drochthionchar acu ar chaidrimh le daoine fásta agus/nó piaraí
- Tá siad litriúil sa dóigh a mbaineann siad ciall as cásanna sóisialta agus bíonn drochthionchar aige sin ar chaidrimh le daoine fásta agus/nó piaraí
- Dúshláin shuntasacha le ginchumas agus gabhchumas teanga




Saothar ealaíne le Orlaith Ryden

# Soláthar Speisialta Oideachais - Céim 2 - Uathachas

## Pleanáil & Gníomhú (féach fosta leibhéaluilescoile& céim 1)




Déantar an PPF a nuashonrú lena léiriú go bhfuil an páiste/an duine óg anois ag céim 2 agus ba chóir go dtaifeadfar an soláthar seachtrach atá á chur i bhfeidhm ann le cur leis an tsoláthar speisialta oideachais a chuireann an scoil ar fáil.

Ag céim 2, beidh dlúth-rannpháirtíocht idir foireann Áitiúil TIONCHAIR an ÚO agus an scoil. Fanfaidh an páiste ag céim 2 agus an scoil ag baint leas iomlán as an réimse straitéisí agus tacaíochtaí taobh istigh de mhapa soláthair speisialta oideachais na scoile, le tacaíocht ón ÚO le dul chun cinn a bhaint amach.

**Chomh maith leis na straitéisí a chuirtear i bhfeidhm ag leibhéal uilescoile agus céim 1, thiocfadh dó go bhfuil na rudaí seo a leanas i gceist leis na straitéisí agus na soláthair a chuirtear i bhfeidhm ag céim 2 don pháiste/duine óg a bhfuil riachtanais SIMF agus/nó RUTC aige:**

- Comhoibriú le Foireann Áitiúil TIONCHAIR an ÚO le torthaí PPF a fhorbairt agus straitéisí a chur i bhfeidhm le tacú leis an pháiste ag céim 2 den Chód Cleachtais.
- Measúnú Riosca agus Plean Gníomhaíochta um Laghdú Riosca a chur i bhfeidhm.
- Measúnú Feidhmiúcháin agus bailiú faisnéise le 'cúiseanna' na hiompraíochta' a shainaithint agus iarmhairtí a chothabháil, leis an timpeallacht a chur in oiriúint agus le scileanna a theagasc atá coibhéiseach ó thaobh feidhme
- Measúnú ar na riachtanais bhonnlíne agus seachadadh na hidirghabhála spriocdhírithe (don duine aonair/i ngrúpa beag) i réimse sainriachtanais atá sainaitheanta. Mar shampla, Zóin Rialaithe le haghaidh a thabhairt ar rialú mothúchánach, cláir scileanna sóisialta a mhúintear go sainráite, straitéisí féinrialaithe srl.
- Rannpháirtíocht fhoireann na scoile, an pháiste/duine óg agus a dtuismitheoir(í) i monatóireacht, meastóireacht agus athbhreithniú ar riachtanais an pháiste/duine óig ag baint úsáid as an PPF
- Clár oiliúna AAIS ar líne a chríochnú agus na straitéisí ón chlár a chur i bhfeidhm
- Oiliúint agus comhairle ar leith don fhoireann agus do thuismitheoirí/chúramóirí de réir mar a mholann speisialtóirí m.sh. ISCS - Teiripeoir Urlabhra agus Teanga, foireann ÚO
- Cruinnithe Ildisciplíneacha/Foirne Tacaíochta Ilghníomhaireachta
- Moil atá dírithe ar réitigh (samhail Farouk)


## Pleanáil & Gníomhú (féach fosta leibhéal uilescoile & céim 1)




Tacaíocht dhírithe don pháiste/duine óg ó Fhoireann Áitiúil TIONCHAIR an ÚO le cuidiú leis dul chun cinn a dhéanamh. Thiocfadh dó go mbeadh na nithe seo a leanas i gceist leis an tacaíocht seo:

- Comhairle agus treoir d'fhoireann na scoile agus/nó tuismitheoirí le cuidiú le cumas a thógáil
- Comhairle agus treoir ó shaineolaithe éagsúla nuair a shainaithnítear roinnt riachtanas/deacrachtaí ag tarlú ag an am chéanna
- Tacaíocht dhírithe
- Samhaltú na straitéisí tacaíochta atá le húsáid sa tseomra ranga

- Tacaíocht oiliúna dhírithe don scoil ó Fhoireann Áitiúil TIONCHAIR an ÚO le cuidiú leo freastal ar riachtana(i)s an pháiste/an duine óig nár sásaíodh
- Oiliúint agus comhairle dírithe ar an dalta don fhoireann agus do thuismitheoirí/chúramóirí de réir mar a mholann speisialtóirí m.sh. foireann ISCS, foireann ÚO srl.
- Úsáid a bhaint as modhanna struchtúrtha teagaisc le tacú leis an pháiste/duine óg



## Monatóireacht, Meastóireacht & Athbhreithniú



Ag céim 2 den Chód Cleachtais, beidh **dlúth-rannpháirtíocht** idir an **scoil** agus an **tseirbhís sheachtrach** (An tÚO/ISCS) atá ag tacú le riachtanas an pháiste/an duine óig nár sásaíodh. Tarlóidh an mhonatóireacht, an mheastóireacht agus an t-athbhreithniú a dhéanann an scoil ar an PPF i gcomhar leis an tseirbhís sheachtrach, agus cuirfear an páiste/an duine óg agus a dtuismitheoir(í) san áireamh. In éineacht lena chéile, déanfaidh siad cinntí eolacha ar éifeachtúlacht na hidirghabhála/an tsoláthair dhírithe atá i bhfeidhm. Tá sé tábhachtach gur follasach an chomhairle agus an treoir a chuireann na sainfhoirne taobh istigh d'fhoirne áitiúla TIONCHAIR an ÚO nó ISCS ar fáil i dtaca leis na torthaí agus na cuir chuige a úsáidtear i bpleanáil PPF don pháiste/duine óg.

Seans go mbeidh leibhéal, cineál nó déine an tsoláthair chéim 2 le hathrú le linn an phróisis seo má thagann riachtana(i)s nua nó níos coitianta chun cinn.

Cuideoidh dlúth-chomhoibriú idir an scoil agus foirne 'áitiúla' TIONCHAIR an ÚO agus/nó ISCS le socrú an bhfuil an soláthar éifeachtach nó an bhfuil sé le hathrú.

Rachaidh go leor páistí/daoine óga ar aghaidh trí sholáthar chéim 2 agus i ndiaidh tréimhse tacaíochta, ní bheidh an soláthar seachtrach de dhíth a thuilleadh ó Fhoirne Áitiúla TIONCHAIR an ÚO nó ISCS, agus rachaidh siad ar ais go céim 1 den Chód Cleachtais.


I gcás nach raibh tionchar ag soláthar chéim 2 ach ar éigean, agus go bhfuil riachtanais an pháiste/an duine óig go fóill suntasach/casta, agus nach raibh tionchar ach ar éigean ar a bhfoghlaim/a gcumas le rochtain a fháil ar an churaclam go héifeachtach, beidh cur chuige níos déine de dhíth. Is féidir smaoineamh ar iarratas a dhéanamh ar mheasúnú reachtúil ag céim 2. Agus an tÚO ag machnamh an mbeadh sé fóirsteanach measúnú reachtúil a dhéanamh agus, ba cheart don scoil PPF an pháiste/an duine óig a chur i bhfeidhm, agus ba cheart monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh air.

**Féach fosta Sreabhchairteacha agus Seicliostaí na Roinne Oideachais:**

Flowcharts and Checklists

# Soláthar Speisialta Oideachais - Céim 3 - Uathachas

## Sainaithint (féach fosta leibhéaluilescoile, céim 1 & céim 2)




Cé gur cuireadh cuir chuige sheasmhacha i bhfeidhm ag leibhéal uilescoile, céim 1 agus 2, bíonn deacrachtaí suntasacha ag an pháiste/duine óg go fóill maidir le rochtain a fháil ar an churaclam taobh istigh de thimpeallacht na scoile. B'fhéidir go dtabharfaidh foireann na scoile fá deara méadú leanúnach ar na deacrachtaí a bhíonn ag paiste/duine óg i dtimpeallacht na scoile, rud a chiallaíonn nach mbaintear amach torthaí chéim 2. Mar gheall air seo, tá an tuismitheoir i ndiaidh iarratas a dhéanamh ar mheasúnú reachtúil de riachtanais an pháiste/an duine óig. Nuair a dhéantar iarratas ar mheasúnú reachtúil, agus an toradh air sin ná go ndéanann an tÚO **ráiteas ar riachtanais speisialta oideachais**, sainaithneofar go bhfuil an páiste/an duine óg ag céim 3 den Chód Cleachtais.

**Thiocfadh leis na rudaí seo a leanas a bheith san áireamh le Táscairí breise riachtanas:**

- Deacrachtaí **suntasacha leanúnacha** atá soiléir ó mhonatóireacht agus athbhreithniú na scoile thar am, cé go bhfuil rochtain ar dheiseanna cuí tacaíochta, idirghabhálacha dírithe, agus freagairt ghrádaithe le tacú leis an pháiste/duine óg
- Méadú ar iompraíochtaí a théann i bhfeidhm ar a fhoghlaim agus a fholláine féin agus ar fhoghlaim agus folláine na ndaoine eile
- Easpa suime san fhoghlaim agus ina shuimeanna féin
- Iompraíochtaí a léiriú a théann i bhfeidhm ar a theagasc agus a fhoghlaim féin agus ar theagasc agus foghlaim agus na ndaoine eile
- Easpa spreagtha, easpa féintreoraithe, agus drochthionchar ar fhéinmheas
- Iompraíocht fhrithshóisialta taobh amuigh den scoil
- Baint le heagraíochtaí eile. Mar shampla, Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann (SPTÉ), Youth Justice, Child and Adolescent Mental Health Service (CAMHS)
- Méadú suntasach ar Sheachaint Scoile Bunaithe ar Mhothúcháin (SSBM)
- Deacrachtaí ag glacadh páirt i ngníomhaíochtaí ar bith nach luíonn isteach ina phlean féin
- Míshuaimhneas suntasach agus imní ard mar gheall ar athruithe, fiú athruithe a rabhthas ag súil leo
- Diagnóisí breise casta agus riachtanais bhreise
- Easpa feasachta nó gan aon fheasacht maidir le hiompraíochtaí a bhfuiltear ag súil leo go comhthéacsúil

# Soláthar Speisialta Oideachais - Céim 3 - Uathachas

## Sainaithint (féach fosta leibhéaluilescoile,céim 1 & céim 2)




- Seachaint scoile/ag diúltú dul ann
- Riachtanais chéadfacha a bhfuil tionchar suntasach acu ar an ghnáthshaol m.sh. seachaint, míshuaimhneas, nó éagumas le haird a dhíriú
- Caithfidh siad a bheith i gceannas, agus tá tionchar suntasach aige sin ar dhaoine eile
- Níl an páiste/duine óg ábalta rochtain a fháil ar an churaclam gan cuidiú suntasach ó dhuine fásta le tacú leo sa tseomra ranga.

**Chomh maith leis sin, b'fhéidir go léireodh páiste/duine óg uathach a bhfuil Riachtanais Urlabhra, Teanga agus Chumarsáide (RUTC) aige na rudaí seo a leanas:**

- Deacrachtaí suntasacha maidir le tuiscint i gcásanna agus foghlaim laethúla
- Deacrachtaí níos casta maidir le gabhchumas agus ginchumas teanga
- Lagú teanga a théann i bhfeidhm ar achan ghné den churaclam
- Cuma air go bhfuil sé cumasach go sóisialta ach tá easpa tuigbheála ann agus tá seans ann go ndéanfadh daoine eile é a dhúshaothrú
- Easpa teanga labhartha nó gan aon teanga labhartha, nó córas méadaithe cumarsáide de dhíth
- Moill shuntasach ar phróiseáil teanga agus spleáchas ar leideanna agus tacaíocht bhreise
- Easpa scileanna airde comhroinnte agus roinnte
- Ag brath cuid mhór ar leideanna

# Soláthar Speisialta Oideachais - Céim 3 - Uathachas

## Pleanáil & Gníomhú (féach fosta leibhéaluilescoile,céim 1 & céim 2)



Déantar an PPF a nuashonrú lena thaifeadadh go bhfuil an páiste anois ag céim 3 agus le hábhar an ráitis a léiriú i suíomh na spriocanna bunaithe ar chuspóirí an tsoláthair speisialta oideachais.

**Ba chóir go mbeadh Pleanáil agus Gníomhú ina chur chuige comhroinnte le foireann na scoile agus go mbeadh na rudaí seo a leanas i gceist leis ar bharr leibhéal uilescoile, céim 1 agus céim 2:**

Tacaíocht bhreise don scoil ó SMRA le cuidiú le hionchuimsiú don pháiste/duine óg sa dóigh is go mbeidh rochtain acu ar an churaclam. Déanfaidh SMRA an cineál tacaíochta a shonrú. Seo samplaí den tacaíocht seo:


- cúntóir ranga RSO ainmnithe nó roinnte más gá
- tacaíocht chúnaimh ghinearálta
- am breise teagaisc/trealamh breise

**Monatóireacht leanúnach ó mhúinteoirí ranga/ábhair agus an Comhordaitheoir RSO:**

- Timthriall leanúnach monatóireachta, meastóireachta agus athbhreithnithe ar an phlean foghlama pearsantaithe (PLP), rannpháirtíocht an pháiste/duine óig agus a thuismitheoirí san áireamh
- Oiliúint, comhairle agus treoir do chúntóirí maidir leis an dóigh is fearr le riar ar riachtanais áirithe an dalta
- Measúnú Riosca agus Plean Gníomhaíochta um Laghdú Riosca a chur i bhfeidhm agus monatóireacht rialta a dhéanamh orthu mas gá.
- Idirghabháil le heagraíochtaí eile a d’fhéadfadh a bheith ar an eolas fán pháiste/duine óg. Mar shampla, Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann (SPTÉ), Youth Justice, Child and Adolescent Mental Health Service (CAMHS)
- Cruinnithe FTID/ID le comhpháirtíocht a chinntiú leis an dalta, na tuismitheoirí agus leis na gairmithe ar fad a bhfuil baint acu leis an pháiste/duine óg.
- Idirghabháil dhírithe (don duine aonair/i ngrúpa beag) sna réimsí riachtanais atá sainaitheanta
- Comhairle, oiliúint, treoir lorgtha ó Fhoirne Áitiúla TIONCHAIR an ÚO ach iad a iarraidh

# Soláthar Speisialta Oideachais - Céim 3 - Uathachas

## Monatóireacht, Meastóireacht & Athbhreithniú



Ag Céim 3, tá ráiteas ar Riachtanais Speisialta Oideachais ag an pháiste/an duine óg. Leanfar de chur i bhfeidhm an PPF agus tá sé ag brath ar mhonatóireacht, meastóireacht, agus athbhreithniú rialta. Beidh an PPF mar bhonn faoin eolas oideachais le tacú le heolas a dhéanamh don athbhreithniú bhliantúil ar an ráiteas Tá an scoil go fóill freagrach as foghlaim laethúil an pháiste/an duine óig, ag roinnt na freagrachta leis an ÚO agus, nuair is cuí, leis an Iontaobhas SCS.

**Leanfaidh an páiste ar aghaidh ag céim 3 agus gheobhaidh sé tacaíocht go dtí go gcinnfidh an tÚO nár chóir an ráiteas a choinneáil ag dul.**

### PPF

Tá monatóireacht leanúnach ar PPF an pháiste/an duine óig de dhíth lena dhul chun cinn a shocrú i dtaca leis na torthaí a bhaint amach don duine aonair. Sa mheastóireacht agus san athbhreithniú ar an PPF, ba chóir go ndéanfar machnamh ar:

- Éifeachtúlacht na straitéisí
- Tionchar an tsoláthair
- Eolas nua nó tosca atá ar eolas anois
- Cinnteoidh na próisis mheastóireachta agus athbhreithnithe seo go bhfuil soláthar ón ÚO tráthúil agus freagrúil i dtaca leis na riachtanais atá ag athrú.

### Athbhreithniú Bliantúil

Déanfar athbhreithniú ar an ráiteas ar riachtanais oideachais le dul chun cinn an pháiste/an duine óig a shocrú. Le hionchur ó ghairmithe oideachais agus/nó gairmithe sláinte leighis/comhghaolmhara, déantar éifeachtúlacht na straitéisí, tionchar na n-idirghabhálacha roimhe seo, eolas nó tosca nua a roinnt, lena chinntiú go bhfuil an ráiteas ar riachtanais oideachais ag freastal ar riachtanais an pháiste/an duine óig.

### Barúlacha an Pháiste/an Duine Óig & Tuismitheoir(í)

Tá barúlacha an pháiste/an duine óig & tuismitheoir(í) lárnach sa phróiseas monatóireachta, meastóireachta agus athbhreithnithe.

# Barúlacha an Pháiste a Lorg

An Fhreagairt Ghrádaithe




ea Education Authority

# Intreoir

Is é aidhm na roinne seo ná cuidiú le scoileanna dea-chleachtas a fhorbairt maidir le héisteacht le barúlacha na bpáistí agus na ndaoine óga a bhfuil RSOM acu agus tacú leo a bheith rannpháirteach i gcinntí a dhéanamh a chuirfidh ar a gcumas iad a n-eispéireas oideachais féin a bhainistiú. Tugann sé isteach barúlacha agus rannpháirtíocht na bpáistí agus na ndaoine óga agus tá naisc agus tagairtí ann do threoir agus acmhainní níos cuimsithí a forbraíodh le blianta beaga anuas le tacú le scoileanna.

Ba chóir amharc ar bharúlacha an pháiste a lorg mar chuid lárnach den teagasc agus den fhoghlaim a bhaineann le gach gné de shaol oideachasúil an pháiste agus is cuid ríthábhachtach é den inniúlacht ghairmiúil a theagasc. 1

**Reachtaíocht agus Treoir Chúlra:**

Tá an tábhacht a bhaineann le barúlacha agus daoine óga a bhfuil RSOM acu a lorg, agus tacú lena rannpháirtíocht i gcinnteoireacht, tacaithe ag reachtaíocht agus treoir idirnáisiúnta agus intíre araon. Is iad an dá phíosa is ábhartha ná:




*Special Educational Needs and Disability Act (Northern Ireland) 2016 (legislation.gov.uk)*

Is é atá scríofa sa *SEND Act* (2016):

a) so far as reasonably practicable, **seek and have regard to the views of that child**;

b) have regard to -

i) the importance of the child **participating in decisions**; and

ii) the importance of that child being provided with the **information and support** necessary to enable participation in those decisions."




*Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh (CNACL)*

Is é atá scríofa in **Airteagal 12.1** ná "Parties shall assure to the child who is capable of forming his or her own views the right to express those views freely in all matters affecting the child, the views of the child being given due weight in accordance with the age and maturity of the child."

# Dréachtchód Cleachtais

Leagtar amach sa dréachtchód cleachtais an tábhacht atá le barúlacha an pháiste/an duine óig agus tacú le rannpháirtíocht.

*"seek and have regard to the views of individual children … to enable a particular child's participation in decisions that affect them."*

(Measúnú Reachtúil, dréachtchód cleachtais)

"where possible, pupils should be encouraged to provide their own account of their views, for example about their progress and any difficulties they have encountered."

(*Athbhreithniú Bliantúil ar Ráiteas, dreachtchód cleachtais*)

*"…schools should seek and listen to [children's] views about how they learn effectively…"*

*(Sainaithint, Measúnú agus Soláthar ó Scoileanna, dréachtchód cleachtais)*

"Inclusive schools have…clear strategies to seek and listen to the views of children to help inform how best to meet their needs."

*(Ionchuimsiú na bpáistí RSOM, dréachtchód cleachtais)*

*"Schools should take all reasonable efforts to ascertain the child's views about their strengths, learning difficulties and education…"*

*(Sainaithint, Measúnú agus Soláthar ó Scoileanna, dréachtchód cleachtais)*

"…encourage and help the child over compulsory school age to participate as fully as possible in the determination of what would be in the child's best interests."

*(Páistí thar aois éigeantach scoile, dréachtchód cleachtais)*

# Barúlacha na bPáistí agus na nDaoine Óga

Is féidir cur síos a dhéanamh air seo mar an ceart atá ag páistí/daoine óga:

- tuairimí a chur in iúl;
- a bheith rannpháirteach sa chinnteoireacht maidir lena n-oideachas; agus
- tacaíocht a fháil uathu siúd ar féidir leo tionchar a imirt ar chinntí.

| Thiocfadh le Páistí & Daoine Óga | Is féidir le Múinteoirí | Déanfaidh scoileanna |
|---|---|---|
| • mothú go bhfuil luach acu agus meas orthu<br>• freagracht agus úinéireacht a fhorbairt as a gcuid foghlama<br>• an caidreamh atá acu le foireann na scoile a neartú<br>• mothú cumasaithe agus go bhfuil tacaíocht acu | • léargas a fháil ar na rudaí a shíleann agus a mhothaíonn páistí agus daoine óga a bhfuil RSOM acu<br>• a gceachtanna a chur in oiriúint do riachtanais an pháiste<br>• straitéisí teagaisc a chur in oiriúint bunaithe ar a roghanna<br>• barúlacha na bpáistí agus na ndaoine óga a úsáid le cuidiú le hábhair imní a shainaithint ag céim níos luaithe | • éiteas scoile níos dearfaí agus níos ionchuimsithí a chruthú<br>• rannpháirtíocht níos fearr idir páistí agus daoine óga agus an fhoireann a fhorbairt<br>• aiseolas a úsáid le heispéireas atá ag teacht lena suimeanna a fhorbairt<br>• cultúr oscailteachta agus measa a chruthú |



# Modhanna le Barúlacha a Lorg:




Bíonn sé doiligh ag go leor paistí agus daoine óga, go háirithe iad siúd a bhfuil RSOM acu, a mbarúlacha a chur in iúl agus a bheith rannpháirteach i gcinntí a dhéanamh. Ba cheart do mhúinteoirí agus d'fhoireann tacaíochta oideachais eile cruthaitheacht, solúbthacht agus inoiriúnaitheacht a léiriú, ag baint úsáid as réimse modhanna traidisiúnta agus modhanna teicneolaíochta cúnta, agus barúlacha na bpáistí agus na ndaoine óga á lorg acu. Tá tábhacht ar leith leis seo nuair nach féidir na barúlacha a chur in iúl ó bhéal.

I **Roinn 4** de na treoirdhoiciméid don **Phlean Pearsanta Foghlama** Personal Learning Plan guidance documents (SFS ÚO Filltéan PPF) do Naíscoileanna, Bunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna, tá réimse straitéisí agus modhanna is féidir a úsáid le cuidiú le barúlacha na bpáistí agus na ndaoine óga a lorg. nasc






# Rannpháirtíocht na bPáistí agus na nDaoine Óga


Tógann ‘rannpháirtíocht’ ar an tsainmhíniú ar ‘barúil’. Chomh maith le héisteacht le smaointe agus mothúcháin an pháiste fá shaincheist ar leith, is é atá i gceist leis ná an chomhairle nó na hacmhainní riachtanacha a sholáthar dóibh lena chur ar chumas iad a scileanna a fhorbairt le bheith rannpháirteach i gcásanna ina bhfuil gá le cinntí a dhéanamh.

Is féidir le **samhlacha rannpháirtíochta** cuidiú le scoileanna an dóigh a dtugann siad páirt do pháistí agus daoine óga i gcinnteoireacht a shainaithint, iad siúd a bhfuil RSOM acu san áireamh, agus is féidir leo réimsí atá le feabhsú a aibhsiú.

I roinn na Nasc Úsáideach i ***leabhrán Bharúlacha an Pháiste*** ***Views of the Child Booklet*** thíos tá roinnt uirlisí agus straitéisí a d’fhéadfadh cuidiú lena chinntiú go bhfuil muid ag bailiú barúlacha an pháiste/duine óig agus ag tabhairt guth dóibh.


Tá sé tábhachtach straitéisí a mheaitseáil le láidreachtaí, spéiseanna agus cumarsáid, idirghníomhú agus leibhéal forbartha an pháiste/duine óig agus samhail na rannpháirtíochta á cinneadh.

## Hart (1992) Ladder of Participation




- Gan aon rannpháirtíocht
- Rannpháirtíocht pháirteach
- Rannpháirtíocht Iomlán

## Shier (2001) Pathways to Participation




- Oscailtí
- Deiseanna
- Oibleagáidí

## Lundy (2007) Model of Participation




- Spás
- Guth
- Lucht Éisteachta
- Tionchar

# Straitéisí agus Acmhainní le Tacú le Rannpháirtíocht

Tá liosta cuimsitheach de na huirlisí agus na straitéisí molta le tacú le rannpháirtíocht le fáil in *"Views of the Child Booklet"*, in Aguisín 7 (**Lch 38**). Tá naisc ann fosta chuig go leor acmhainní úsáideacha eile le cuidiú le tuairimí a fháil agus rannpháirtíocht na bpáistí agus na ndaoine óga a spreagadh.

Tá doiciméad samplach iniúchta sa leabhrán fosta le cuidiú le scoileanna socrú cá bhfuil siad maidir le barúlacha páistí agus daoine óga a lorg agus tacú le rannpháirtíocht i mbainistíocht RSOM (Aguisín 8, Lch. 42).



**Naisc Eile Úsáideacha:**

**highland-council-psychological-service-tools-for-gathering-the-views-of-children-and-young-people-may-2020.pdf (education.gov.scot) (liosta cuimsitheach straitéisí, lgh 5-16)**

**Involve Me: Treoir phraiticiúil (mencap.org.uk) (do pháistí agus daoine óga a bhfuil deacrachtaí trom agus iomadúla foghlama (DTIF))**

# Sainsoláthair Soláthar isteach Príomhshrutha Scoileanna

An Fhreagairt Ghrádaithe



Specialist Setting Support Team

ea Education Authority

# Cad is sainsoláthar ann?



**Cé dó a ndéantar Sainsoláthair?** Déantar SSSP den chuid is mó do pháistí agus daoine óga a bhfuil ráiteas ar riachtanas speisialta oideachais acu a thugann le fios gurb é an rud is fóirsteanaí ná sainteagasc i ngrúpa beag le freastal ar a gcuid riachtanas. Cuirfidh an tSeirbhís Measúnaithe Reachtúla agus Athbhreithnithe (SARS) socrúcháin ar fáil i gcomhar leis an scoil agus le tuismitheoirí. Riarann na soláthair seo ar dhaltaí a bhfuil réimse sainriachtanas oideachais acu, mar shampla, Riachtanais Chognaíocha agus Foghlama, Siondróm Down, Uathachas, Riachtanais Shóisialta, Iompraíochta agus Mhothúchánacha, Riachtanais Chasta leighis, agus Moill Forbartha Domhanda.

Déantar acmhainní a chur ar fáil do gach soláthar lena mhúinteoir lánaimseartha féin agus cúntóir(í) ranga lánaimseartha le leibhéal breise tacaíochta a chur ar fáil do dhaltaí ag brath ar riachtanais. Leanann daltaí Curaclam Thuaisceart Éireann ag leibhéal atá fóirsteanach dá riachtanais agus dá gcumais féin. Tá aistear oideachais gach páiste bunaithe ar mheasúnú riachtanas, lena n-áirítear comhairle ghairmiúil agus ionchur ón scoil, ó thuismitheoirí agus ó chúramóirí. Go háirithe, is gá smaoineamh go dáiríre fá bharúlacha na bpáistí agus na ndaoine óga.

Ar cheann de na príomhbhuntáistí a bhaineann le Soláthar Speisialaithe, tá an cumas le comhtháthú príomhshrutha na ndaltaí atá i Rang an tSoláthair Speisialaithe a éascú ar feadh tréimhsí ama de réir a bhforbartha agus gcumais. Is féidir leis an scoil úsáid a bhaint as an saineolas a fhorbraítear taobh istigh de shuíomh an tSoláthair Speisialaithe le tacú le daltaí príomhshrutha trí phiar-thacaíocht do mhúinteoirí nó trí dhaltaí príomhshrutha a chomhtháthú ar ais i suíomh tSoláthair Speisialaithe ar feadh tréimhsí gearra fá choinne tacaíocht spriocdhírithe.

Cliceáil ar an nasc chuig an fhíseáin le tuilleadh eolais a fháil ar achoimre Shainsoláthair.

# Cén tacaíocht atá ar fáil do Shainsoláthair?

Nuair a chuirtear sainsoláthair ar bun taobh istigh de scoil phríomhshrutha, tá sé thar a bheith tábhachtach go gcuirtear sainfhoghlaim agus tacaíocht ghairmiúil ardchaighdeáin ar fáil don fhoireann.

Specialist Setting Support Team

Is foireann réigiúnach ilseirbhíse í an Fhoireann Tacaíochta um Shuíomh Speisialaithe (FTSS) a chuireann tacaíocht chomhtháite ar fáil do shainsoláthair. Oibríonn foireann FTSS le scoileanna éagsúla le deiseanna foghlama gairmiúla, comhairle agus tacaíocht ar an talamh a chur ar fáil do cheannairí, do mhúinteoirí agus do chúntóirí ranga.

Tá an tsamhail deartha le cur le samhlacha reatha seachadta seirbhíse agus le cur chuige ceangailte a chinntiú ar fud seirbhísí an ÚO le tacaíocht do shuíomhanna a chuíchóiriú.

Bíonn an fhoireann ag obair i gcomhpháirt le seirbhísí atá ann cheana féin agus baineann muid leas as dea-chleachtas ó shuíomhanna bunaithe.

Cuirtear tacaíocht ar fáil roimh an tsainsholáthar nua a bhunú agus ina dhaidh, tacaíocht d’fhoireann na scoile agus do thuismitheoirí san áireamh chomh maith le tacaíocht speisialaithe do phaistí agus daoine óga.



# Cén tacaíocht atá ar fáil do Shainsoláthair?

Fá choinne tuilleadh eolais, cliceáil thíos:

[Ag Tacú le Sainsoláthair]

Tuilleadh eolais agus tacaíochta do scoileanna príomhshrutha ina bhfuil Sainsoláthar nó dóibh siúd atá ag iarraidh sainsoláthar nua a bhunú - cliceáil [anseo].

**Tacaíocht Nasctha**

Tabharfar Múinteoir Comhairleach do gach Sainsoláthar mar phointe teagmhála san fhoireann fá choinne tacaíochta, treoraithe, agus comhairle.

**Forbairt Foghlama Gairmiúla**

Tá clár cuimsitheach foghlama agus forbartha gairmiúla ar fáil, seachadta ag FTSS ar líne agus go pearsanta don cheannaireacht shinsearach, do mhúinteoirí, do chúntóirí ranga agus do thuismitheoirí ag gach céim (Luathbhlianta, Bunscoil agus Iar-bhunscoil), atá deartha le tacú le suíomhanna le curaclam agus measúnú, caighdeán an tsoláthair, forbairt foirne agus ceannaireacht.

Seans go ndéanfaidh múinteoirí Sainsoláthair sainfhoghlaim ghairmiúil





# An tSeirbhís Síceolaíochta Oideachais

An Fhreagairt Ghrádaithe



# An tSeirbhís Síceolaíochta Oideachais

Tugann an tSeirbhís Síceolaíochta Oideachais [*Educational Psychology Service*] (EPS) faoi réimse oibre atá dírithe ar dhul chun cinn, folláine shíceolaíoch agus ionchuimsiú na bpaistí agus na ndaoine óga a chur chun cinn.

Tacaíonn an EPS le páistí agus daoine óga, ó aois réamhscoile go dtí oideachas iar-bhunscoile, a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais (RSO) acu ag eascairt as deacrachtaí sna Catagóirí RSO seo a leanas:



- Cognaíocht agus Foghlaim (C&F)
- Sóisialta, Iompraíochta, Mothúchánach agus Folláine (SIMF)
- Riachtanais Urlabhra, Teanga agus Chumarsáide (RUTC)
- Céadfach (C)
- Riachtanais Choirp (RC)

Do pháistí ag aois an scoile agus páistí i suíomhanna reachtúla naíscoile, tagann iarratais ar rannpháirtíocht Síceolaíochta Oideachais ó scoil an pháiste. Do pháistí eile réamhscoile a bhfuil riachtanais chasta acu is é an EPS an pointe iontrála aonair isteach san ÚO agus comhaontaítear atreoruithe le linn triáise i gcomhairle le comhghleacaithe iontaobhais sláinte, go háirithe Péidiatraithe Comhairleacha.

Oibríonn Síceolaithe Oideachais i gcomhar le páistí agus daoine óga, tuismitheoirí/cúramóirí, foireann oideachais, comhghleacaithe ÚO agus daoine gairmiúla eile agus é mar aidhm acu athrú dearfach a dhéanamh do pháistí agus do dhaoine óga.


# Obair an tSíceolaí Oideachais

Ar aon líne leis an Fhreagairt Ghrádaithe, cuireann an EPS contanam tacaíochta ar fáil. Cuireann an EPS ionchur síceolaíoch ar fáil ag gach céim den Chód Cleachtais, a sheachadtar trí chroífheidhmeanna an SO.

Is féidir le SOí tacaíocht a chur ar fáil ag leibhéil éagsúla sa chóras ag brath ar chuspóir a rannpháirtíochta.

Thiocfadh le PO tacaíocht a chur ar fáil do:

- pháiste nó duine óg aonair
- ag leibhéal grúpa (le riar ar na riachtanais atá ag líon níos mó páistí agus acmhainn á thógáil)
- ag leibhéal uilescoile nó straitéiseach (ar nós oiliúint foirne agus obair forbartha, taighde gníomhartha agus obair tionscadal-bhunaithe).



### Comhairliúchán

Tá comhairliúchán éifeachtach, ag baint úsáid as creatlaí agus cuir chuige síceolaíochta a rinneadh go leor taighde orthu, ag croílár sheachadadh seirbhíse na Síceolaíochta Oideachais ag gach leibhéal den fhreagairt ghrádaithe. Tá sainoiliúint, sainscileanna agus saineolas ag Síceolaithe Oideachais is féidir leo a úsáid i gcomhar leis an fhoireann oideachais, tuismitheoirí/cúramóirí, páistí agus daoine óga agus daoine gairmiúla eile le torthaí dearfacha agus praiticiúla a bhaint amach.

Tá an múnla comhairliúcháin atá in úsáid ag an tSeirbhís Síceolaíochta Oideachais ag teacht go maith leis an timthriall sé chuid, **sainaithint, pleanáil, gníomhú, monatóireacht, meastóireacht, athbhreithniú (SPGMMA)** atá leagtha amach sa chreatlach Freagartha Grádaithe, mar tá múnla comhairliúcháin na SSO dírithe ar:

- Imscrúdú Comhpháirteach
- Fadhbréiteach comhpháirteach ag cur béim ar sheasamh 'dírithe ar réitigh'
- Comhphleanáil agus idirghabháil
- Comh-mheastóireacht, athbhreithniú agus machnamh



Seo a leanas roinnt bealaí a n-úsáideann SOí **comhairliúchán**:

- Páirt a ghlacadh i bplé pleanála agus comhairliúcháin le Comhordaitheoirí RSO agus le bainistíocht shinsearach na scoile
- Cur chuige comhairleach, réitithe fadhbanna a úsáid le tacú le cásobair le páistí agus le daoine óga.
- Comhairliúchán grúpa le heolas ón tsíceolaíocht a éascú le grúpaí foirne le cuidiú leo machnamh agus iniúchadh a dhéanamh ar an bhealach is fearr chun cinn maidir le saincheisteanna atá ina n-ábhar imní.
- Comhairliúchán agus comhoibriú le daoine gairmiúla eile taobh istigh den ÚO agus gníomhaireachtaí comhpháirtíochta, amhail foireann an Iontaobhais Sláinte le cuidiú le heolas a dhéanamh do chinnteoireacht maidir le páistí/daoine óga a bhfuil RSO acu.

# Seachadadh EPS i gcomhthéacs na Freagartha Grádaithe

**Measúnú agus Idirghabháil**

Is gnéithe lárnacha de sheachadadh seirbhíse EPS iad measúnú agus idirghabháil, a dhéantar le páistí agus daoine óga. Tarlaíonn **measúnú** de ghnáth  i ndiaidh comhairliúchán tosaigh nuair a chomhaontaítear go bhfuil réasúnaíocht shoiléir ann do mheasúnú SO.

Tógann measúnú SO ar an eolas atá ar fáil cheana féin agus tá sé bunaithe ar riachtanais an pháiste agus breithiúnas gairmiúil an SO.  D'fhéadfadh réimse gníomhaíochtaí a bheith i gceist le measúnú, mar shampla comhairliúchán síceolaíoch, breathnóireacht, tástáil shíciméadrach, bailiú faisnéise ó ghairmithe eile a bhfuil baint acu leis an pháiste, bailiú sonraí agus anailís trí sheicliostaí nó scálaí rátála agus obair dhíreach leis an pháiste nó an duine óg.

Tá dlúthcheangal idir measúnú ar pháistí agus daoine óga agus **idirghabháil** de bharr go dtagann réiteach síceolaíochta as an phróiseas measúnaithe a thugann eolas do mholtaí fán dóigh ar féidir cásanna a fheabhsú.



I ndiaidh measúnaithe agus ag brath ar an tacaíocht atá de dhíth, d'fhéadfadh baill foirne EPS tabhairt faoi idirghabháil a bhfuil teorainn ama leis le páiste nó duine óg, nó d'fhéadfadh siad straitéisí nó idirghabhálacha sonracha a mholadh a bheadh le seachadadh ag foireann na scoile le tacú le dul chun cinn.

D'fhéadfadh foireann EPS idirghabhálacha a sheachadadh, nó tacú le foireann na scoile iad a sheachadadh, ag leibhéal grúpa nó uileranga m.sh. le haghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna imní, le tacú le scileanna rialaithe mothúcháin nó le folláine shíceolaíoch a chur chun cinn.

Agus iad ag forbairt, ag seachadadh agus ag tabhairt comhairle maidir le hidirghabhálacha, tarraingíonn foireann an EPS ar eolas síceolaíochta, taithí agus cleachtas atá bunaithe ar fhianaise. D'fhéadfadh SOí leas a bhaint as cuir chuige teiripeacha síceolaíochta amhail teiripe chognaíoch iompraíochta nó cuir chuige gairid teiripe atá dírithe ar réitigh.  D'fhéadfadh foireann SO idirghabhálacha a chomhdhearadh le foireann na scoile agus daoine eile.

De réir an dea-chleachtais, agus i gcomhréir leis an fhreagairt ghrádaithe, cinnteoidh SOí go ndéanfar monatóireacht, meastóireacht agus athbhreithniú cuí ar thorthaí idirghabhála. I ngach gníomhaíocht mheasúnaithe agus idirghabhála, cloíonn Síceolaithe Oideachais leis an treoir a chuirtear ar fáil sa Chód Eitice agus Iompair, curtha ar fáil ag British Psychological Society (BPS) agus na Caighdeáin Chleachtais ón Health and Care Professions Council (HCPC).

# Oiliúint, Forbairt Foirne & Tógáil Acmhainne

D'fhéadfadh go mbeadh baint ag SOí le hoiliúint shaincheaptha nó forbairt foirne a fhorbairt agus a sheachadadh le haghaidh a thabhairt ar riachtanais oiliúna/forbartha a shainaithnítear trí phleanáil, plé agus comhairliúchán le scoileanna.

Ar aon dul leis an fhreagairt ghrádaithe, is féidir leis seo tacú le soláthar uilescoile, cleachtas ionchuimsitheach, teagasc ardchaighdeáin agus soláthar speisialta oideachais a sheachadann an scoil. Beidh oiliúint nó forbairt ar bith a chuireann an EPS ar fáil bunaithe ar theoiricí síceolaíochta agus fianaise ó thaighde:

**Samplaí den oiliúint atá ar fáil:**

- **Seachaint Scoile Bunaithe ar Mhothúcháin (SSBM)**
- **Gortú Inchinne Faighte**
- **Oiliúint Folláine d'Fhoireann na Scoile**

Trí thionscadail straitéiseacha, tá foirne de SOí bunaithe ag an EPS a oibríonn go dlúth le scoileanna speisialta, le suíomhanna cothúcháin agus le suíomhanna luathbhlianta le cuidiú le tógáil acmhainn na foirne le tacú le páistí a bhfuil riachtanais shuntasacha agus chasta acu.

**Taighde agus Forbairt Straitéiseach**

Réimse de chroí-obair na Seirbhíse Síceolaíochta Oideachais atá ag dul i méid is ea taighde, a chuireann leis an bhonn fianaise do chleachtas oideachais agus a dhéanann eolas do pholasaithe agus straitéisí.

Tá saineolas agus sainscileanna ag SOí i dtaca le dearadh agus anailís ar thaighde, agus tá siad oilte le seasamh criticiúil cuiditheach a ghlacadh i leith torthaí taighde.

Is féidir le Síceolaithe Oideachais tacú le scoileanna le straitéisí agus cuir chuige a mheas agus is féidir leo comhairle a chur ar fáil maidir le taighde agus idirghabhálacha agus straitéisí fianaisebhunaithe.



# Comhoibriú agus Obair Ildisciplíneach

Oibríonn SOí le daoine gairmiúla eile taobh istigh den ÚO agus gníomhaireachtaí comhpháirtíochta, amhail foireann an Iontaobhais Sláinte le cuidiú le heolas a dhéanamh do chinnteoireacht maidir le páistí/daoine óga a bhfuil RSO acu.



Ar aon dul le treoir an RO/an ÚO, tá ionadaíocht ó SOí (SOí sinsearacha nó príomh-SOí de ghnáth) riachtanach ar phainéil chinnteoireachta fá choinne:

- **Socrú Oideachais Lasmuigh den Scoil (OLDS) - bunscoil agus iar-bhunscoil**
- **Bunscolaíocht**
- **Socruithe Teagaisc Eisceachtúla (STE)**
- **Próiseas Chinnteoireachta don Mheasúnú Reachtúil (PCMR)**
- **Triáis Réamhscolaíochta**
- **Teanga & Soláthar Pobail**

Nascann ardbhainistíocht EPS le sruthanna oibre i dtaca le RSO.  Ag leibhéal straitéiseach, bíonn baint ag ardbhainistíocht EPS leis an Ghrúpa Chomhairleach Ghairmiúil Acadúil (APAG) faoi cheannas an RO.

# Gluais

A

**AAIS** - Autism Advisory Information Service

**AR Portal** - *Annual Review Portal*

B

**B –** Suíomh bunscolaíochta

**BG** - Bord Gobharnóirí

**BA –** Breacamharcach

**BRSOM -** Binse Riachtanas Speisialta Oideachais agus Míchumais

C

**CRSO** - Comhordaitheoir Riachtanais Speisialta Oideachais

**CR** - Cúntóir Ranga

**CBS -** Córas Bainistithe Scoile

**CC** - Cód Cleachtais

**COO** - An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna

**CTF** – Comhordaitheoir Tacaíochta Foghlama

**CR –** Coigeartuithe Réasúnta

**CoSCA** - Páistí thar aois éigeantach scoile (*Children over Compulsory School Age*)

**CSID -** *Communication and Social Interaction Difficulties*

D

**D** - Dall (*Blind*)

**DARS -** *Dispute Avoidance and Resolution Service*

**DDA -** *Disability Discrimination Act*

# Gluais

**DSC -** Dioscalcúile

**DSL –** Disléicse

**DMF** - Deacrachtaí Mothúchánacha agus Folláine

**DFM** - Deacrachtaí Foghlama Meánacha

**DSI -** Deacrachtaí Sóisialta agus Iompraíochta

**DTIF** - Deacrachtaí Troma agus Iomadúla Foghlama

**E**

**ESaGS** – Gach Scoil ina Scoil Mhaith (*Every School a Good School*)

**F**

**FTIG** - Foireann Tacaíochta Ilghníomhaireachtaí

**FG** - An Fhreagairt Ghrádaithe

**FAB -** An Fhoireann Ardbhainistíochta

**G**

**GDF -** Géardheacrachtaí Foghlama

**I**

**IB –** Iar-bhunscolaíocht

**ISCS** - Iontaobhas Sláinte agus Cúraim Shóisialta

**IFD -** Iompraíocht Fhíordhúshlánach a bhaineann le GDF

**L**

**LÉDT -** Lagú Éisteachta Dian/Trom

**LIC –** Lagú Ilchéadfach

# Gluais

M

**MR -** Measúnú Reachtúil

**MS** - Mapáil Soláthair

N

**NT -** Neamhord Teanga a bhaineann le fadhb bhithleighis idirdhealaitheach

**NFT -** Neamhord Forbartha Teanga

O

**OIS** - Oiliúint Inseirbhíse

**OLDS** - Oideachas Lasmuigh den scoil

P

**PODA –** Plean Oideachais don Duine Aonair

**PPF –** Plean Pearsanta Foghlama

R

**RO -** An Roinn Oideachais

**ROTÉ -** An Roinn Oideachais, Tuaisceart Éireann

**RS -** An Roinn Sláinte

**RC** - Riachtanais Choirp

**RSO -** Riachtanais Speisialta Oideachais

**RSOM -** Riachtanais Speisialta Oideachais agus Míchumas

S

**SOU** - Soláthar Oideachais Uilescoile

**SPGMMA** - Sainaithint, Pleanáil, Gníomhú, Monatóireacht, Meastóireacht & Athbhreithniú

# Gluais

### S

**SSO** - An tSeirbhís Síceolaíochta Oideachais

**SO** - Síceolaí Oideachais

**SENDO -** *Special Educational Needs and Disability Order*

**SIRSO -** Seirbhís Ionchuimsitheachta na Riachtanais Speisialta Oideachais

**SSO -** Soláthar Speisialta Oideachais

**SSO** - Síceolaí Sinsearach Oideachais

**SMF -** Sain-Mhíchumas Foghlama

### T

**TDC** - Treoracha maidir le Dea-Chleachtas

**TAC** - Teagasc ar Ardchaighdeán

**TI** – Taifead Imní

### U

**ÚO** - An tÚdarás Oideachais